EUROJUST
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2011

Foirgneamh Arc Eurojust

CLÁR AN ÁBHAIR

NÓTA MAIDIR LE CINNEADH EUROJUST 6

LIOSTA ACRAINMNEACHA 7

BROLLACH 8

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN 11

1 BEARTAÍOCHT OIBRIÚCHÁIN 13

1.1 Réamhrá 13
1.2 Obair Cásanna Eurojust maidir leis an gcomhar breithiúnach 13
1.2.1 Deacrachtaí agus an sárchleachtas maidir le hobair ar chásanna Eurojust 13
1.2.2 Cruinnithe Comhordúcháin 15
1.2.3 Lárionaid comhordúcháin 15
1.2.4 Airteagal 6 agus Airteagal 7 i gCinneadh Eurojust 17
1.2.5 Coinbhinsiúin maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach 19
1.2.6 Ceisteanna maidir le fianaise a bhailiú agus le hinghlacthacht fianaise 19
1.2.7 Coinbhleacht dlínse a sheachaint agus a réiteach 19
1.2.8 Imeachtaí faoin dlí coiriúil a aistriú 21
1.2.9 Taifid choiriúla a mhalartú 22
1.2.10 Barántais Gabhála Eorpacha (EAW) 23
1.2.11 Orduithe calcúcháin 26
1.2.12 Coigistiú agus aisghabháil sócmhainní 27
1.2.13 Seachadadh faoi rialú 28

1.3 An comhar breithiúnach maidir le réimsí coireachta tús áite 29
1.3.1 Sceimhlitheoireacht 29
1.3.2 Gáinneáil Drugaí 30
1.3.3 Gáinneáil ar dhaoine 31
1.3.4 Calaois 32
1.3.5 Éillitheoireacht 33
1.3.6 Cibearchoireacht 33
1.3.7 Sciúradh airgid 34
1.3.8 Bearta coireachta eagraithe eile 35
1.4 Meithleacha Imscrúdúcháin Chomhpháirteacha 37
1.5 Obair cásanna Eurojust a raibh baint ag an tríú Stát léi 41

2 CAIDREAMH LE FORAIS AGUS PÁIRTNÉIRÍ DE CHUID AN AE 45

2.1 Caidreamh idir forais 45
2.1.1 Parlaimint na hEorpa 45
2.1.2 Comhairle an Aontais Eorpaigh 45
2.1.3 An Coimisiún Eorpach 46
2.2 Líonraí lucht feidhme 46
2.2.1 An Gréasán Breithiúnach Eorpach 47
2.2.2 Rúnaíocht an Líonra JIT 47
2.2.3 Líonra maidir le Cinedhíothú 47
2.2.4 Líonra Oiliúint Bhreithiúnach na hEorpa 48
2.2.5 Fóram Comhairleach 48
2.3 Gníomhaireachtaí agus Eagraíochtaí de chuid an AE 49
2.3.1 Europol 49
2.3.2 OLAF 51
2.3.3 Frontex 52

2.3.4 CEPOL 52
2.3.5 Ceannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB 53
2.4 Caidreamh le forais taobh amuigh den AE 53

3 CINNEADH EUROJUST, AN TODHCHAÍ AGUS CORA NUA MAIDIR LE CÚRSAÍ RIARACHÁIN 55

3.1 Cinneadh ón gComhairle a chur i bhfeidhm 55
3.2 Tascfhórsa maidir le Eurojust sa Todhchaí 57
3.3 Cora nua maidir le cúrsaí riaracháin 58
3.4 Teacht an phobail ar dhoiciméid de chuid Eurojust 60

4 BEARTA MAR GHEALL AR CHONCLÚIDÍ NA COMHAIRLE 63

AGUISÍN 69

Figiúr 1 – Teacht chun cinn na gcásanna 2002-2011 69
Figiúr 2 – Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha 70
Figiúr 3 – Cásanna a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche 2003-2011 71
Figiúr 4 – Rangú ginearálta ar na cásanna 72
Figiúr 5 – Cineálacha coireachta tús áite i gcásanna Eurojust 73
Figiúr 6 – Cineálacha coireachta tús áite agus cineálacha eile coireachta i gcásanna Eurojust 74
Figiúr 7 – Cásanna Eurojust, na tíortha ónar tháinig na hiarratais 75
Figiúr 8 – Cásanna Eurojust, na tíortha lena ndearnadh na hiarratais 76
Figiúr 9 – Cásanna ar pléadh leo ag cruinnithe comhordúcháin 77
Figiúr 10 – Cruinnithe comhordúcháin, na tíortha ónar tháinig na hiarratais 78
Figiúr 11 – Cruinnithe comhordúcháin, na tíortha lena ndearnadh na hiarratais 79

Nóta maidir le Cinneadh Eurojust

Cinneadh Eurojust – An Cinneadh ón gComhairle ar an 28 Feabhra 2002 lenar cuireadh Eurojust ar bun d'fhonn treisiú leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí, arna leasú go deireadh leis an gCinneadh 2009/426/JHA ón gComhairle ar an 16 Nollaig 2008 maidir le treisiú le Eurojust, déantar tagairt dó sa tuarascáil seo le "Cinneadh Eurojust".

Tá leagan comhdhlúth de Chinneadh Eurojust, arna ullmhú ag Rúnaíocht Ghinearálta na Comhairle chun críche faisnéise amháin, ar fáil ón láithreán gréasáin ag Eurojust ag www.eurojust.europa.eu.

Liosta acrainmneacha

AWF ..... Comhad Oibre Anailíse
CEPOL ..... An Coláiste Eorpach Póilíneachta
CMS..... Córas Bainistíochta Cásanna
COSI ..... Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Intíre
EAW ..... Barántas Gabhála Eorpach
EIO ..... Ordú Imscrúdúcháin Eorpach
EJN ..... Líonra Breithiúnach Eorpach
ENCS ..... Córas Comhordúcháin Náisiúnta Eurojust
Frontex ..... An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh
JIT ..... Meitheal Imscrúdúcháin Chomhpháirteach
MLA..... Cúnamh dlíthiúil frithpháirteach
OCC..... Comhordúchán Glaodhualgais
OCTA..... Measúnacht ar Bhagairt ó Choireacht Eagraithe
OLAF ..... An Oifig Frith-Chalaoise Eorpach
TE-SAT ..... Staid agus Treocht maidir le Cúrsaí Sceimhlitheoireachta
THB..... Gáinneáil ar dhaoine

Brollach

Seo í an deichiú tuarascáil bhliantúil ó aonad an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomhar breithiúnach. Tháinig forbairt shuntasach i rith na bliana 2011 ar phríomhghnó Eurojust cuidiú leis an gcomhrac feidhmiúcháin in aghaidh na coireachta tromchúisí trasteorann. Cé nach raibh ann ach ardú beag i gcomparáid leis an mbliain 2010 ar líon na gcásanna a chuir na Ballstáit faoi bhráid Eurojust, bhí méadú suntasach ar an obair comhordúcháin a rinne Eurojust.

Tugtar saineolaithe de chuid Eurojust le chéile lena gcuid gcomhghleacaithe sna Ballstáit agus i gcomhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh ag cruinnithe comhordúcháin. Réitítear an bealach ag na cruinnithe sin don éifeachtacht i mbun cinntí a dhéanamh faoi tráth, faoin ionad agus faoin modh inar cheart an dlí a chur i bhfeidhm agus beart breithiúnach a dhéanamh in aghaidh ghrúpaí coireachta eagraithe maidir le cásanna trasteorann. Ba léir an tairbhe atá ag an lucht feidhme sna Ballstáit as na cruinnithe feidhmiúcháin seo ón méadú 40% a tháinig ar a líon i rith na bliana 2011. Ag an am céanna, is ábhar buartha gur comhartha sin freisin nach bhfuil aon fuarú tagtha ar an mbagairt ó choireacht trasteorann. Tharla den chéad uair gur pléadh ag na cruinnithe sin le bearta comhordúcháin maidir le líon ba mhó na 200 cás.

Tharla cor nua den suntas i rith na bliana 2011 maidir leis an gcruinniú comhordúcháin féin nuair a tugadh isteach an *lárionad* comhordúcháin. Ón tráth a socraítear ag cruinniú comhordúcháin ar bhearta oibriúcháin a dhéanamh sna Ballstáit ar lá faoi leith, bíonn saineolaithe Eurojust ar fáil anois i lárionad slán comhordúcháin chun comhairle a chur ar a gcuid comhghleacaithe sna Ballstáit agus san AE. De réir mar a thiteann an bheartaíocht amach ar an lá, bíonn siad in ann cúnamh a thabhairt le ceisteanna éagsúla, mar shampla inghlacthacht fianaise i ndlínsí éagsúla, agus Barántais Gabhála Eorpacha nó iarratais eile maidir le cúnamh breithiúnach a dhréachtadh. Chuir Eurojust seacht gcinn de lárionaid comhordúcháin ar bun i rith na bliana 2011 ag plé le cinéalacha éagsúla coireachta, idir an gháinneáil ar dhaoine, gháinneáil ar dhrugaí agus chalaois thromchúiseach. Baineadh an méid sin amach ainneoin nach bhfuil forálacha Chinneadh leasaithe Eurojust curtha i bhfeidhm go fóill i roinnt mhaith Ballstát.

Ba ghné thábhachtach eile den obair comhordúcháin ag Eurojust i rith na bliana 2011 na Meithleacha Imscrúdúcháin Chomhpháirteacha (JIT). Cé go gceaptaí ar dtús gur maorlathas ba mhó a bhain leo, glactar anois leis gur úsáideach an deis iad na meithleacha JIT sa chomhrac in aghaidh na coireachta trasteorann. Tá creatchóras ar fáil leo inar féidir leis an lucht feidhme as dlínsí éagsúla oibriú le chéile saor ó na deacrachtaí agus ó na cúiseanna moille a bhaineann leis na modhanna seanbhunaithe den chúnamh dlíthiúil frithpháirteach. Lonnaíodh Rúnaíocht Líonra na Meithleacha JIT in Eurojust i rith na bliana 2011. Bhí ionchúisitheoirí, breithiúna agus oifigigh póilíneachta de chuid Eurojust páirteach in timpeall is 30 meitheal in imeacht na bliana.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hinfrastruchtúr a chur ar fáil d'obair chomhordaithe. Thángthas ar chomhaontú idir an Ísiltír agus údaráis an AE go bhféadfaí dul ar aghaidh le foirgneamh nua do Eurojust. Fágfaidh sin go mbeidh an fhoireann ar fad in ann oibriú in éineacht in áit oibriú in dhá ionad éagsúla mar a dhéantar faoi láthair. Meastar go dtabharfar an obair thógála chun críche i rith na bliana 2015. Beidh de bhuntáiste breise leis an bhfoirgneamh nua go mbeidh Eurojust suite cóngarach do cheann de na heagraíochtaí de chuid an AE atá ar na príomhpháirtnéirí aige, Europol. Beidh sin ina léiriú lom ar an ngá atá le beartaíocht chomhordaithe i gcoinne na ngrúpaí coireachta atá ag bagairt ar shaoránaigh an AE.

Leantar i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2011 den bhéim a leagan ar chúrsaí oibriúcháin mar a rinneadh sna tuarascálacha roimhe seo. Tá súil agam go mbeidh tairbhe as an gcuntas a thugtar ar bheartaíocht Eurojust sa chomhrac in aghaidh na coireachta trasteorann.

ALED WILLIAMS
Uachtarán Eurojust

Coláiste Eurojust de Chomhaltaí Náisiúnta

In suí ó chlé go deas:
Elena Dinu, RO; Mariusz Skowroński, PL; Malči Gabrijelčič, SL; Gunars Bundzis, LV; Michèle Coninsx, BE, Leas-Uachtarán; Aled Williams, an RA, Uachtarán; Raivo Sepp, EE, Leas-Uachtarán; Ilona Lévai, HU; Lampros Patsavellas, EL; Donatella Frendo Dimech, MT; Juan Antonio García Jabaloy, ES

In seasamh ó chlé go deas:
Harri Tiesmaa, FI; Ingrid Maschl-Clausen, AT; Jesper Hjortenberg, DK; Francesco Lo Voi, IT; Laima Čekelienė, LT; Ladislav Hamran, SK; Carlos Zeyen, LU; Mariana Lilova, BG; Ola Laurell, SE; Robert Sheehan, IE; João Manuel Da Silva Miguel, PT; Hans-Holger Herrnfeld, DE; Lukáš Starý, CZ; Sylvie Petit-Leclair, FR; Marc van Erve, NL; Katerina Loizou, CY

Achoimre Feidhmiúcháin

Tháinig ardú beag ó 1421 go dtí 1441 ar líon na gcásanna inar iarr Ballstáit cúnamh ó Eurojust sa chomhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí trasteorann i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Tháinig forbairt shuntasach ar an ról comhordúcháin ag Eurojust:

- Tháinig ardú ó 140 go dtí 204 ar líon na gcásanna ar pléadh leo ag cruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo;
- Pléadh ag 80% de na cruinnithe comhordúcháin le réimsí coireachta tús áite an AE (féach an liosta thíos);
- Bhí beagnach 70% de na cruinnithe comhordúcháin a raibh baint ag trí cinn nó líon is mó ná sin de Bhallstáit leo;
- Cuireadh seacht gcinn de lárionaid comhordúcháin i bhfeidhm d'fhonn cúnamh taca i bhfíor-am a chur ar fáil maidir le bearta oibriúcháin sna Ballstáit;
- D'fhreastail Europol ar 89 cruinniú de na cruinnithe comhordúcháin ag Eurojust.

Ba léir na hocht réimse coireachta tús áite ag an AE, de réir mar atá socraithe ag an gComhairle, ar an obair ar chásanna Eurojust mar seo a leanas (in ord líonmhaireacht na gcásanna): gáinneáil drugaí, calaois, bearta coireachta eagraithe eile, sciúradh airgid, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht, éillitheoireacht agus cibearchoireacht.

Tháinig borradh seasta faoi ról Eurojust maidir le Meithleacha Imscrúdúcháin Chomhpháirteacha(JIT) i rith na bliana 2011:

- cuireadh 33 meitheal nua JIT ar bun le cúnamh ó Eurojust;
- bhí ionchúisitheoirí, breithiúna agus oifigigh forfheidhmiúcháin dlí de chuid Eurojust páirteach i 29 meitheal JIT;
- rinne Eurojust cistí de chuid an Choimisiúin do mheithleacha JIT lenar bhain 16 Ballstát a mheas agus a riar.

Bhí 10 gcinn de na Ballstáit a raibh na bearta ba ghá tugtha chun críche iontu faoi dheireadh na bliana 2011 chun an córas dlí náisiúnta a thabhairt leis an gCinneadh Eurojust leasaithe.

B'ionann buiséad Eurojust don bhliain 2011 agus €31.7 milliún. Chuir Eurojust 95.6% den bhuiséad sin i bhfeidhm.

B'ionann líon na foirne a bhí ag obair le Eurojust i rith na bliana 2011 agus 269:

- ionchúisitheoirí, breithiúna nó oifigigh póilíneachta den inniúlacht chéanna ar iasacht ó na Ballstáit a bhí in 42 den fhoireann, agus 15 saineolaí náisiúnta ar iasacht ag cuidiú leo;
- bhí 210 fostaithe faoi réir Rialacháin Foirne an AE, agus beirt saineolaithe náisiúnta ag cuidiú leosan.

Thángthas ar chomhaontú maidir le háitreabh nua do Eurojust faoin mbliain 2015 leis an Ísiltír, mar stát caoifeach, agus le forais an AE maidir le cúrsaí buiséid.

Cuireadh Rúnaíocht ar bun in áitribh Eurojust i rith na bliana 2011 a bhaineann le líonra na meithleacha JIT agus leis an líonra maidir le Cinedhíothú.

1 Beartaíocht oibriúcháin

1.1 Réamhrá

Is i bhfianaise mheasúnacht na Comhairle maidir leis an mbagairt ó choireacht do shaoránaigh an AE a leagadh amach ord tábhachta na hoibre ag Eurojust don bhliain 2011. Is iad na cineálacha coireachta tús áite san AE de réir mar a shonraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh bagairt faoi leith a bheith ag baint leo an sceimhlitheoireacht, gáinneáil drugaí, gáinneáil ar dhaoine (THB), calaois, éillitheoireacht, cibearchoireacht, sciúradh airgid, agus bearta coireachta eagraithe eile. Tugtar eolas thíos faoi obair Eurojust ar chásanna maidir leis na réimsí sin, mar aon le deacrachtaí agus sármhodhanna oibre a tugadh chun aire agus nótaí maidir le hobair straitéise a bhaineann le hábhar.

I rith na bliana 2011, d'oibrigh Eurojust maidir le 1441 cás cláraithe inar tháinig iarratas ar chúnamh ó na Ballstáit. Bhain dhá dtrian de na hiarratais leis na réimsí coireachta tús áite de réir an AE. Bhí coireanna tromchúiseacha, mar shampla dúnmharú, éigniú agus robáil, i gceist le fuílleach na gcásanna. Tugtar staitisticí mionsonraithe maidir leis an obair ar chásanna agus páirt na mBallstát san Aguisín.

Cé gurbh bheag nár ionann líon foriomlán na n-iarratas ar chúnamh ó Eurojust i rith na bliana 2011 agus líon na bliana 2010, tháinig ardú suntasach ar líon na gcruinnithe a eagraíodh chun comhordú a dhéanamh ar obair na n-údarás breithiúnach agus na n-údarás forfheidhmiúcháin dlí. Tháinig ardú go dtí 204 ar líon na gcásanna ar déileáladh leo ag cruinnithe comhordúcháin, ardú 44% i gcomparáid leis an mbliain 2010 (nuair a pléadh le 141 cáss). Bhí timpeall is 70% de na cruinnithe comhordúcháin a raibh baint ag trí cinn nó líon is mó ná sin de thíortha leo, agus 80% a bhain le réimsí coireachta tús áite.

Tháinig méadú ar obair Eurojust maidir le meithleacha JIT a chur ar bun i rith na bliana 2011 chomh maith (féach alt 1.4).

1.2 Obair Cásanna Eurojust maidir leis an gcomhar breithiúnach

Is obair oibriúcháin ó nádúr an obair a dhéanann Eurojust agus bítear ag plé le réiteach a fháil ar fhadhbanna maidir le cásanna coireachta tromchúiseacha trasteorann. I gcásanna áirithe, is fadhbanna praiticiúla a bhíonn le réiteach nó fadhbanna a eascraíonn ó gnéithe a bhaineann le dlínse náisiúnta amháin go sonrach. Tugadh na bacanna seo a leanas agus na bearta sárchleachtais seo a leanas chun aire i ndáil leis an obair a rinneadh ar na cásanna.

1.2.1 Deacrachtaí agus an sárchleachtas maidir le hobair ar chásanna Eurojust

Tá deacracht a thagann i gceist arís agus arís eile maidir le moill a bhaineann ar chúiseanna éagsúla leis an bhforfheidhmiú ar iarratais maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach (MLA). Fágann gnéithe,

maidir le cúrsaí dlí nó cúrsaí fíorais, den ábhar a bhfuil tábhacht leis i ndlínse amháin a bheith neamhchríochnúil go mbíonn moill ar fhorfheidhmiúchán MLA go dtí go bhfaightear eolas breise agus soiléiriú ó dhlínse eile. Tarlaíonn uaireanta go mbíonn an mhoill níos casta mar gheall ar nithe de leithéid easpa bunachar sonraí lárnacha a ligfeadh do chuntais bainc nó maoin eile a aithint go tapaidh; i gcásanna eile, d'fhéadfadh moill tarlú nuair a sheoltar iarratas ó údarás eisiúna i mBallstát amháin go dtí údarás eisiúna i mBallstát eile go dtí an duine contráilte mar gheall ar mhíshonrú maidir leis an té ar chóir é a sheoladh chuige. Tarlaíonn uaireanta go bhfuil coincheap dlí i ndlínse amháin nach bhfuil a leathcheann díreach de choincheap i ndlínse eile agus go gcuireann deacrachtaí maidir le haistriúchán, deacrachtaí dlí agus deacrachtaí teanga, leis na fadhbanna forfheidhmiúcháin.

Cruinniú comhordaithe le 14 Ballstát, An Iorua, An Chróit, SAM, Europol

Tháinig ceisteanna chun cinn freisin a eascraíonn ó éagsúlacht maidir leis an sainmhíniú a thugtar ar choireanna, agus d'éirigh le Eurojust i ndáil leis sin, an bealach a réiteach do phlé idir an tír ónar tháinig an t-iarratas agus an tír lena ndearnadh an t-iarratas agus cuidiú le soiléiriú faoin sainmhíniú ar choireanna sna dlínsí a bhain le hábhar a thabhairt i gcrích.

Is minic a chuidigh Eurojust le fadhbanna a réiteach trí chúnamh a thabhairt, go luath san obair agus taobh istigh de chonstaicí géara ama go minic, le litreacha rogáide a dhréachtadh agus a sheoladh ar aghaidh, leis an údarás náisiúnta cuí a shonrú, agus le comhairle a thabhairt faoi riachtanais maidir le fianaise i dtír an iarratais agus i dtír an fhorfheidhmiúcháin. D'fhág páirt a bheith aige go luath san obair i gcásanna casta gurbh fhéidir fadhbanna ó thaobh cúrsaí dlí nó cúrsaí fianaise a thabhairt chun aire le linn tráth den obair inar féidir

bearta oiriúnacha a dhéanamh ina leith. Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhíonn leis an bplé luath sin idir Eurojust agus na húdaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmiúcháin dlí a mbítear ag cuidiú leo sna Ballstáit. Bíonn réimse beartaíochta i gceist, idir fadhbanna láithreacha den phraiticiúlacht i gcás faoi leith a réiteach agus an lón eolais maidir le taicticí nó straitéisí is féidir a bhaint as cásanna a mheas ag seimineáir faoi obair cásanna.

Ar leibhéal níos ginearálta ná sin, réitigh Eurojust an bealach do mhalartú faisnéise trí dhá mhodh oibre go háirithe: cruinnithe comhordúcháin agus meithleacha JIT. Tríd an lucht feidhme a thabhairt le chéile agus an malartú ar fhaisnéis faoin gcás a chothú, tá cuidithe ag Eurojust leis an gcaidreamh oibre leis an lucht feidhme sna Ballstáit agus i gcomhlachtaí eile de chuid an AE a neartú.

1.2.2 Cruinnithe Comhordúcháin

Mar a luadh, d'eagraigh Eurojust cruinnithe comhordúcháin maidir le 204 cás i rith na bliana 2011, méadú mór ar líon na bliana roimhe sin. Tá fiúntas breise den suntas leis na cruinnithe sin i gcónaí do na húdaráis náisiúnta inniúla i gcásanna trasteorann. Soirbhítear don mhalartú éifeachtúil tráthúil ar fhaisnéis, tagtar ar réiteach ar dheacrachtaí praiticiúla agus ar dheacrachtaí i gcúrsaí dlí, agus cuidítear leis an trost a chothú idir na húdaráis inniúla i mBallstáit éagsúla. Cé nach é an rud is fearr ar fad é, bhí an úsáid as deiseanna físchomhdhála i gcruinnithe comhordúcháin úsáideach maidir le ligean don dul chun cinn le cásanna nuair nárbh fhéidir na páirtithe a bhain le hábhar a thabhairt le chéile mar gheall ar bhacanna ama i gcúrsaí oibriúcháin.

Ba mhinic a tháinig comhaontú oibriúcháin a cheangal de thoradh ar chruinnithe comhordúcháin agus rinne Eurojust beart dá réir ina dhiaidh sin d'fhonn a gcur i bhfeidhm go héifeachtach ag na húdaráis náisiúnta a chinntiú. Bhí tábhacht faoi leith ag baint leis na comhaontuithe a socraíodh ag cruinnithe comhordúcháin maidir le meithleacha JIT a chur ar bun. Ní ionadaithe de chuid na mBallstát amháin a d'fhreastail na cruinnithe comhordúcháin ach tháinig ionadaithe ón tríú Stát agus ó chomhlachtaí de chuid an AE, mar shampla Europol agus OLAF, i láthair nuair ba chuí sin. Bhí ionadaí ón tríú Stát i láthair ag 45 cruinniú comhordúcháin, ionadaí ó Europol ag 89 cruinniú agus ionadaí ó OLAF ag 8 gcruinniú.

An chéad ionad comhordaithe

1.2.3 Lárionaid comhordúcháin

Tharla forbairt shuntasach i rith na bliana 2011 maidir le deis an chruinnithe comhordúcháin. D'fhonn bonn taca breise a bheith faoi chúrsaí oibriúcháin i rith laethanta beartaíochta i mBallstáit éagsúla, thosaigh Eurojust ar an úsáid as *lárionaid* comhordúcháin a thabhairt chun cinn. Fágann áiseanna teicniúla atá ar fáil do na lárionaid comhordúcháin go bhféadann ceangal slán i bhfíor-am a bheith idir Eurojust agus a chuid comhghleacaithe, idir

Chuidigh Eurojust leis an Iodáil agus leis an Ísiltír i mbeart oibre d'fhonn duine den 100 teifeach is géire a rabhthas sa tóir orthu san Iodáil a ghabháil. Bhain an teifeach leis an *Clan Polverino*, grúpa de chineál an Camorra maidir le coireacht eagraithe atá bunaithe i Napoli. Táthar den tuairim go bhfuil *Clan Polverino* freagrach as gáinneáil ar ualaigh ollmhóra drugaí ón Spáinn go dtí an Iodáil, as dúnmharú, sracaireacht, as seilbh mhídhleathach ar airm, as sciúradh airgid tríd an earnáil thráchtála agus as bearta coireachta eile. Cuireadh tús leis an mbeartaíocht d'fhonn an té seo a ghabháil níos luaithe sa bhliain 2011 nuair a d'éalaigh sé ó fheachtas póilíneachta idirnáisiúnta eile in aghaidh *Clan Polverino*, ainneoin 40 duine eile den bhuíon sin a ghabháil san Iodáil agus sa Spáinn ag an am.

Leanadh lorg an té seo go Zeewolde. Ag cruinniú comhordúcháin Eurojust, rinne póilíní na hIodáile agus póilíní na hÍsiltíre agus údaráis bhreithiúnacha an dá thír faisnéis a mhalartú agus an bheartaíocht don ghabháil a phleanáil. Rinneadh plé agus soiléiriú maidir le sonraí praiticiúla i ndáil leis an mBarántas Gabhála Eorpacha eisiúint agus bearta imscrúdúcháin eile a bhí riachtanach agus a iarradh trí litir rogáide ionas gur réitíodh an bealach d'fheidhmiú éifeachtach ar an mbeart oibriúcháin.

Thug *Carabinieri* na hIodáile, mar aon le Fórsa Speisialta Póilíneachta na hÍsiltíre, ruathar faoin villa a raibh an teifeach ina chónaí ann faoi ainm bréige in éineacht lena chéile. Bhí ar chumas na n-údarás póilíneachta le linn an fheachtais seo pas brionnaithe a ghabháil chomh maith le €20,000 agus grianghrafanna den teifeach in éineacht le ceannaire an *Clan Polverino*.

Beartaíocht comhordúcháin de chuid Eurojust a chuir bonn faoin mbeart oibriúcháin seo a thabhairt i gcrích go sásúil, beart a raibh tábhacht faoi leith leis sa bhfeachtas in aghaidh *Clan Polverino*, a raibh an Oifig Antimafia i Napoli i mbun ceannródaíochta air ón mbliain 2007 i leith, le comhoibriú tábhachtach ó *Guardia Civil* na Spáinne agus Fórsa Speisialta Póilíneachta na hÍsiltíre. Chuidigh an fhaisnéis a malartaíodh i rith roinnt chruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust, agus a cuireadh faoi anailís ina ndiaidh, leis an eagar ceannasaíochta ar an ngrúpa coireachta eagraithe a shonrú.

ionchúisitheoirí, breithiúna agus oifigigh póilíneachta. De réir mar a thugtar faoi bhearta oibiriúcháin sna Ballstáit, agus de réir mar a chruthaítear ábhar nua fiosrúcháin mar gheall ar urghabháil agus le daoine a ghabháil, bíonn ar chumas Eurojust comhairle a chur ar fáil ar an toirt maidir le ceisteanna práinneacha, mar shampla Barántais Gabhála Eorpacha (EAWs) a dhréachtadh, nó na coinníollacha atá le sásamh, ó thaobh cúrsaí fianaise agus cúrsaí dlí araon, i gcás leithéid barántas cuardaigh a eisiúint nó cuntas bainc a shrianadh.

Déantar, anuas air sin, an chumarsáid idir údaráis bhreithniúnacha náisiúnta a bhrostú nuair a bhíonn siad ag tabhairt faoi bheartaíocht oibriúcháin ós féidir tuairisc a thabhairt go lom láithreach don lárionad faoi thorthaí beartaíochta agus faoi eachtraí sna Ballstáit, rud a fhagann gur féidir comhordúchán i bhfíor-am a dhéanamh agus páirt ansin ag gach údarás dá bhfuil baint aige leis an mbeartaíocht.

I roinnt cásanna, cuireadh na lárionaid seo ar bonn gan ach fógra an-ghairid ama, taobh istigh de thrí uaire a chloig i gcás amháin, rud a léiríonn an cumas atá in Eurojust beart a dhéanamh go luath tobann maidir lena mbíonn de dhíth ó thaobh cúrsaí oibriúcháin ar na húdaráis bhreithiúnacha agus ar na húdaráis ionchúisitheoireachta sna Ballstáit.

Ritheadh seacht gcinn de lárionaid comhordúcháin i rith na bliana 2011 ag díriú ar chineálacha éagsúla coireachta, mar

shampla, gáinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid, smugláil tobac, calaois agus THB.

1.2.4 Airteagal 6 agus Airteagal 7 i gCinneadh Eurojust

Déantar foráil faoi Airteagal 6 agus Airteagal 7 i gCinneadh Eurojust do mholtaí maidir le hobair cásanna a dhéanamh le húdaráis inniúla náisiúnta ag Deascanna Náisiúnta faoi leith agus ag an gColáiste ar fad. Féadann moltaí den chineál sin a bheith ina ndeiseanna fiúntacha maidir le feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach agus is léiriú dáiríre iad ar an gcaidreamh leanúnach idir Deascanna Náisiúnta Eurojust agus a gcuid údarás náisiúnta maidir le cúrsaí oibriúcháin.

Tharla i rith na bliana 2011 an caidreamh seo leis na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis fhorfheidhmiúcháin i gcúrsaí dlí mar chuid de bhearta cumarsáide foirmeálta agus de bhearta cumarsáide neamhfhoirmeálta. Tháinig úsáid a bhaint as Airteagal 6 chun cinn ar bhealaí éagsúla. Bhí uaireanta ann ar tháinig sé tar éis plé neamhfhoiremeálta agus cruinnithe neamhfhoirmeálta le húdaráis náisiúnta, nó ó cheisteanna a bhí tagtha chun cinn a shonrú ag cruinnithe comhordúcháin nó go díreach ó fhaisnéis a chuir údarás iarratais ar fáil i litir rogáide.

Mar gheall ar sheiceáil randamach a rinne oifigigh Custaim de chuid na Fraince ar fheithicil as an Spáinn i rith na bliana 2010, thángthas ar líon mór nótaí airgid a raibh lorg láidir cócaoin orthu. Ar fhiosrúchán a dhéanamh, deimhníodh go raibh ceangal ag tiománaí na feithicle le grúpa coireachta eagraithe a bhí i mbun feidhme sa Fhrainc, sa Bheilg, sa Ghearmáin, sa Spáinn agus san Ísiltír. Mar gheall ar a chasta agus a bhí an obair imscrúdúcháin, thángthas i gcaidreamh le Eurojust agus mhol Eurojust lá beartaíochta a ndéanfaí bainistiú air trí lárionad comhordúcháin.

I mí Meitheamh 2011, eagraíodh lárionad comhordúcháin in Eurojust a bhí ceangailte le húdaráis bhreithiúnacha i gcúig cinn de Bhallstáit agus cúnamh den fhiúntas á chur ar fáil ó oifig soghluaiste Europol. D'fhág sin gurbh fhéidir faisnéis a chur ar aghaidh i bhfíor-am agus comhordú a dhéanamh ina leith idir na húdaráis imscrúdúcháin agus na húdaráis bhreithiúnacha chomh maith le sonraí a chur faoi anailís de réir mar a tháinig siad chun cinn le linn daoine a ghabháil agus cuardach a dhéanamh. Gabhadh naonúr amhrastach agus rinneadh deich gcinn de bhearta cuardaigh go comhuaineach ar fud Ballstát éagsúil. Rinneadh urghabháil ar chuid mhór ábhair fianaise, ar mhaoin sealbhais agus ar ábhar déantúsaíochta drugaí. Eisíodh barántais EAW maidir le daoine as an nGearmáin, as an gColóim, as an Liobáin agus as an Tuirc a rabhthas in amhras orthu maidir le bheith ina gcomhghleacaithe gníomhacha sa chraobhchóras leitheadach sárchasta seo.

Mar gheall ar an tábhacht atá le caidreamh neamhfhoirmeálta faoi Airteagal 6 agus Airteagal 7, is iondúil nár tharla taifeadadh foirmeálta ar iarratas faoi réir na bhforálacha seo ach amháin nuair a bhí gá sruth cinntí a chruthú is féidir a iniúchadh mar go raibh sin de dhíth de réir na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i mBallstát áirithe. I rith na bliana 2011, coinníodh taifead ar 14 iarratas foirmeálta faoi Airteagal 6 i gCinneadh Eurojust, roinnt acu a dtugtar tuairisc ina leith thíos:

Iarratais maidir le imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh faoi ghníomhartha sonracha – Airteagal 6(1)(a)(i)

D'eisigh Deascanna Náisiúnta Eurojust sé cinn d'iarratais faoi Airteagal 6(1)(a)(i). I gcás amháin, d'iarr Deasc na hIodáile ar údaráis na tíre sin smaoineamh faoi thabhairt faoi imscrúdú a d'eascair as cás sa Fhrainc maidir le THB chun críche teacht i dtír gnéasach. Tharla de thoradh ar an iarratas sin gur cuireadh imscrúdú

iltaobhach ar bun a leathnaíodh go raibh baint ag Poblacht na Seice, Éire, an Iodáil agus Europol leis freisin.

I dtrí cinn de chásanna faoi sciúradh airgid, d'iarr Eurojust ar na húdaráis ionchúisimh san Iodáil beart a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis a chuir údaráis na Portaingéile agus údaráís na Gearmáine ar fáil. Rinneadh iarratais freisin i gcásanna maidir le himirceánaigh mídhleathacha a smugláil a raibh ceangal acu le coireacht eagraithe agus a bhain leis an nGearmáin, leis an Ostair, leis an nGréig, leis an Iodáil agus le Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine (fYROM), agus i gcás maidir le smugláil toitíní. Thionscnaigh údaráis na hIodáile imscrúdú i ngach cás acu sin. Luaitear aon chás amháin acu sin i bhfo-alt 1.3.7.

Iarratas le húdaráis inniúla go nglacfaidís leis go bhféadfadh údarás amháin acu a bheith i riocht níos fearr maidir le himscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le gníomhartha faoi leith– Airteagal 6(1)(a)(ii)

I gcás amháin, d'iarr an Deasc Náisiúnta i Eurojust ar údaráis na tíre imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh maidir le gnéithe faoi leith de chás calaoise. Rinne an t-údarás náisiúnta inniúil de réir an mholadh ó Eurojust.

Iarratas le húdaráis inniúla comhordú a dhéanamh idir údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann – Airteagal 6(1)(a)(iii)

Bhí trí cinn d'iarratais fhoirmeálta a eisíodh faoi Airteagal 6(1)(a)(iii) agus tionscnaíodh imscrúdúchán i ngach cás acu. Iarradh ar údaráis náisiúnta na hIodáile cinntiú go dtarlódh comhordú ar imeachtaí a bhí ar siúl cheana féin acu le Ballstáit eile (an Bheilg, an Bhulgáir agus an Ghearmáin) a raibh baint acu le cás de chuid na Fraince maidir le toitíní a smugláil. Bhí beart den chineál céanna a tionscnaíodh i gcás maidir le calaois i gcúrsaí cánachais agus sciúradh airgid a raibh baint ag ocht gcinn d'údaráis de chuid na hIodáile leis chomh maith leis an Ísiltír. Rinneadh beart comhordaithe a aontaíodh le húdaráis na hÍsiltíre agus rinneadh cuardach go sásúil ar roinnt tithe dá bharr. Bhí de thoradh ar iarratas eile gur cuireadh imscrúdúchán ar bun maidir le gáinneáil ar dhrugaí.

Iarratas aon fhaisnéis atá riachtanach ionas gur féidir leis an gComhalta Náisiúnta a chuid bearta oibre a dhéanamh a chur ar fáil – Airteagal 6(1)(a)(v)

Is minic buntábhacht, i ndáil le himscrúdú mar is ceart a dhéanamh maidir le coireanna trasteorann, le cumas Eurojust faisnéis a fháil agus a sheoladh ar aghaidh go tapa agus le barr éifeachta, agus is cuid dílis de ghnó lárnach na heagraíochta atá ann. I measc na gcásanna ar coinníodh tuairisc fhoirmeálta orthu faoi Airteagal 6, bhí trí cinn maidir le faisnéis a mhalartú. I gcás maidir le himscrúdú a bhain le héillitheoireacht sa Laitvia, d'iarr Deasc na Spáinne ar na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta an t-ionchúisitheoir náisiúnta cuí a shonrú d'fhonn faisnéis a mhalartú agus comhordú a chinntiú. Bhain cás eile, idir an Rómáin agus an Iodáil le líomhaintí faoi ghóchumadh airgid agus modhanna íocaíochta. Bhí an tríú iarratas ann a chuir Deasc na hIodáile ar aghaidh go dtí na húdaráis náisiúnta agus a bhain le cás maidir le calaois arb í an Ostair a thionscnaigh é.

Iarratas aon bheart eile a bhfuil cúis mhaith leis maidir leis an imscrúdú nó leis an ionchúiseamh a dhéanamh – Airteagal 6(a)(vii)

D'iarr Eurojust ar údaráis na hIodáile, i ndáil leis an bhforáil seo, beart géillte sealadach a thabhairt faoi mheas i gcás maidir le góchumadh agus coireacht eagraithe.

1.2.5 Coinbhinsiúin maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach

Is iad Coinbhinsiún na bliana 2000 maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach maille le Prótacál na bliana 2001 a ghabhann leis, agus Coinbhinsiún na bliana maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla maille leis na prótacáil a ghabhann leis sin (na Coinbhinsiúin MLA) an bonn is tábhachtaí sa dlí atá faoin gcomhar breithiúnach san Aontas Eorpach. Go ginearálta, feictear go bhfuil leas as a gcur i bhfeidhm. Ina ainneoin sin, tá roinnt deacrachtaí leanúnacha a thugtar faoi deara. Níl Coinbhinsiún MLA na bliana 2000 curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit go léir; is féidir leis sin deacracht a chruthú le húsáid a bhaint as deiseanna chomh tábhachtach sin don chomhar breithiúnach le físchomhdhálacha agus meithleacha JIT. Tagann fadhbanna breise chun cinn maidir leis na Coinbhinsiúin MLA seo a chur i bhfeidhm mar gheall ar easpa spriocdhátaí maidir le forfheidhmiúchán i leith iarratais agus easpa eolais maidir leis an dul chun cinn leis an obair i ndáil le hiarratais. Is minic a iarradh ar Eurojust cúnamh a thabhairt le fadhbanna den saghas sin a réiteach.

Tá gnás réamhbheartaíochta den tábhacht a leanann Eurojust go ndéantar caidreamh go neamhfhoirmeálta leis na húdaráis a dhéanann iarratas agus na húdaráis lena ndéantar é d'fhonn caomhchóiriú a thabhairt ar an iarratas sula seoltar go foirmeálta é, rud a chuireann go suntasach leis an dóigh go dtarlóidh forfheidhmiúchán go pras.

1.2.6 Ceisteanna maidir le fianaise a bhailiú agus le hinghlacthacht fianaise

Tá saineolas tugtha chun cinn ag Eurojust maidir le déileáil le deacracht a thagann i gceist arís agus arís eile sa chomhar breithiúnach trasteorann: éagsúlacht idir na rialacha faoi inghlacthacht fianaise agus faisnéise agus faoi nochtadh fianaise agus faisnéise sna dlínsí náisiúnta, rud a chuireann isteach ar réimsí éagsúla den obair ar chásanna. D'fhág rialacha éagsúla faoi thascradh ar ábhar teileachumarsáide agus faoi fhinnéithe a éisteacht, mar shampla, deacrachtaí arís maidir le fianaise a bhailiú agus a mhalartú agus le glacadh a bheith léi. Tháinig deacrachtaí den chineál céanna i gceist maidir le físchomhdhálacha a úsáid, gníomhairí faoi cheilt agus samplaí DNA a bhailiú.

Tá fadhbanna praiticiúla maidir le haistriúchán idir teangacha agus seachadadh ina mbacanna i gcónaí ar an gcomhar breithiúnach idir Ballstáit. Is leor mar shampla tuairisc ar chruinniú comhordúcháin ag ar aontaíodh tascradh a dhéanamh ar bhearta cumarsáide ar an teileafón. Rinneadh an tascradh. Ina ainneoin sin, faoi reachtaíocht náisiúnta cheann amháin de na Ballstáit, bíonn fianaise den sórt sin faoi rún, rud a chuir bac ar thrascríbhinní a sheoladh go dtí an Ballstát eile roimh an triail. Bhí ar chumas Eurojust idirghabháil a dhéanamh agus an bealach a réiteach ionas nár aicmíodh an fhianaise mar ábhar rúnda feasta agus gur seoladh ar aghaidh í ina dhiaidh sin.

Tá féachta ag Eurojust le deacrachtaí den chineál sin a réiteach, ní amháin maidir le cásanna faoi leith, ach trí chur leis an díospóireacht maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcóras trína bhfaightear fianaise trasteorann, mar shampla an moladh maidir le Ordú Imscrúdúcháin Eorpach (EIO). Foilsíodh Tuairim Eurojust faoin ionstraim bheartaithe sin mar dhoiciméad de chuid na Comhairle ar an 4 Márta 2011 (6814/11). Tugtar sonraí breise faoi sin in Alt 2.1.

1.2.7 Coinbhleacht dlínse a sheachaint agus a réiteach

Bhain Eurojust úsáid go foirmeálta as cumhachtaí a leagtar air chun cuidiú le

Bhí réiteach maidir le coinbhleacht dlínse agus úsáid a bhaint as meithleacha JIT ar na gnéithe a bhain le ceann de na cásanna is casta de chuid Eurojust a bhain le gáinneáil ar dhrugaí.

Bhí grúpa coireachta eagraithe a sheol na tonnaí cócaoin as Meiriceá Theas go dtí an Eoraip agus a rinne sciúradh ar ar gnóthaíodh i gcuid mhór ionad baincéireachta. Ba léir ó bhearta imscrúdúcháin de chuid na Sualainne, ar cuireadh tús leo sa bhliain 2008, go raibh gnéithe idirnáisiúnta ag gabháil leis an gcás a bhain le Ballstáit eile, mar shampla an Fhrainc agus an Spáinn, chomh maith le stáit taobh amuigh den Aontas Eorpach, mar shampla, an Cholóim, SAM, an Eilvéis, Veiniséala, Iosrael agus Andóra.

Mar gheall ar an gcás a bheith chomh casta, iarradh ar Eurojust cúnamh a thabhairt ina leith. Tar éis cruinniú comhordúcháin a eagrú san Háig, cuireadh meitheal JIT ar bun a raibh bonn treise faoi mar gheall ar Thionscadal Cistíochta JIT. Ar an gcéad bheart a d'éirigh leis an meitheal JIT a thabhairt i gcrích, bhí urghabháil a dhéanamh ar 1.4 tonna cócaoin a bhí ar bhád seoil 15 méadar a bhí ag seoladh go dtí an Eoraip agus chuidigh Eurojust trí chomhairle saineolais a chur ar fáil faoi mhionghnéithe den dlí maidir le tascradh ar muir. D'fhág creat na meithle JIT maidir le cúrsaí dlí gurbh fhéidir malartú pras a dhéanamh ar fhaisnéis gan gá le nósanna imeachta fadálacha maidir le MLA; bhí sin ar cheann de na nithe mórthábhachtacha a raibh bunriachtanas leis maidir le toradh fiúntach ar oibriú an cháis (chuir an Ísiltír, Málta, an Ríocht Aontaithe, an Eastóin, an Chipir agus an Ghearmáin cúnamh ar fáil chomh maith).

Bhí trí cinn déag de chruinnithe comhordúcháin i Eurojust a chuir bonn treise faoin imscrúdú a lean níos mó ná trí bliana, cuid mhór acu raibh cúnamh ó Europol ag baint leo. Chuidigh na cruinnithe le réiteach a fháil ar cheisteanna praiticiúla maidir leis an imscrúdúchán, go háirithe na ceisteanna sin a bhain le haon choinbhleacht dlínse a thiocfadh chun tosaigh. Thángthas ar aontú faoin áit a ndéanfaí ionchúisimh agus rinne an Cholóim ina dhiaidh sin an ceann feadhain a ghéilleadh leis an tSualainn.

De thoradh an fheachtais seo, gabhadh níos mó ná 30 duine as an ngrúpa coireachta eagraithe ar fud an domhain. Rinneadh, mar gheall ar bheartaíocht idirghabhála de chuid údarás na Spáinne agus údarás na Sualainne, cuntais bainc a chalcadh mar chuid den imscrúdúchán faoi sciúradh airgid, agus rinneadh timpeall is €6 mhilliún a urghabháil i gcúig cinn de thíortha éagsúla a bhain le hinfheistíocht in athuair in eastát réadach, discotheque agus gnólachtaí dleathacha eile, feithiclí mórluacha agus longa. Is cosúil go raibh ar a laghad €12 milliún infheistithe agus caite ag an dream daoine seo. Bhí luach thart ar €450 milliún leis an gcócaon a gabhadh dá mbeifí lena dhíol ar na sráideanna.

coinbhleacht dlínse a sheachaint agus a réiteach i líon an-bheag cásanna. Ag feidhmiú dó mar Choláiste, tá moladh déanta ag Eurojust le húdaráis i mBallstáit trí huaire ón mbliain 2002 i leith maidir le coinbhleacht dlínse; glacadh leis an moladh i ngach cás. Ina ainneoin sin, is coitianta cásanna ina bhfuil dlínse, faoi réir dhlí na tíre, ag dhá Bhallstát nó líon is mó ná sin de Bhallstáit i ndáil le cás faoi leith. Is minic atá beart déanta ag Eurojust d'fhonn cuidiú le haon fhadhbanna a rachadh leis sin a réiteach gan iarratas foirmeálta leis an mBallstát atá i gceist a chlárú.

Bhí cruinnithe comhordúcháin ina ndeiseanna praiticiúla den fhiúntas chomh maith trí ligean do phlé agus do chomhaontú go luath sa bheartaíocht idir na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu le himscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den chás amháin. Ar an gcaoi chéanna, déileáladh le coinbhleachtaí dlínse agus seachnaíodh a leithéid mar gheall ar chomhaontú ar thángthas air faoi scáth meithleacha JIT. Anuas air sin, is minic go dtarlaíonn obair Eurojust maidir le coinbhleacht dlínse a sheachaint trí mhalartú tuairimí go neamhfhoirmeálta le linn chéimeanna luath na hoibre a chothú. Treisítear leis an ról sin trí leas a bhaint as an treoir i scríbhinn atá mar chuid de na Treoirlínte de chuid Eurojust maidir le cinneadh cé acu dlínse inar cheart ionchúiseamh a dhéanamh a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2003. Tá buneolas úsáideach curtha ar fáil sna treoirlínte sin faoin mbealach ar chóir déileáil leis na tosca a bhaineann le cinneadh. Is minic le húdaráis náisiúnta inniúla iad sin a chur i bhfeidhm.

Is léir ón obair ar chásanna Eurojust go mbíonn fiúntas le malartú faisnéise go luath san obair ar chásanna imscrúdúcháin a bhfuil ceangal acu le chéile ó thaobh coinbhleacht dlínse a sheachaint.

Is léir ó chás maidir le gáinneáil ar dhaoine i rith na bliana 2011 an dóigh ar féidir cásanna ina bhféadfadh coinbhleacht dlínse a theacht chun tosaigh a shárú le cúnamh ó Eurojust. Bhain an cás le gáinneáil ar mhná den chine Roma as Poblacht na Seice go dtí an Ríocht Aontaithe mar a rabhthas ag tabhairt orthu dul le striapachas. D'fhonn imscrúdúchán comhordaithe a chinntiú, cuireadh meitheal JIT ar bun. Le linn chruinnithe a eagraíodh in Eurojust, tháinig ceisteanna chun cinn maidir leis an dóigh a mbaileofaí fianaise a bheadh inghlactha agus an dlínse is fearr a bheadh i riocht an cás a riar, ó tharla go raibh cúis mhaith le hionchúiseamh a dhéanamh i ngach aon cheann den dá thír. Shoirbhigh Eurojust do phlé chuimsitheach maidir le rialacha faoi chúrsaí dlínse agus faoi na prionsabail a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hinghlacthacht fianaise agus thángthas ar chomhairle dá thoradh sin gur cheart do pháirtí amháin príomhchúram an cháis a ghlacadh air féin. D'fhág cúnamh Eurojust ó thaobh socrú luath faoin gceist maidir le coinbhleacht dlínse go bhféadfaí na hacmhainní a dhíriú ar bhearta oibriúcháin láithreacha. Tar éis an cheist faoi choinbhleacht dlínse a d'fhéadfadh teacht chun cinn a réiteach, cuireadh meitheal JIT ar bun agus, taobh istigh de thrí mhí, gabhadh 11 de na cinn feadhaine.

1.2.8 Imeachtaí faoin dlí coiriúil a aistriú

Bíonn boinn dlí éagsúla in úsáid ag Ballstáit maidir le himeachtaí faoin dlí coiriúil a aistriú, agus féadann deacrachtaí dlí a theacht dá bharr sin. Is iad na hionstraimí is minice a úsáidtear chun imeachtaí a aistriú an Coinbhinsiún Eorpach maidir le hImeachtaí in Ábhair Choiriúla a Aistriú 1972, agus Coinbhinsiún MLA na bliana 1959 (Airteagal 21) in éineacht le hAirteagal 6(1), an t-alt deireanach, de Choinbhinsiún MLA na bliana 2000. Tá roinnt de na Ballstáit freisin a bhaineann úsáid as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta 2000 (Airteagal 21).

Soirbhíonn Eurojust don chaidreamh neamhfhoirmeálta idir na Ballstáit, agus mar chuid den phróiseas, déanann na Deascanna Náisiúnta seiceáil ar aistriú a d'fhéadfadh tarlú sula ndéantar iarratas oifigiúil. Is féidir deacracht a bheith ag baint le himeachtaí a aistriú ina dhiaidh sin féin agus sin ar chúiseanna éagsúla. I measc tosca eile: ní mór an fhianaise a thiomsaítear a bheith inghlactha sa chúirt sa mBallstát lena ndéantar

Bhí údaráis na Fionlainne i mbun imscrúdúcháin maidir le gáinneail ar dhrugaí agus iad ag díriú ar shaoránaigh de chuid na Fionlainne a bhí lonnaithe sa Spáinn. Nuair a chuaigh saoránach eile de chuid na Fionlainne ar iarraidh a raibh aithne aici orthu siúd a rabhthas in amhras orthu faoi gháinneáil ar dhrugaí, iarradh ar údaráis na Spáinne tabhairt faoi fhiosrúchán a dhéanamh ar theastaigh údarú breithiúnach lena aghaidh trí iarratas MLA. Rinneadh an saoránach sin de chuid na Fionlainne a dhúnmharú sa Spáinn mar gur thug sí le fios d'údaráis na Spáinne gurbh ann don dream seo a bhí i mbun gáinneála ar dhrugaí agus go ndearna siad iarracht ise a thabhairt isteach leo. San Fhionlainn a bhí siadsan a rabhthas in amhras orthu faoina dúnmharú lonnaithe. Iarradh ar Eurojust cuidiú le réiteach a fháil ar aon choinbhleacht a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir an Spáinn agus an Fhionlainn faoin tír inar cheart an t-ionchúiseamh a dhéanamh. Eagraíodh cruinniú comhordúcháin i Eurojust ag ar socraíodh, tar éis na ceisteanna dlí a mheas go lánchuimsitheach, go n-aistreofaí an fhianaise ar fad ón Spáinn go dtí an Fhionlainn a tháinig de thoradh ar na hiarratais MLA roimhe sin. D'aontaigh údaráis na Spáinne freisin na himeachtaí maidir le dúnmharú agus an t-imscrúdúchán faoi gháinneáil ar dhrugaí araon a aistriú go dtí an Fhionlainn ach coinníollacha éagsúla faoin dlí a shásamh. Chuidigh an cúnamh ó Eurojust lena chinntiú go bhféadfaí na dúnmharfóirí a ionchúiseamh in aon ionad amháin sa dúnmharú agus sna cionta gaolmhara a bhain leis an imscrúdúchán faoi gháinneáil ar dhrugaí chomh maith.

iarratas, cé gur minic gur i bhformáid nach bhfuil cleachtadh air agus faoi réir rialacha maidir le cineál eile imeachtaí a fhaightear an fhianaise; ní mór talamh slán a dhéanamh de spéis faoi leith ag an mBallstát lena ndéantar iarratas glacadh leis na himeachtaí a d'aistreofaí; agus ní foláir déileáil le ceist bhunúsach, ach ceist ríphraiticiúil, eadhon, ní foláir ábhar iomlán an chomhaid a aistriú go teanga eile.

1.2.9 Taifid choiriúla a mhalartú

Cé gur iondúil gur idir na Ballstáit go díreach a dhéantar taifid choiriúla a mhalartú, iarradh ar Eurojust in amanta an bealach a réiteach do mhalartú den chineál sin i gcásanna práinne. I gcás amháin, bhí faisnéis de dhíth ar chúirt náisiúnta ionas go bhféadfaí pianbhreith chuí a ghearradh ar chiontóir gnéis a bhí contúirteach agus a ciontaíodh roimhe sin i gcionta den chineál céanna i mBallstát eile. Ní raibh dóthain sonraí ná mionchruinnis maidir le rangú na gcionta faoin dlí sna taifid a raibh teacht orthu ar na gnáthmhodhanna comhfhreagrais. Trí chaidreamh a dhéanamh go díreach leis na húdaráis bhreithiúnacha, bhí ar chumas Eurojust an fhaisnéis ba ghá a chur ar fáil in imeacht uaireanta a chloig le húsáid chun pianbhreith a ghearradh ar chiontóir gnéis. Ina ainneoin sin, is féidir le moill tarlú nuair nach bhfuil bunachar sonraí lárnaithe maidir le taifid choiriúla ag Ballstát, mar a tharlaíonn nuair atá taifid á gcoimeád ag údaráis náisiúnta éagsúla (e.g. póilíní agus údaráis bhreithiúnacha).

Níl Creatchinneadh 2009/315/JHA ón gComhairle maidir le heagar agus ábhar na faisnéise a mhalartaítear i sleachta as taifid choiriúla idir na Ballstáit agus Cinneadh 2009/316/JHA ón gComhairle maidir leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) curtha i bh-feidhm go fóill sna Ballstáit go léir. Tugadh deacrachtaí chun aire, ina leith sin, nuair a dhéantar iompar den chineál amháin a rangú faoi chineálacha éagsúla cionta coiriúlachta i mBallstáit éagsúla. Is féidir freisin nach mbíonn leas iomlán as fais-néis a mhalartú nuair a dhéantar tagairt d'fhoráil faoin dlí sa reachtaíocht náisiúnta

gan míniú soiléir a thabhairt ar na gnéithe a théann leis an gcion coiriúlachta sin.

1.2.10 Barántais Gabhála Eorpacha (EAW)

Cláraíodh 263 cás maidir leis an EAW in Eurojust i rith na bliana 2011, beagnach 18% de chásanna Eurojust ar fad. Is é a bhain leis an gcuid is mó de na cásanna cúnamh Eurojust a iarraidh maidir leis an bhforfheidhmiúchán ar bharántais EAW a éascú. Ba é Deasc na Polainne in Eurojust a rinne an líon iarratas is airde agus Deasc na Ríochta Aontaithe agus Deasc na hIodáile ina dhiaidh sin. Is le Deasc na Spáinne is mó a rinneadh iarratais agus ba le Deasc na Ríochta Aontaithe agus le Deasc na hIodáile is mó a rinneadh iarratais ina dhiaidh sin.

Bhí údaráis na hIodáile ag tabhairt faoi bheart imscrúdúcháin maidir le grúpa coireachta eagraithe a raibh baint acu le smugláil tobac, góchumadh ar dhoiciméid agus cúnamh dlí a chur ar fáil do dhaoine den ghrúpa a ghabhfaí. Ag tráth cinniúnach maidir leis an imscrúdúchán, bhí gá le beartaíocht ar fud an AE ar fad lenar bhain forfheidhmiú comhordaithe ar bharántais EAW agus bearta cuardaigh comhordaithe a mbeadh oifigigh de chuid na hIodáile i láthair lena n-aghaidh ionas go mbeadh an t-ábhar fianaise a bhaileofaí inghlactha in imeachtaí cúirte tráth ab fhaide anonn. Iarradh ar Eurojust cúnamh a thabhairt maidir leis an gcomhordúchán i gcúig cinn eile de Bhallstáit (san Ostair, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Spáinn agus sa tSlóivéin), tuairim is 40 uair a chloig sula raibh na bearta feidhmiúcháin le cur i gcrích.

Bhí bunriachtanas le beart práinneach a dhéanamh d'fhonn go ndéanfaí na bearta gabhála EAW go comhuaineach, go gcaomhnófaí fianaise, agus ar an gcaoi sin go gcinnteofaí go mbeadh léargas iomlán ag cúirt na trialach ar bheartaíocht an ghrúpa coireachta eagraithe. Trí bheart oibriúcháin ar éirigh go sármhaith leis, rinne Eurojust, taobh istigh de 20 uair a chloig, údaráis na mBallstát a bhain le hábhar le chéile ionas go ndearnadh barántais EAW agus litreacha rogáide a eisiúint agus a údarú; cinntíodh gur coinníodh an caidreamh ar siúl idir na Ballstáit i rith na beartaíochta go léir agus gur tugadh cead d'oifigigh forfheidhmiúcháin dlí na hIodáile isteach chuig ionaid éagsúla cuardaigh.

Phléigh an Coláiste freisin le trí cinn de cheisteanna ginearálta a bhaineann le barántais EAW a chur i bhfeidhm. Rinne an chéad cheist plé ar fhaisnéis a bhailiú faoin dóigh a ndéaileáileann na Ballstáit go praiticiúil le náisiúnaigh nó áitritheoirí géillte a chur ar ais go dtí an Ballstát feidhmiúcháin (faoi Airteagal 5(3) de Chreatchinneadh 2002/584/CGB ón gComhairle maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach (Creatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW)). Ar an dara rud, pléadh ar cheart barántas EAW a rangú mar bharántas a eisíodh chun críche ionchúisimh nó chun críche pianbhreith a ghearradh nuair atá atriail tar éis an ghéillte fós de cheart. Ar an tríú ní, pléadh le forfheidhmiú agus le cur i bhfeidhm praiticiúil Chreatchinneadh 2009/299/CGB ón gComhairle lena leasaítear an Creatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW, agus leis na forálacha atá ann faoi chearta tar éis ciontu *in absentia*.

Cásanna a bhaineann le níos mó ná iarratas amháin i leith barántas EAW (Airteagal 16(2) den Chreatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW)

Barántas Gabhála Eorpach

De réir mar a luaitear in Airteagal 16(2) den Chreatchinneadh maidir leis an EAW, is féidir leis an údarás breithiúnach atá i mbun an fhorghníomhúcháin comhairle Eurojust a iarraidh agus rogha á dhéanamh faoin áit a ngéillfear duine is ábhar do bharántais EAW atá eisithe ag dhá Bhallstát nó níos mó ná dhá Bhallstát.

Iarradh ar Eurojust de bhun Airteagal 16(2) comhairle a chur ar fáil maidir le ceithre cinn de chásanna i rith na bliana 2011. I ngach cás acu sin, chuidigh Eurojust le comhaontú a thabhairt i gcrích idir údaráis na mBallstát maidir leis an bhforfheidhmiúchán ar na barántais EAW. Chuir Eurojust comhairle réasúnaithe ar fáil taobh istigh de 24 uair a chloig maidir le ceann amháin de na cásanna, comhairle a ndearna na húdaráis náisiúnta inniúla dá réir, rud a d'fhág go raibh an t-amhrastach os comhair cúirte roinnt bheag laethanta dar gcionn.

Ba mhinic a chuidigh Eurojust, go luath sa bheartaíocht (agus le linn cruinnithe comhordúcháin) le ceisteanna a mheas faoi bharántais EAW a d'fhéadfaí a eisiúint agus a bheadh ag teacht trasna ar a chéile, agus seachnaíodh ar an gcaoi sin níos mó ná iarratas amháin a eisiúint maidir leis an duine amháin a ghéilleadh.

I mí Meitheamh 2011, d'aontaigh an Coláiste *Treoirlínte maidir le nós imeachta inmheánach i ndáil le tuairim Eurojust a chur ar fáil faoi Bharántais Gabhála Eorpacha athroghnacha* maidir le cásanna ina n-iarrtar ar Eurojust tuairim a chur ar fáil de bhun Airteagal 16(2).

Cásanna lena mbaineann teorainneacha ama a shárú (Airteagal 17(7) den Chreatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW)

De réir Airteagal 17 sa Chreatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW, nuair nach féidir le Ballstát teacht leis na teorainneacha ama a bhforáiltear dóibh in Airteagal 17, cuirfidh an Ballstát sin in iúl do Eurojust agus na cúiseanna leis an moill á lua.

I rith na bliana 2011, cláraíodh 116 cás inar tharla sárú ar theorainneacha ama le Eurojust. Ba í Éire a chuir faoi bhráid an líon ba mhó de na fógraí a cláraíodh de réir Airteagal 17(7). Chuir an Spáinn, Poblacht na Seice, an tSualainn, Poblacht na Slóvaice, an Bhulgáir agus an Eastóin fógraí faoi bhráid chomh maith. Mar a luadh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, ní chiallaíonn fógraí a fháil ó sheacht gcinn de Bhallstáit agus gan fógra ar bith ó na Ballstáit eile gur thángthas leis na teorainneacha ama maidir le barántais EAW i gcónaí sna Ballstáit eile sin. Tá le tuiscint ó staitisticí de chuid an AE go dtarlaíonn sárú níos minice ná mar a chláraítear a leithéid le Eurojust.

Breis eolais (a bhí de dhíth ionas go bhféadfaí forfheidhmiú a dhéanamh ar an mbarántas EAW) an chúis ba mhó a luadh

le sárú ar theorainneacha ama. Bhí an gá le haistriúchán a dhéanamh ar dhoiciméid a bhain le hábhar, líon na n-iarratas le Ballstáit faoi leith, agus acmhainní teoranta sna Stáit forfheidhmiúcháin ina gcúiseanna le moill ar fhorfheidhmiúchán freisin.

Deacrachtaí a sonraíodh maidir leis an obair fheidhmiúcháin phraiticiúil i ndáil leis an mbarántas EAW

I gcásanna práinne (a thagann i gceist go minic mar gur minic teifigh maidir le barántas EAW faoi choinneáil choisctheach), lean Eurojust den ról mórthábhachta ag freastal don mhalartú faisnéise idir údaráis náisiúnta, ag soiléiriú riachtanas na n-údarás breithiúnach forfheidhmiúcháin, agus ag réiteach an bhealaigh d'fhorfheidhmiúchán thráthluath ar bharántais EAW go ginearálta. Tá níos mó taithí ag an lucht feidhme ar oibriú na hionstraime seo le himeacht aimsire agus luaitear gur fadhbanna praiticiúla roinnt de na deacrachtaí (aistriúchán atá easnamhach nó contráilte, faisnéis a fhágáil ar lár, etc.) seachas fadhbanna maidir le cúrsaí dlí. Ina ainneoin sin, tháinig deacrachtaí chun cinn maidir le cúrsaí dlí, mar shampla, rialacha speisialtachta agus comhréireachta a chur i bhfeidhm agus roinnt difríochtaí maidir leis an sainmhíniú ar choireanna. Ní thugtar de shainmhíniú mar shampla ar chalaois maidir le CBL i ngach ceann de na Ballstáit gur coir atá ann a dhéanann dochar maidir le leas airgeadais an AE. Is féidir le moill tarlú mar gheall ar an difríocht seo, ó tharla go mbeidh riachtanas leis i roinnt Ballstát i dtaobh coiriúlacht dhúbailte a thabhairt i gceist, nuair nach mbeadh gá le coiriúlacht dhúbailte a dheimhniú i mBallstáit eile mar gheall ar Airteagal 2.2 sa Chreatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW.

Seo a leanas, mar shampla de na deacrachtaí praiticiúla agus de na deacrachtaí faoi chúrsaí dlí araon, fadhbanna a sonraíodh le linn na hoibre ar chásanna Eurojust:

- Easnamh ó thaobh faisnéise maidir leis an gcur síos ar fhíorais nó ar chionta coiriúla sa bharántas EAW.
- Easpa eolais faoin bpianbhreith ar eisíodh an barántas EAW ina leith.
- Easnamh maidir le faisnéis chruinn faoin tréimhse ama a d'fhéadfadh a bheith caite ag duine faoi choinneáil cheana féin i Stát an fhorfheidhmiúcháin sula ndéantar an géilleadh, agus éiginnteacht dá bharr sin faoi fhuílleach na pianbhreithe a bheadh le cur isteach i Stát na heisiúna.
- Pianbhreith *in absentia* agus na modhanna éagsúla ina gcuirtear chuig cearta atrialach sna Ballstáit éagsúla. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm Chreatchinneadh 2009/299/CGB ón gComhairle lena leasaítear an Creatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW i ndáil leis an gceart ar atriail i roinnt ballstát, réiteach a fháil ar an saincheist seo.
- Teip fógra a thabhairt go tráthúil go raibh barántas EAW tarraingte siar, go háirithe nuair a bhí an té ab ábhar don iarratas gafa.
- Cásanna nach dtugtar cúis ar bith le neamh-fhorfheidhmiú maidir le barántas EAW, fiú amháin tar éis an duine a scaoileadh saor.
- Caillteanas airgid nó eile ar Stát na heisiúna nuair a ligeadh an duine ar ordaíodh a ghéilleadh amach ar bannaí, ach nár tháinig an té sin i láthair mar a treoraíodh nó i gcásanna coinneála, nuair is é an duine contráilte a thug Stát an fhorfheidhmiúcháin ar láimh.

Sa chás *Istanek v. Cúirt Dhúiche Přerov*, ba ghá do chúirt sa Ríocht Aontaithe cinneadh cibéar cheart barántas EAW a rangú mar bharántas a eisíodh chun críche ionchúisimh nó mar bharántas a eisíodh chun críche pianbhreithe coinneála nó ordaithe coinneála, nuair a bheadh de cheart atriail a dhéanamh tar éis an ghéillte (bhí ag baint leis an gcás gur gearradh an phianbhreith *in absentia*). Ní rabhthas ar aon intinn faoin scéal i measc na n-údarás intíre agus bheadh toradh den tábhacht maidir le himeachtaí (cás ina bhféadfaí an barántas a chaitheamh amach san áireamh) a d'eascródh ón gcinneadh. Mar gheall ar bhreitheanna sa dlí náisiúnta a rachadh in aghaidh a chéile, d'iarr cúirt na Ríochta Aontaithe tuairisc ar Eurojust faoin dlí agus an nós imeachta i mBallstáit eile. Taobh istigh d'uaireanta a chloig den iarratas a theacht, chuir Eurojust eolas ar fáil faoin mbealach a ndéileálfadh cúirteanna náisiúnta i mBallstáit eile i gcás den sórt céanna. Chuir Deasc Phoblacht na Seice comhairle freisin faoi na cásanna, faoi dhlí na tíre sin, ina bhféadfadh duine a ciontaíodh *in absentia* a triail a iarraidh, agus dá réir sin, cibé an bhféadfaí cinneadh na cúirte i bPoblacht na Seice sa chás a bhí faoi chaibidil a mheas mar bhreith chríochnúil. Cinntíodh le cúnamh Eurojust gur cuireadh lón eolais faoin nós imeachta go ginearálta i ndlínsí eile de chuid an AE agus an nós imeachta faoi leith i mBallstát áirithe ar fáil go pras agus go héifeachtúil ionas go bhféadfaí a mheas i gcúirt náisiúnta.

- Géilleadh sealadach a dhiúltú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhac mór ar an imscrúdúchán a thabhairt chun cinn i Stát na heisiúna.

- Modhanna caidrimh éagsúla a úsáid chun barántas EAW a sheoladh, gan fógra a thabhairt go bhfuil sé á sheoladh trí mhodhanna faoi leith.

- Moill le toiliú a fháil le hionchúiseamh a dhéanamh maidir le cionta breise (nach mbeadh tugtha chun aire roimhe sin) (riail speisialtachta, Airteagal 27 sa Chreatchinneadh maidir leis an mbarántas EAW).

Bhain Eurojust leas go minic as an gcaidreamh comhoibre le biúrónna maidir le Iarratas ar Fhaisnéis Bhreisitheach ag an Iontráil Náisiúnta (SIRENE). Is í an obair is mó a leagtar ar na biúrónna sin, atá ar bun sna Stáit ar fad a bhaineann le Schengen, malartú a dhéanamh ar fhaisnéis breise faoi theachtaireachtaí foláirimh i measc na mBallstát. Bhí ról tábhachtach ag na haonaid SIRENE le forfheidhmiú praiticiúil ar barántais EAW.

1.2.11 Orduithe calcúcháin

Is beag sampla atá san obair ar chásanna Eurojust d'úsáid a bhaint as Creatchinneadh 2003/577/CGB ón gComhairle maidir le calcadh ar mhaoin nó ar fhianaise san Aontas Eorpach. Cé go bhfuil trasuíomh déanta i gcuid mhór de na Ballstáit ar na forálacha a bhaineann leis i reachtaíocht na tíre, tá na húdaráis bhreithiúnacha ag leanacht de fhoirmeacha seanbhunaithe den MLA a úsáid agus iarratais á ndéanamh maidir le horduithe calcúcháin.

D'fhéadfadh go bhfuil an scéal amhlaidh mar gheall go gceaptar an t-ordú calcúcháin faoin gCreatchinneadh a bheith casta, agus nach bhfuil an teimpléad a chuirtear ar fáil d'ordú dá shórt sa Chreatchinneadh cóiriúil do lucht a úsáide. Feictear do chuid mhór den lucht feidhme freisin go bhfuil teorainn le scóip an ordaithe calcúcháin agus gur tapaidh agus gur furasta an rogha dá bhrí sin na hiarratais go léir a bhaineann le cás coiriúil, mar shampla iarratais ar bhearta cuardaigh, tascradh ar bhearta teilechumarsáide agus urghabháil a thabhairt san

áireamh i litir rogáide faoi Choinbhinsiún MLA na bliana 1959 nó na bliana 2000. Is fadhb níos bunúsaí an deacracht atá ag baint le hordú calcúcháin a eisiúint nuair a d'fhéadfadh fianaise a theacht chun aire le linn bheart cuardaigh nach raibh eolas ag na húdaráis eisiúna uirthi roimh ré.

Is é a thuigtear ón obair ar chásanna Eurojust gur mó is dócha go mbainfidh an lucht feidhme úsáid as ordú calcúcháin má oibríonn an Stát forfheidhmiúcháin ar an toirt ar a fháil. Tá seirbhís fhónta á déanamh ag Eurojust ina leith sin trí chomhairle a chur ar údaráis náisiúnta faoi na nósanna imeachta éagsúla sna Ballstáit i ndáil leis an ord tábhachta a bhainfeadh le horduithe calcúcháin a fhorfheidhmiú. Tugadh le fios gur féidir, sna tíortha sin ina bhfuil clár lárnach baincéireacht, faisnéis faoi chuntais bainc a bhaineann le hamhrastach a chur ar fáil níos luaithe, agus go bhfágann sin gur féidir iarratais maidir le calcúchán a fhorfheidhmiú níos tapaidh.

1.2.12 Coigistiú agus aisghabháil sócmhainní

D'fhéadfadh go mbeadh moill agus constaicí roimh Bhallstát amháin maidir le sócmhainní a aisghabháil as Ballstát eile.

Rinneadh imscrúdú maidir le húinéir tairbhiúil chuideachta shealbhaíochta mhór de chuid na Spáinne a bhain le réimsí iomadúla gnó (peitreal, gás, talmhaíocht, eastát réadach agus gnólachtaí bia, i measc réimsí eile) agus ar ochtar eile sa Spáinn agus sa Bheilg maidir le calaois i gcúrsaí cánachais, sciúradh airgid agus páirt in eagraíocht choireachta. Rinneadh indíotáil ar dhlíodóirí as comhlacht clúiteach agus é líomhnaithe gur chuir siad córas comhlachtaí agus idirbheartaíocht airgeadais ar bun i bPanama, in Aintillí na hÍsiltíre, san Ísiltír agus san Eilvéis d'fhonn úinéireacht na sócmhainní a cheilt. Bhíothas in amhras go raibh cáin seachnaithe maidir le tuairim is €2 bhilliún ag an bpríomhamhrastach. D'eagraigh Eurojust dhá chruinniú comhordúcháin le húdaráis náisiúnta as an Spáinn, as an mBeilg agus as an Ríocht Aontaithe, a raibh aontú faoin straitéis ionchúisimh agus faoi na bearta dlí a dhéanfaí sa chás casta seo de thoradh orthu. Go dtí seo, tá calcadh déanta ar shócmhainní dar luach€112 milliún sa Bheilgagus ar shócmhainní dar luach€10 milliún sa Ríocht.

D'fhéadfadh gur mar gheall ar éagsúlacht maidir le rialacha substainteacha nó rialacha maidir le nósanna imeachta i ndáil le coigistiú sna Ballstáit na fadhbanna maidir leis an gcomhar. Tá roinnt Ballstát ina gceadaítear forghéilleadh iontu ar shócmhainní coiriúlachta fiú sa chás nach bhfuil ciontú in imeachtaí coiriúla (forghéilleadh sócmhainní nach bunaithe ar chiontú (NCB)) tarlaithe, ach ní cheadaítear ina mórchuid. Is follasach go n-eascraíonn ceisteanna as an gcás sin maidir le forfheidhmiúchán trasteorann sa chás go n-iarrann Ballstát ina n-úsáidtear forghéilleadh sócmhainn NCB i mBallstát nach n-úsáidtear. Ar leibhéal na praiticiúlachta, eascraíonn fadhbanna ó chlárlann talún lárnaithe a bheith in easnamh i roinnt Ballstát nuair a ligfeadh sin do sheiceáil níos furasta agus níos luaithe maidir le maoin faoi úinéireacht amhrastach agus ó dheacrachtaí chomh maith teacht ar aontú faoi chomhroinnt.

Sa bhliain 2011, lean Eurojust de chuidiú leis na húdaráis náisiúnta ina gcuid iarrachtaí coigistiú agus aistíriú a dhéanamh ar an ngnóthúchán ó choireacht agus de chuidiú le roinnt de na deacrachtaí a luaitear thuas a réiteach. Rinneadh luach mór sócmhainní (e.g. maoin eastáit réadaigh, earraí sócúlachta) agus airgid a choigistiú i rith na bliana 2011 i gcásanna a bhí cláraithe le Eurojust.

Gáinneáil Drugaí - seachadadh faoi rialú

1.2.13 Seachadadh faoi rialú

Lean Eurojust ag cuidiú leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí seachadadh rialaithe trasteorann a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2011. De réir Airteagal 9c agus Airteagal 9d i gCinneadh Eurojust, is féidir a thabhairt de chumhacht do Chomhaltaí Náisiúnta, ina n-údaráid náisiúnta inniúla dóibh, údarú agus comhordú a dhéanamh maidir le seachadadh faoi rialú.

Mar mhodh imscrúdaithe, is féidir éifeacht faoi leith a bheith le seachadadh faoi rialú i gcásanna maidir le gáinneáil drugaí. Cuirtear ar fáil leo bealach inar féidir ceannairí ghrúpaí coireachta eagraithe, seachas an lucht iomlachta amháin, a thabhairt os comhair cúirte. Tá éagsúlacht mhór i gcónaí idir an reachtaíocht agus an nós imeachta i mBallstáit éagsúla faoi sheachadadh faoi rialú, rud a fhéadann deacrachtaí a chothú sa chomhar idirnáisiúnta, ar leibhéal fhorfheidhmiú an dlí agus ar an leibhéal breithiúnach araon.

Bíonn gá i gcónaí le beartaíocht luath nuair a dhéantar seachadadh faoi rialú ó tharla go bhféadfadh moill de shórt ar bith baint ó éifeacht na beartaíochta. D'fhéadfadh deacracht phraiticiúil a theacht chun cinn maidir leis na húdaráis a shonrú atá freagrach as cead a thabhairt seachadadh faoi rialú a úsáid. Tá roinnt Ballstát ann ina mbíonn údarú breithiúnach de dhíth maidir le seachadadh faoi rialú agus i mBallstáit eile tugann na póilíní údarú. D'fhéadfadh fadhb a bheith ag baint dá bharr sin leis na húdaráis inniúla i mBallstát a shonrú. D'fhonn dul i ngelic leis an bhfadhb seo, cuireadh moltaí chun cinn ag seimineár de chuid Eurojust maidir le gáinneáil drugaí a eagraíodh i mí Deireadh Fómhair 2011 ag moladh go n-ainmneofaí pointí caidrimh lárnacha i ngach Ballstát (ar an leibhéal breithiúnach dá mba ghá) a dhéanfadh údarú ar sheachadadh faoi rialú.

Tá cúnamh tugtha ag Eurojust le fadhbanna den chineál sin go ginearálta agus go háirithe leis na fadhbanna a bhaineann le hinghlacthacht fianaise. Is féidir tionchar a bheith go díreach ag údarú mar is cóir ar an seachadadh féin ar an inghlacthacht mar is féidir le ceisteanna comhréireachta maidir le modhanna ionsáiteacha faireachais agus ceisteanna eile den chineál céanna. Bíonn fadhb freisin le hábhar eile a chur in ionad na ndrugaí sula ndéantar an seachadadh faoi rialú. Ceadaítear a leithéid sin de bheartaíocht faoin reachtaíocht i roinnt de na Ballstáit agus ní cheadaítear i gcuid eile. Bíonn deacracht faoi leith le seachadadh faoi rialú a eagrú nuair a bhíonn an tríú Stát i gceist agus chuidigh Eurojust le lucht feidhme sna Ballstáit trí leas a bhaint as an taithí ar bheartaíocht trasteorann a théann níos faide ná an tAontas Eorpach.

I rith na bliana 2011, chudigh Eurojust go rialta le soiléiriú a thabhairt ar a n-éilítear faoin dlí maidir le seachadadh faoi rialú a dhéanamh i mBallstáit faoi leith. Bhí cás amháin nach bhféadfaí an seachadadh

faoi rialú a dhéanamh mar gheall nár tugadh san iarratas na sonraí ba ghá faoin reachtaíocht sa tír lena ndearnadh an t-iarratas. D'fhonn deacrachtaí den sórt sin a sheachaint, d'fhéadfadh go mbeadh tairbhe ag Ballstáit as cásanna a chur faoi bhráid Eurojust ionas gur féidir litreacha rogáide faoi sheachadadh faoi rialu a dhréachtadh a thiocfadh lena n-éilítear go sonrach faoin dlí i ngach Ballstát trína n-aistreofar an t-ábhar ar a ndéanfar an seachadadh faoi rialú.

1.3 An comhar breithiúnach maidir le réimsí coireachta tús áite

1.3.1 Sceimhlitheoireacht

Cláraíodh 27 cás a bhain le cúrsaí sceimhlitheoireachta, cásanna maidir leis an maoiniú ar sceimhlitheoireachta san áireamh, le Eurojust i rith na bliana 2011, agus bhí an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta ina chuid tús áite arís den obair fheidhmiúcháin. Bhí líon na gcásanna maidir le cúrsaí sceimhlitheoireachta i rith na bliana 2011 cosúil go maith le líon na gcásanna (28) sa bhliain 2010. Eagraíodh cruinniú comhordúcháin amháin (a raibh páirt ag Europol ann) maidir le cás a bhain le cúrsaí sceimhlitheoireachta. Cuireadh meitheal JIT ar bun mar chúnamh taca le bearta imscrúdúcháin trasnáisiúnta agus bhí meitheal JIT eile a cuireadh ar bun sna blianta roimhe seo i mbun oibre go fóill.

Bunaithe ar fhaisnéis a tháinig ó chomhfhreagraithe náisiúnta Eurojust maidir le cúrsaí sceimhlitheoireachta arna cur ar fáil de bhun Chinneadh 2005/671/CGB an 20 Meán Fómhair 2005 ón gComhairle chomh maith faisnéis a tháinig trí

Bhí roinnt Ballstát i Lár na hEorpa i mbun imscrúdúcháin ar ghrúpa coireachta eagraithe a bhí ag cur ainhidríd aicéiteach, réamhábhar riachtanach maidir le táirgíocht hearóine, ar fáil do chomhghleacaithe dá gcuid sa Tuirc. Bhí tugtha chun aire ón obair imscrúdúcháin go raibh níos mó ná 30 tonna den réamhábhar i gceist. (Is féidir timpeall is 400-600 kg de hearóin a tháirgeadh as aon tonna amháin d'ainhidríd aicéiteach). Bhí an hearóin a táirgíodh á dháileadh ansin le díol san Aontas Eorpach. Ní raibh an rath ar iarrachtaí roimhe seo seachadadh rialaithe ar an réamhábhair sa Tuirc a eagrú.

Nuair a tháinig údaráis na Slóvaice ar an eolas faoi phlean nua 10 dtonna d'ainhidríd aicéiteach a sheoladh go dtí an Tuircagus glacadh ar ais le 300 kg hearóine tríd an Iodáil, an Bhulgáir, an Rómáin, an Ungáir, Poblacht na Slóvaice agus an Ostair, luadh an cás le Eurojust ionas go bhféadfaí seachadadh faoi rialú a shocrú agus sin faoi mhaoirseacht bhreithiúnach. Thug Eurojust Europol isteach san obair maidir le faisnéis a chur ar fáil trí anailís crosmhaitseála, agus ba é toradh a bhí air sin gur tugadh faoi deara ceangal le bearta imscrúdúcháin a bhí ar siúl i dtíortha eile. I mí na Samhna 2011, d'fhreastail na tíortha ar fad lenar bhain an cás (an Tuirc san áireamh) cruinniú comhordúcháin a eagraíodh in Eurojust d'fhonn aontú ar phlean beartaíochta. Rinneadh an seachadadh faoi rialú ar ainhidríd aicéiteach, ag dul trasna na mBallstát, mar a bhí aontaithe ach, a luaithe agus a bhí sé sa Tuirc, rinneadh an lastas a ghabháil agus tiománaí an leoraí, nach raibh ciontach in aon choir, a ghabháil, i gcodarsnacht leis na socruithe ar aontaíodh orthu ag an gcruinniú comhordúcháin. Bhí ról gníomhach agus cinniúnach ag Eurojust i scaoileadh saor an tiománaí. Cé nárbh fhéidir leanacht den bheart oibriúcháin sa Tuirc, gabhadh ochtar ceann feadhain san Aontas Eorpach agus rinneadh 32 tonna ar fad den ainhidríd aicéiteach, maille le drugaí, airm mídhleathacha agus doiciméid bhréige a urghabháil.

fhoinsí oscailte, d'eisigh Eurojust trí eagrán den Terrorism Convictions Monitor i rith na bliana 2011. Dírítear aird san TCM archásanna maidir le cúrsaí sceimhlitheoireachta ar ábhar spéise go ginearálta iad san AE agus ar an sárchleachtas trí anailís bhreithiúnach ar chásanna agus déantar dáileadh ar eolas faoi chora nua i gcúrsaí reachtaíochta sa réimse seo.

Eagraíonn Eurojust, tríd an Meitheal Frithsceimhlitheoireachta, cruinnithe oirbheartaíochta agus cruinnithe straitéise, ag a dtugtar le chéile giúistisí ardréime agus saineolaithe ar dhlína sceimhlitheoireachta chun a gcuid saineolais a scaipeadh ar a chéile d'fhonn cuidiú le lucht déanta na gcinntí san AE an comhordúchán ar an mbeartaíocht in aghaidh na sceimhlitheoireachta a dhéanamh níos éifeachtúla. Eagraíodh cruinniú oirbheartaíochta faoi "Antoisceachas Foréigneach Aon Ábhair nó Sceimhlitheoireacht" i mí Aibreán 2011. Ag an gcruinniú straitéise bliantúil do chomhfhreagraithe náisiúnta uile Eurojust maidir le cúrsaí sceimhlitheoireachta i mí Iúil, scrúdaíodh na torthaí ar an gceistiúchán a chuir údaráis bhreithiúnacha an AE ar fáil maidir leis an úsáid a bhaineann antoiscigh Ioslamachais as an idirlíon agus oibríodh ar anailís a dhéanamh ar chásanna.

Chuir Eurojust ábhar ar fáil do Thuarascáil Bhliantúil Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an AE; do bheart staidéir ar chuir Parlaimint na hEorpa tús leis faoi *Chostas measta bhearta frithsceimhlitheoireachta an AE*; agus do Staid agus Treocht maidir le Cúrsaí Sceimhlitheoireachta 2011 (TE-SAT) de chuid Europol. Tugadh stádas Breathnadóra do Eurojust ag cruinnithe de Choiste Saineolaithe faoi chúrsaí Sceimhlitheoireachta (CODEXTER) Chomhairle na hEorpa.

1.3.2 Gáinneáil Drugaí

I rith na bliana 2011, cláraíodh 242 cás maidir le gainneáil drugaí, líon is ionann le 16.8% de na cásanna ar fad agus líon a fhágann gáinneáil drugaí ar an gcineál coireachta is minice san obair ar chásanna Eurojust. Bhí laghdú beag ar líon na gcásanna i gcomparáid leis an mbliain 2010 (254), cé go raibh ardú ó 39 (2010) go dtí 50 (2011) ar líon na gcruinnithe comhordúcháin a eagraíodh faoi chásanna maidir le gáinneáil drugaí. Cuireadh seacht gcinn de mheithleacha JIT ar bun maidir le cásanna a bhain le gáinneáil drugaí i rith na bliana 2011 i gcomórtas le trí cinn sa bhliain 2010.

I gcomhar le hUachtaránacht na Polainne ar an Aontas Eorpach, d'eagraigh Eurojust seimineár straitéise in Krakow i mí Deireadh Fómhair 2011, faoi chreatchóras an togra straitéiseach maidir le *Feabhsú obair Eurojust ar chásanna maidir le gáinneáil drugaí*. Mar chuid den togra sin, rinneadh anailís agus measúnú ar shonraí agus ar an toradh a bhí ar chruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust i ndáil le cásanna maidir le gáinneáil drugaí idir an 1 Meán Fómhair 2008 agus an 31 Lúnasa 2010, d'fhonn na deacrachtaí is mó a chuirtear roimh an obair a shonrú agus seifteanna a réiteodh an scéal a chur chun cinn. Beidh an tuarascáil chríochnúil maidir leis an togra sin, a mbeidh an phlé ag an seimineár in Krakow agus toradh na hanailíse ar an obair ar chásanna mar chuid de, ar fáil sa bhliain 2012.

Déanann Comhad Oibre Anailíse (AWF) de chuid Europol anailís ar shonraí maidir le cineálacha éagsúla coireanna. Bíonn baint ag Eurojust anois le gach Comhad Oibre Anailíse (AWF) de chuid Europol a bhaineann le gáinneáil drugaí (AWF Hearóin agus AWF Cannabas i rith na bliana 2011). Rinne Eurojust cion tairbhe freisin maidir leis an gComhaontú Eorpach um dhrugaí shintéiseacha a dhréachtadh agus maidir le seimineáir de chuid an Choimisiúin faoi leasú a dhéanamh ar reachtaíocht an AE maidir le gáinneáil drugaí. Anuas air sin,

threisigh Eurojust leis an gcomhar leis an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) (tharla cuairteanna ar a chéile i rith na bliana 2011); agus leanadh de chúnamh taca a chur ar fáil do CEPOL maidir leis na cúrsaí oiliúna.

1.3.3 Gáinneáil ar dhaoine

I rith na bliana 2011, cláraíodh 79 cás a bhain le THB, an chuid is mó acu sin ag baint le gáinneáil ar dhaoine d'fhonn teacht i dtír orthu maidir le cúrsaí gnéis. Cé gur tháinig laghdú beag ar líon na gcásanna i gcomórtas leis an mbliain 2010 (87 cás), tharla beagnach dúbailt i líon na gcruinnithe comhordúcháin maidir leis an réimse seo ó q3 sa bhliain 2010 go dtí 24 sa bhliain 2011. Cuireadh tús le sé cinn ar fad de mheithleacha JIT ag plé le cásanna maidir le THB i rith na bliana 2011.

Ar an 18 Deireadh Fómhair 2011, faoi choimirce Uachtaránacht na Polainne ar an AE, ghlac Eurojust agus Gníomhaireachtaí CGB eile (CEPOL, an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, Europol, an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus Frontex) sa 5ú Lá Frithgháinneála de chuid an AE le Comhordaitheoir an AE do chúrsaí Frithgháinneála. Mar chuid den ócáid, eagraíodh díospóireacht idir Ceannairí na nGníomhaireachtaí CGB, síníodh Comhráiteas idir Eurojust agus comhlachtaí eile, agus ritheadh trí cinn de cheardlanna. Rinne Eurojust, i gcomhar le Europol, cathaoirleacht ar an gceardlann maidir le imscrúdúchán agus ionchúiseamh i ndáil le cionta THB.

Cuairt Myria Vassiliadou Uasal, Comhordaitheoir Frith-Gháinneála AE (An Coimisiún Eorpach)

I mí Lúnasa 2010, stop póilíní na Fraince leoraí ina raibh níos mó ná 2,000 kg de channabas. Deimhníodh go raibh baint ag an gcás leis an mBeilg, leis an Ísiltír, leis an Liotuáin agus leis an Eastóin agus iarradh ar Eurojust cúnamh a thabhairt ina leith. Eagraíodh trí cinn de chruinnithe comhordúcháin in Eurojust, a raibh páirt ag Europol leo, d'fhonn an malartú faisnéise a chothú lena ndíreofaí isteach ar an gcóras coireachta ar fad. Tháinig chun aire ón malartú faisnéise go raibh bait ag grúpa coireachta eagraithe as an Ísiltír leis an scéal agus gur cheart meitheal JIT a chur ar bun. Rinneadh sin i mí Feabhra 2011, agus thug Eurojust maoiniú i leith na meithle JIT d'fhonn bonn treise a chur faoin mbeartaíocht oibriúcháin. I mí Bealtaine 2011, rinneadh daoine a ghabháil sa Bheilg agus sa Fhrainc agus rinneadh barántais cuardaigh a fhorfheidhmiú san Ísiltír, bearta ar éirigh leo cur isteach ar an ngrúpa coireachta.

Bhí eagraíocht coireachta ar náisiúnaigh Vítneam a bhí i bhformhór díobh siúd a bhí ina gcinn feadhain uirthi ag cur doiciméid bhréige ar fáil d'imirceoirí mídhleathacha agus á smugláil isteach san Aontas Eorpach trí oirthear na hEorpa. Bhí grúpa Coirdíneach as an Iaráic a bhí ceangailte leis an ngrúpa seo a rinne na himircigh a bhí tagtha chomh fada leis an mBeilgagus leis an bhFrainc a smugláil isteach sa Ríocht Aontaithe, ar phraghas idir €2,000 agus €3,000 a ghearradh i ndáil le gach imirceach mídhleathach. D'fhonn an cás, a leathnaigh ar fud an Aontais Eorpaigh agus a raibh baint aige leis na tríú Stáit, a thabhairt chun cinn, d'iarr giúistis imscrúdúcháin na Fraince i Lille ar Eurojust cúnamh a thabhairt.

D'eagraigh Eurojust cruinniú comhordúcháin leis na húdaráis ar fad a bhain le hábhar. Aontaíodh ar an lá a dtarlódh feachtas comhbheartaíochta in aghaidh an ghrúpa coireachta eagraithe agus Eurojust in úsáid mar lárionad comhordúcháin agus socraíodh ar an áit a ndéanfaí ionchúiseamh. Le comhordúchán agus cúnamh taca eile á chur ar fáil ag Eurojust agus Europol, chuaigh oifigigh póilíneachta agus giúistisí imscrúdúcháin sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe, i bPoblacht na Seice, sa Ghearmáin agus san Ungáir i mbun gnímh. Chuir Eurojust comhairle maidir le heisiúint agus forfheidhmiúchán a dhéanamh ar an toirt i ndáil le litreacha rogáide agus barántais; gabhadh 30 duine a rabhthas in amhras gurb iad na cinn feadhain iad; rinneadh forfheidhmiúchán maidir le EAW agus bearta cuardaigh; agus, cé nárbh é an príomhaidhm é a bhí leis an imscrúdúchán, thángthas ar fheirm mhór curaíochta canabais faoi dhíon agus cuireadh isteach ar an táirgíocht.

Tá roinnt údarás a mheasann nach ndéantar dóthain imscrúdúcháin ná ionchúisimh i ndáil le THB agus go gcaitear le híospartaigh mar a bheadh cionta striapachais déanta acu nó inimirce neamhdhleathach. D'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar an gcás mar atá, tá togra straitéise curtha ar bun ag an Meitheal Gáinneala agus Cionta Gaolmhara i Eurojust, *Beartaíocht Eurojust in aghaidh gháinneáil ar dhaoine*, a bhfuil de chuspóir leis constaicí maidir le cúrsaí dlí agus le cúrsaí praiticiúla a d'fhéadfadh a theacht roimh ionchúiseamh maidir le THB san Aontas Eorpach a thabhairt chun aire agus seifteanna réitigh a chur chun cinn. Tabharfar an togra sin chun críche i rith na bliana 2012.

1.3.4 Calaois

Cláraíodh 218 cás maidir le calaois i rith na bliana 2011, ardú ó fhigiúr 204 na bliana 2010. Tagann réimse coireanna i gceist le "Calaois", ina measc caolaois i gcúrsaí cánachais, calaois ríomhaireachta, calaois maidir le táille réamhíoctha, míleithreasú sócmhainní corparáide agus calaois maidir le CBL. Tháinig ardú ar líon na gcruinnithe comhordúcháin faoi chásanna maidir le calaois ó 17 sa bhliain 2010 go dtí 58 sa bhliain 2011. Cuireadh ceithre cinn de mheithleacha JIT ar bun i rith na bliana 2011 chun cuidiú le himscrúdú ar chásanna calaoise.

Taobh istigh den rangú ginearálta maidir le calaois, cásanna a bhain le calaois maidir le CBL is mó a tháinig i gceist; bhí 24 cruinniú comhordúcháin i rith na bliana 2011 dírithe ar chionta den sórt sin, ní a d'fhéadfadh a bheith ina léiriú ar an tionchar a bhíonn ag coir den chineál sin ar an teacht isteach ag Ballstát.

Chuir Meitheal na gCoireanna i gcúrsaí Airgeadais agus Eacnamaíochta in Eurojust bailchríoch i rith na bliana 2011 leis an trogra straitéise dar teideal *Feabhas ó thaobh malartú faisnéise agus MLA idir údaráis bhreithiúnacha Bhallstáit an AE i ndáil le calaois maidir le CBL*. Tionóladh seimineár straitéise ar an 28 Márta a raibh lucht feidhme ó gach ceann de na Ballstáit agus ó Europol i láthair aige d'fhonn na constaicí ó thaobh dlí agus cúrsaí praiticiúla de a thagann faoi láthair roimh imscrúdú

agus ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le calaois maidir le CBL, go háirithe an cineál ar a dtugtar calaois rothláin. Cuireadh lón comhairle le chéile, lenar bhain: gardhréachtadh ar shainmhíniúcháin, leibhéil smachtbhannaí agus tréimhsí srianta sna Ballstáit i ndáil le calaois maidir le CBL; an gá atá le creatchóras dlí a bheith ar bun i ngach Ballstát chun plé le imscrúdúchán agus ionchúiseamh i ndáil le calaois maidir le CBL, gan bheann ar an áit inar déanadh an choir ná an áit inar fuilingíodh an chailliúint; agus an gá leis an gcomhar póilíneachta agus leis an gcomhar breithiúnach trasteorann a thionscnamh an stáid is luaithe is féidir le cúnamh taca ó Eurojust agus Europol.

1.3.5 Éillitheoireacht

Rinneadh 26 cás ar fad a chlárú faoi aicme na héillitheoireachta i rith na bliana 2011, laghdú beag ón líon 31 sa bhliain 2010. Ag teacht leis an bpátrún maidir le béim níos mó ar an obair comhordúcháin ag Eurojust, tháinig ardú suntasach ar líon na gcruinnithe comhordúcháin ó 11 cruinniú i rith na bliana 2010 go dtí 19 i rith na bliana 2011.

Tháinig toradh i rith na bliana 2011 ar obair mheitheal JIT maidir le héillitheoireacht a bhí curtha ar bun ag Eurojust roimhe seo agus d'íoc comhlacht as Ballstát suim réitigh ab ionann le timpeall is €3 mhilliún mar gheall ar chás maidir le héillitheoireacht trasteorann a raibh scóip dhomhanda ag baint leis.

1.3.6 Cibearchoireacht

Cláraíodh 24 cás i rith na bliana 2011, i gcomparáid le 32 cás sa bhliain 2010. I gcodarsnacht leis sin, tháinig ardú suntasach ar líon na gcruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust a eagraíodh, agus ardú ar líon na gcruinnithe comhordúcháin maidir le cúrsaí cibearchoireachta ó aon chruinniú amháin sa bhliain 2010 go dtí 10 gcruinniú i rith na bliana 2011. Bhí páirt ag Eurojust i dhá mheitheal JIT i rith na bliana faoi chaibideal.

Tagann dhá chineál coireachta faoi scáth an téarma "cibearchoireacht": úsáid a bhaint as an idirlíon le linn coireanna

Bhíothas in amhras ar stiúrthóirí chuideachta de chuid na hÍsiltíre go raibh siad páirteach i scéim mhór de chineál Ponzi scheme. Áitíodh ar 800 infheisteoir táirgí infheistíochta calaoiseacha a cheannach ar €200 milliún in iomláine. Rinneadh earcaíocht ar an lucht infheistíochta trí fhógraí teilifíse, trí chlár teilifíse san Ísiltír "Rang Gnó" agus ag "Aonaigh na Milliúnaithe". Bhí oifigí díolacháin ag an gcuideachta ón Ísiltír freisin ar fud na hEorpa. Mar gheall gur calaois idirnáisiúnta a bhí ar siúl (lenar bhain ceithre cinn de Bhallstáit ar a laghad agus ceithre thríú Stát) iarradh ar Eurojust cúnamh a thabhairt. Tar éis cruinniú comhordúcháin a eagrú in Eurojust, socraíodh lárionad comhordúcháin a eagrú sa Háig.

Ar an 27 Meán Fómhair 2011, thug údaráis bhreithiúnacha agus oifigigh póilíneachta in ocht gcinn de thíortha faoi oibriúchán i gcomhar. San Ísiltír, rinneadh cuardach i sé cinn d'árais chónaithe príobháideacha, i gcúig cinn d'áitribh cuideachtaí agus in oifig dlíodóra. San Eilvéis, rinneadh cuardach in áras cónaithe príobháideach agus i dhá áitreabh cuideachtaí. An tráth céanna, rinneadh bearta cuardaigh freisin sa Bheilg, sa Spáinn, sa Ríocht Aontaithe, sa Tuirc, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus in Dubai. Rinne Eurojust comhordú ar bhonn tobláithreach ar na bearta cuardaigh agus ar na bearta gabhála ón lárionad comhordúcháin. De thoradh an fheachtais, rinneadh urghabháil ar shócmhainní i ndlínsí éagsúla, mar shampla, eastát réadach, carranna, agus suimeanna móra airgid i gcuntais bainc.

Tá líomhaintí maidir le héillitheoireacht á ndéanamh in aghaidh ceathrar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPE) mar gheall ar imscrúdú a rinne lucht nuachtáin. Shéan Parlaimint na hEorpa (PE) ar OLAF ceart imscrúdú riaracháin a dhéanamh maidir leis an gcás gan ordú ina leith ó na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta, agus diúltaíodh cead a thabhairt d'oifigigh frithéillitheoireachta oifigí na FPE a rabhthas in amhras orthu a chuardach. Rinne na húdaráis náisiúnta inniúla sna Ballstáit lenar bhain bearta imscrúdúcháin a thionscnamh, agus cuireadh an cás faoi bhráid Eurojust maidir le cúnamh a thabhairt. Ar chomhairle ó Eurojust, d'iarr údarás breithiúnach na hOstaire cúnamh taca saineolais ar OLAF, go háirithe maidir le cuardach a dhéanamh in áitribh PE. Le cabhair ó OLAF agus ó Eurojust, rinne údaráis na Fraince agus údaráis na Beilge áitribh PE a chuardach de réir mar a bhí ordaithe ag údarás breithiúnach na hOstaire, agus sin taobh istigh de thréimhse gairid ama. Eagraíodh cruinniú comhordúcháin lenar bhain an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin, an Bheilg agus an Fhrainc le cúnamh taca ó OLAF agus ó Eurojust. Bhí baint agOLAF le cuardach a raibh toradh air a dhéanamh go tráthúil in áitribh PE arna ordú ag na húdaráis náisiúnta. Tá an obair ar an gcás ag leanacht ar aghaidh.

de sheanchineálacha a dhéanamh, mar shampla, calaois, góchumadh, ábhar maidir le mí-úsáid gnéis a fhoilsiú, etc., agus úsáid a bhaint as deiseanna leictreonaice chun cur isteach ar chórais faisnéise nó iad a chur ó mhaith ar fad. Tá cion tairbhe déanta ag Eurojust maidir leis an gcomhrac in aghaidh an dá chineál cibearchoireachta. Ghlac Eurojust páirt freisin dtionscnaimh a leagadh amach d'fhonn teacht roimh an mbagairt ar leibhéal an AE. Lean Eurojust den pháirt a ghlactar san Ardán Cibearchoireachta Eorpach lena mbaineann an Córas Tuairiscíochta Ar-Líne maidir le Coireacht ar an Idirlíon (I-CROS) agus Comhad Oibre Anailíse (AWF) de chuid Europol CYBORG. Chuir Eurojust saineolas ar fáil chomh maith i ndáil leis an bplé atá ar siúl faoi láthair faoi Lárionad Cibearchoireachta Eorpach a bhunú.

1.3.7 Sciúradh airgid

Cláraíodh 122 cás maidir le sciúradh airgid i rith na bliana 2011 i gcomparáid le 146 i rith na bliana 2010. Maidir le líon na gcásanna go ginearálta, bhí sciúradh airgid ar an gceathrú cineál coireachta ba choitianta (gáinneáil drugaí, calaois agus THB chun tosaigh). Ní díol iontais an figiúr sin ó tharla go mbíonn gá ag grúpaí coireachta eagraithe le hairgead dlisteanach a dhéanamh den bhrabach ó bheartaíocht choiriúil agus le ciste a chur ar fáil d'fhiontar coireachta eile ina dhiaidh sin. Is é a bhíonn de thoradh air sin gur minic a sheolann grúpaí coireachta eagraithe airgead trasna teorainneacha chun na cuspóirí sin a thabhairt i gcrích. Eagraíodh 27 cruinniú comhordúcháin i rith na bliana 2011 (30 figiúr na bliana 2010). Eagraíodh dhá mheitheal JITs i rith na bliana 2011, agus bhíothas ag díriú ar sciúradh airgid freisin le dhá mheitheal JIT eile a bhain le gáinneáil drugaí.

Leagtar béim in Measúnacht ar Bhagairt ó Choireacht Eagraithe (OCTA) 2009 agus in Measúnacht ar Bhagairt ó Choireacht Eagraithe na Rúise (ROCTA) 2008 ar an nádúr forleata atá le sciúradh airgid agus rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh ó shin sciúradh airgid a shonrú ar cheann de réimsí tús áite an AE maidir leis na blianta 2010-2011 sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe.

D'ionsaigh lucht bradaíochta na cláir náisiúnta maidir le ceadúnais trádála carbóin i bPoblacht na Seice, san Ostair, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Rómáin, sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe. Goideadh timpeall is 1,175,000 cead (arbh fhiú timpeall is €18 milliún iad) as clárlann Phoblacht na Seice maidir le trádáil leictreachais agus carbóin, agus rinneadh iad a aistriú go dtí cuntais i roinnt tíortha éagsúla sa Ghearmáin. Ar a lorg, fuarthas gur cuireadh cuid mhaith go dtí an Ghearmáin, go dtí an Eastóinagus go dtí an Ríocht Aontaithe.

Bhí an *modus operandi* a bhain leis na hionsaithe seo sna seacht gcinn de Bhallstáit ionann is mar a chéile, agus modhanna oibre den chineál caomhchóirithe céanna in úsáid ag lucht déanta na gcionta. Ba róchosúil go raibh ceangal idir na hionsaithe ar fad. Agus imscrúdú á dhéanamh ar an gcás, bhí faisnéis as Ballstáit eile de dhíth ar ionchúisitheoir Phoblacht na Seice agus iarradh ar Eurojust cúnamh a thabhairt agus comhordú a dhéanamh ar ghné an chomhair bhreithiúnaigh den chás. Rinne Eurojust monatóireacht agus cuidíodh (i gcomhar leis an Líonra Breithiúnach Eorpach (EJN)) le forfheidhmiúchán ar iarratais bhreithiúnacha leis an nGearmáin, leis an Eastóin agus leis an Ríocht Aontaithe ionas go bhféadfaí urghabháil i bpáirt a dhéanamh ar na ceadanna astaíochta goidte agus iad a thabhairt ar ais do na híospartaigh. Tá bearta fiosrúcháin eile maidir le gnóthaí fioscaireachta agus bradaíola a bhfuil forás tagtha orthu de réir mar a leathnaíodh an ghné trasteorann den chás, agus cuideoidh Eurojust tuilleadh leis an gcás a thabhairt chun cinn.

1.3.8 Bearta coireachta eagraithe eile

Cláraíodh 197 cás faoi aicme na mbeart coireachta eagraithe eile i rith na bliana i gcomparáid le 233 cás an bhliain roimhe seo. Tháinig ardú mór ar líon na gcruinnithe comhordúcháin ó 13 cruinniú sa bhliain 2010 go dtí 56 cruinniú i rith na bliana 2011. Cuireadh sé cinn de mheithleacha JIT ar bun chun díriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe.

Ní mór cúram faoi leith maidir le hábhar staitisticí i ndáil leis an réimse seo. Is léir gur rangú ar fhuílleach cásanna atá i gceist le "bearta coireachta eagraithe eile", agus ní bhaintear úsáid as ach amháin nuair nach leor de chur síos gnéithe eile den bheartaíocht coireachta eagraithe, mar shampla, gáinneáil ar dhrugaí, THB nó sciúradh airgid.

Ina fhianaise sin, tá Eurojust ag féachaint le feabhas a chur ar an tuairiscíocht faoi fhigiúirí maidir le coireacht eagraithe. Sna Conclúidí a bhí ag an gComhairle le Tuarascáil Bhliantúil Eurojust sa bhliain 2010, d'aontaigh an Chomhairle leis an rún a bhí ag Eurojust feabhas a chur ar na deiseanna staitistice ionas go mbeifí in acmhainn figiúirí níos mionsonraithe a chur ar fáil don Chomhairle faoi choireanna ar dá dtréithe an ghné seo. Leanadh den obair sin i rith na bliana 2011, go háirithe trí liosta nua coireanna a chur le chéile don Chóras Bainistíochta Cásanna, arna chóiriú do riachtanais Eurojust agus arna aontú ag an gColáiste.

Bhí imscrúdú ar siúl i ndáil le saoránaigh de chuid na hIodáile a bhí ina gcónaí sa Ghearmáin mar gheall ar chalaois maidir le CBL agus sciúradh airgid a bhain le trádáil ar scála mór a bhíothas a dhéanamh ar fheithiclí. Nuair a thosaigh ionchúisitheoirí na Gearmáine ar chomhfhreagras lena gcomhghleacaithe san Iodáil, tháinig chun aire go raibh deacracht faoin dlí le forfheidhmiúchán a dhéanamh. Cuireadh sin faoi bhráid Eurojust lena mheas. Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfadhb, ba é comhairle Eurojust gur chóir do na húdaráis bhreithiúnacha san Iodáil smaoineamh faoina leathcheann de bheart imscrúdúcháin a chur ar siúl. D'eagraigh Eurojust cruinniú comhordúcháin ansin ag ar thángthas ar aontú faoin gcás a thabhairt chun cinn agus socraíodh ar lá faoi leith do chomhbheartaíocht oibriúcháin arna eagrú trí lárionad comhordúcháin in Eurojust.

D'fhág an lárionad comhordúcháin gurbh fhéidir malartú a dhéanamh go tobláithreach ar fhaisnéis agus ar fhianaise idir údaráis póilíneachta agus údaráis bhreithiúnacha sna Ballstáit a bhí páirteach ann, agus gurbh fhéidir sonraí a bailíodh a chur faoi anailís ar an toirt. Mar gheall ar an mbeartaíocht oibriúcháin chomhuaineach, rinneadh an príomhamhrastach a ghabháil sa Ghearmáin agus a chúisiú i sciúradh airgid. Chomh maith leis sin, rinneadh cuid mhór beart cuardaigh sa dá Bhallstát (5 chuardach sa Ghearmáin agus 20 cuardach san Iodáil) ag áitribh chónaithe na bpríomhamhrastach agus ag oifigí na gcomhlachtaí a raibh baint acu leis an tráchtáil mhídhleathach. Gabhadh fianaise cháipéisíochta agus roinnt ríomhairí chomh maith le hurghabháil a dhéanamh ar luach timpeall is €300,000 de shócmhainní; agus rinneadh cuntas bainc sa Ghearmáin a chalcadh. Ba é Eurojust an tsiocair bhrostaitheach ba bhonn leis an toradh ar an mbeart oibriúcháin i gcomhar agus leanfaidh Eurojust den chora nua sa dá bheart imscrúdúcháin a bhreathnú d'fhonn an toradh is fearr ar leibhéal an bhreithiúnais a chinntiú.

D'iarr údaráis na Bulgáire cúnamh Eurojust maidir le cás faoi pháirt lucht coireachta eagraithe i gcalaois aitheantais, i scimeáil agus i ngóchumadh euro. Ba de bhunadh dhá náisiúntacht (an Bhulgáir agus fYROM) an ceann feadhain a raibh cónaí air ag an am sa Spáinn. Mar gheall ar chomhfhreagras ó údaráis na Bulgáire, chuidigh Eurojust le Meitheal JIT a chur ar bun idir údaráis de chuid na Bulgáire, údaráis de chuid na Spáinne, Eurojust agus Europol.

Bhí na húdaráis cinnte, tar éis cruinniú den mheitheal JIT i mí Aibreán 2011, go raibh an t-amhrastach faoi imscrúdú ag údaráis na Gearmáine chomh maith. Thug Eurojust Deasc na Gearmáine isteach ar an mbeartaíocht go pras agus rinne an Deasc caidreamh le comhghleacaithe in údaráis náisiúnta. Dá thoradh sin, ghabh údaráis na Gearmáine saoránaigh de chuid na Bulgáire agus an tríú Stát a raibh seilbh acu ar beagnach 300,000 euro góchumtha. Chuir páirt Eurojust san obair agus cúnamh Eurojust maidir le comhordúchán ar bheartaíocht idir na húdaráis ionchúisimh náisiúnta ar acmhainn údaráis na Bulgáire an t-imscrúdú roimh an triail a thabhairt chun críche go sásúil.

I mí Bealtaine 2009, chuaigh foghlaithe mara ar bord an *Marathon*, long ón Ísiltír, i Murascaill Áidin. Rinne údaráis na hÍsiltíre dhá phríomhrogha a thabhairt faoi mheas: (1) beart míleata in éadan na bhfoghlaithe mara, nó (2) caibidlíocht leis na foghlaithe mara a raibh na milliúin de dollair na Stát Aontaithe éilithe acu mar airgead fuascailte. Shocraigh úinéir na loinge tabhairt faoi idirbheartaíocht d'fhonn go scaoilfí saor an long ar an airgead fuascailte a íoc. Íocaíodh an t-airgead fuascailte agus cé go bhfuair duine amháin d'fhoireann na loinge bás, níor gabhadh aon duine mar gheall ar an gcoireacht. Thug úinéir na loinge, Dúitseach, tuairisc ar an ionsaí d'údaráis na hÍsiltíre arna lua gur sracaireacht a bhí ann, agus bhí dlínse ag an Ísiltír maidir leis an gcás dá bharr sin. De thoradh imscrúdúcháin, sonraíodh cérbh iad cuid mhór de na foghlaithe mara agus bhí ceangal acu le cásanna eile a raibh imscrúdú á dhéanamh ina leith sa Ghearmáinagus sa Bheilg.

De réir mar a bhí an cás ag dul chun cinn, eagraíodh roinnt cruinnithe comhordúcháin agus rinneadh malartú ar fhaisnéis oibriúcháin, mar shampla, *modus operandi*, ainmneacha na n-amhrastach, etc. Ba ní tábhachtach an fóram a cuireadh ar fáil in Eurojust ina raibh ar acmhainn ionchúisitheoirí a bhíonn ag plé le cásanna maidir le foghlaithe mara, malartú a dhéanamh ar an lón eolais a bhí acu ó thaithí faoi dheacrachtaí a thagann i gceist le cúrsaí fianaise agus dlí mar gheall ar an dlínse lena mbaineann, an cás mar a bhí ar bord, gnéithe den ghabháil agus den ghéilleadh, áiseanna coinneála, bailiú na fianaise, éisteacht finnéithe, sonrú na n-amhrastach, deimhniú agus bonn tuisceana maidir le haois (a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar ionad na trialach agus stádas na bhfoghlaithe mara líomhnaithe faoin dlí), etc. Rinneadh an tábhacht le páirtnéireacht le páirtithe eile, mar shampla an cabhlach, comhlachtaí árachais, údaráis calafoirt, etc. a iniúchadh, chomh maith le deiseanna imscrúdúcháin d'fhonn an t-airgead a gnóthaíodh ón bpíoráideacht a lorg. Mar gheall ar a shonrú ag cruinnithe Eurojust go rabhthas sa tóir ar na hamhrastaigh céanna, cuireadh meitheal JIT idir an Ísiltíragusan Ghearmáinar bun i mí na Samhna 2011.

Cibé deacracht a bhaineann le tuairisc a choinneáil ar "bhearta coireachta eagraithe eile", is léir go bhfuil an choireacht eagraithe féin ar cheann de na cineálacha coireachta tús áite is tábhachtaí a ndéileáiltear leis in Eurojust agus is léiriú sin ar bheartaíocht chun díriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe faoi leith a bheith ar cheann de na réimsí is mó a leagann an tAontas Eorpach tábhacht leis sna cúrsaí seo.

1.4 Meithleacha Imscrúdúcháin Chomhpháirteacha

I rith na bliana 2011, cuireadh 33 meitheal JIT nua ar bun le cunamh ó Eurojust. Bhí ionchúisitheoirí, breithiúna agus oifigigh póilíneachta de chuid Eurojust páirteach in 29 meitheal de na meithleacha JIT sin de bhun Airteagal 9f i gCinneadh Eurojust. Ghlac dhá tríú stát páirt i meitheal iltaobhach JIT a raibh cúnamh taca á thabhairt ag Eurojust ina leith. Léiríonn an forás seasta ar líon na meithleacha JIT atá á gcur ar bun le cúnamh Eurojust agus a bhfuil Eurojust páirteach iontach go bhfuil tuiscint níos fearr ag na húdaráis náisiúnta ar an modh oibre seo agus iad suim níos mó acu in úsáid a bhaint as i mbun a gcuid oibre feidhmiúcháin.

An Pointe Caidrimh maidir le Cosaint Leanaí in Eurojust – Coireanna in aghaidh leanaí

Cláraíodh 33 cás mar chásanna maidir le coireanna in aghaidh leanaí i rith na bliana 2011, dhá chás a chláraigh an Iorua san áireamh. Ón mbliain 2004 i leith tá 169 cás in iomláine a bhaineann le coireanna in aghaidh leanaí cláraithe le Eurojust agus sé chás a chláraigh an Iorua san áireamh. I measc chásanna Eurojust, is iad na cineálacha coireachta is minice a bhaineann le leanaí, drochúsáid gnéis, lena n-áirítear éigniú agus teacht i dtír gnéis, íomhánna de dhrochúsáid leanaí (pornagrafaíocht leanaí), agus gáinneáil ar dhaoine.

Threisigh an Pointe Caidrimh maidir le Cosaint Leanaí i Eurojust, i rith na bliana 2011, leis an gcomhoibriú atá idir Eurojust agus an Chomhghuaillíocht Airgeadais Eorpach in aghaidh theacht i dtír gnéis ar leanaí ar líne (EFC). Cuireadh an EFC ar bun sa bhliain 2009 chun cur in aghaidh dháileadh íomhánna de mhí-úsáid a bheith á thabhairt ar leanaí ar bhonn tráchtála ar an idirlíon. Cruthaíodh struchtúr nua don EFC i rith na bliana 2011 agus béim níos tréine ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar bheartaíocht sa réimse breithiúnach tar éis obair thosaigh EFC.

D'fhonn dlús breise a chur le bearta feidhmiúcháin ar éirigh go maith leo, mar shampla Operation Lost Boy trínar baineadh drong péidifilia ó chéile agus 70 leanbh a shábháil ó dhrochúsáid gnéis a oibriú orthu san Aontas Eorpach, cothaíodh an caidreamh leis an mbrainse maidir le Teacht i dTír ar Leanaí agus Graostacht san Department of Justice agus le gníomhaireachtaí eile de chuid rialtas na Stát Aontaithe chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtais.

D'eagraigh Eurojust cruinniú oirbheartaíochta maidir leis an taisteal a dhéanann ciontóirí gnéis in aghaidh leanaí ag ar díríodh ar chúrsaí turasóireachta gnéis, nuair is sa tríú Stát (i dtír atá i mbéal forbartha go minic) a tharla an drochúsáid gnéis a imirt ar leanbh agus nuair is sa Bhallstát ar as déantóir na coire a dhéanfar an t-ionchúiseamh. Rinneadh scrúdú ag an gcruinniú ar na nithe praiticiúla a bhíonn de chonstaic roimh údaráis bhreithiúnacha na mBallstát i gcásanna den sórt sin (go háirithe nuair nach bhfuil aon chomhaontú comhair ceangailte leis an tríú Stát); ar an ról atá ag Eurojust ag féachaint leis na deacrachtaí a bhaineann le fianaise a bhailiú agus le hinghlacthacht fianaise a réiteach, agus ar shainaithint na n-íospartach agus sábháilteacht na n-íospartach. Leag an lucht freastail béim ar an tábhacht a bhí le lucht comhfhreagrais Eurojust i réimse tríú Stát agus le comhoibriú le heagraíochtaí neamhrialtais ar an láthair.

Bheadh le tuiscint chomh maith ón mborradh atá faoi líon na meithleacha JIT go mbíonn Eurojust ina shlat tomhais ag lucht forfheidhmiúcháin dlí agus lucht feidhme i gcúrsaí breithiúnacha agus ina phointe tagartha nuair a bhítear ag socrú an mbeadh meitheal JIT fóirsteanach i gcásanna faoi leith. Cuireadh dlús breise leis an ngné sin den obair i rith na bliana 2011 le bunú Rúnaíocht Líonra na Meithleacha JIT in Eurojust (féach freisin Alt 2.2.2).

Chuidigh Eurojust le lucht feidhme JIT ar bhealaí éagsúla, mar shampla, comhaontú meithle JIT a dhréachtadh, a leasú nó síneadh a chur leis. Ón bplé a bhíonn ag Eurojust go minic le meithleacha JIT, tá leibhéal saineolais tagtha chun cinn a fhágann gur féidir comhairle a thabhairt faoi chonstaicí a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoin dlí agus d'fhonn deacrachtaí eile a sheachaint.

Sa réimse seo, tá le tabhairt faoi deara ó obair cásanna Eurojust go mbíonn ceisteanna de dhá chineál a thagann chun cinn arís agus arís eile ar leibhéal an ionchúisimh agus an bhreithiúnais chomh fada agus a bhaineann le meithleacha JIT: inghlacthacht fianaise agus faisnéis a nochtadh. Bhí inghlacthacht fianaise go mór i gceist sa phlé ag cruinnithe comhordúcháin. Nuair a bhíonn an comhar i gceist idir córais breithiúnacha de chineálacha éagsúla, is den bhunriachtanas go mbeadh aontú roimh ré faoi na coinníollacha maidir le bearta sonracha imscrúdúcháin a chur i bhfeidhm agus is gá chomh maith tuiscint shoiléir ag gach taobh ar a chéile maidir le ceisteanna faoi nósanna imeachta. D'fhéadfadh mar shampla ceisteanna faoi inghlacthacht fianaise a fhaightear trí thascradh ar chumarsáid teileafóin nó ábhar a fhaightear mar gheall ar bharántas cuardaigh a úsáid a theacht faoi réir rialacha éagsúla maidir le cúrsaí fianaise i mBallstáit éagsúla. Tá ríthábhacht le páirt Eurojust ag cur chomhairle shaineolais ar fáil ar na gnéithe sin den obair agus cuirtear san áireamh comhairle nach mbeadh meitheal JIT oiriúnach i gcásanna faoi leith. Sa chás nach dtagann an obair a bheadh beartaithe do mheitheal JIT le coinníollacha faoin dlí náisiúnta maidir le cineálacha áirithe imscrúdúcháin, ní mór smaoineamh ar cheart úsáid a bhaint as imscrúdúcháin chomhthreomhara nó as gnáis oibre MLA den seanchineál.

Is é an t-ábhar praiticiúil eile a thagann i gceist go rialta ag cruinnithe comhordúcháin Eurojust ceisteanna maidir le nochtadh ar fhaisnéis íogair a bhaineann le cásanna. Ó tharla go bhfuil malartú pras ar fhaisnéis ar cheann de na buntáistí móra atá le meitheal JIT, ní mór do chomhaltaí na meithle bheith ar an eolas ón tús faoina oiread den ábhar íogair a nochtaítear d'abhcóid na cosanta agus do na cúirteanna, agus an tráth a nochtaítear í, faoin reachtaíocht náisiúnta sna Ballstáit a bhaineann le hábhar. Tá tábhacht chinniúnach le saineolas ar na rialacha náisiúnta maidir le nochtadh ionas go seachnaítear cás ina mbeadh dlite ar údaráis cheann amháin de na Ballstáit faisnéis íogair a nochtadh nach raibh rún ag údaráis cheann eile de na Ballstáit a nochtadh go dtí tráth ab fhaide ar aghaidh. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an saineolas sin ar imeachtaí os comhair na cúirte, agus d'fhéadfadh go ndéanfadh nochtadh faisnéise nuair nach raibh súil leis, dochar do bhearta imscrúdúcháin níos forleithne a bheadh ar siúl i gceann amháin de na Ballstáit agus fiú amháin daoine a chuir an fhaisnéis ar fáil a fhágáil i mbaol a ngortaithe nó a mbáis.

Síniú ar chomhaontú JIT idir an Bhulgáir agus an Ísiltír

Ní eile a bhaineann le hábhar maidir le nochtadh faisnéise go bhféadfadh faisnéis thábhachtach a bheith ag údaráis intíre nach bhfuil baint acu leis an meitheal JIT. I gcásanna den chineál sin, ní mór teacht ar aontú soiléir maidir leis an gcaoi a gcaithfear ina dhiaidh sin le haon fhaisnéis a nochtaítear i gcomhthéacs imscrúdú meithle JIT trasteorann. Ní féidir údaráis náisiúnta a spreagadh chun faisnéis íogair a mhalartú go mbíonn tuiscint bainte amach ar na rialacha éagsúla atá go hintíre maidir le faisnéis a nochtadh. Tá seirbhís úsáideach curtha ar fáil ag Eurojust do na Ballstáit trí chur leis an tuiscint ar a bhféadfadh teacht i gceist mar gheall ar rialacha éagsúla faoi fhaisnéis a nochtadh, trí chomhairle a chur ar fáil faoi cháipéisíocht de chuid mheitheal JIT a dhréachtadh go cúramach agus dá thoradh sin, trí chuidiú le nochtadh gan choinne leis - chomh maith leis an seans go gcuirfí na daoine sin i gcontúirt a bhfuil faisnéis curtha ar fáil acu maidir le grúpaí coireachta eagraithe - a sheachaint.

Mar chuid den fheachtas leanúnach chun an úsáid as na meithleacha JIT a chothú, d'eagraigh Eurojust agus Europol an seachtú cruinniú bliantúil de chraobhchóras na saineolaithe náisiúnta ar mheithle JIT (Meithle JIT) i mí Deireadh Fómhair 2011. Déileáladh ag an seisiún iomlánach le gnéithe oibriúcháin de chuid na meithleacha JIT, mar shampla, páirt iontu ag an tríú Stát agus constaicí oibriúcháin faoi leith a tugadh faoi deara le linn na meithleacha JIT a rith. Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, bhí gach aon cheann de na heagraíochtaí i mbun cathaoirleachta ar cheardlann amháin den dá cheardlann a eagraíodh. Bhain ceann amháin acu sin le *Constaicí faoin dlí agus constaicí praiticiúla agus meitheal JIT á cur ar bun agus á rith agus réiteach ar cheisteanna maidir le fianaise*; pléadh ag an gceann eile *Meithleacha JIT agus an t-idirchaidreamh le páirtnéirí seachtracha*. Tugadh an cruinniú chun críche le seisiún iomlánach maidir leis na seirbhísí atá ar fáil ag saineolaithe meithle JIT. Chuir Rúnaíocht Líonra na Meithleacha JIT i láthair ag an seisiún sin an cúnamh taca atá ar fáil maidir le meitheal JIT a chur ar bun agus a rith. Bhí Eurojust i mbun oiliúna freisin faoi mheithleacha JIT, go mór mór trí chóras seimineár agus comhdhálacha de chuid CEPOL.

Eurojust agus cúnamh taca airgid d'oibriú meithleacha JIT

Chomh maith leis an gcomhairle ar an lucht feidhme, rinne Eurojust meithleacha JIT a mheasúnú agus cúnamh taca a chur ar fáil trí chúnamh airgid agus cúnamh lóistíochta. Lean Eurojust i rith na bliana 2011 den Togra Cistíochta Meithleacha JIT, dar teideal Cuidiú le hÚsáid níos Mó as Meithleacha JIT, bunaithe ar an deontas a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach faoin gclár Coireacht a Chosc agus a Chomhrac 2007-2013. Tá an togra sin faoin tráth seo ina ghné thairbheach trína gcinntítear nach dtagann constaicí airgid salach ar mheithleacha JIT a úsáid sa chomhrac in aghaidh ghrúpaí coireachta eagraithe.

Thug Eurojust cúnamh tríd an togra sin do 34 meitheal JIT ar fad i rith na bliana 2011. Bhí 16 Ballstát a ghlac páirt i meithleacha JIT a fuair ciste tar éis do Eurojust iad a mheas. Arna bhunú ar 71 iarratas ar chistíocht a tháinig isteach, thug Eurojust cúnamh maidir le costais taistil agus cóiríochta agus costas aistriúcháin agus ateangaireachtaa bhain le beartaíocht oibre meithleacha JIT, agus tugadh deontais dar luach iomlán timpeall is €1.25 milliún. Chomh maith le cúnamh airgid, tugadh roinnt fón póca, ríomhairí glúine, priontálaithe agus scanálaithe sobhogtha ar iasacht do chomhaltaí meithleacha JIT d'fhonn cuidiú le cúrsaí cumarsáide.

Tá mionsonraí breise faoin Togra Cistíochta JIT reatha ar fáil ar an láithreán gréasáin ag Eurojust.

Tá bonn treise curtha faoi ról Eurojust leis na meithleacha JIT maidir le cúrsaí airgid mar gheall ar leasú reachtaíochta. Faoi Chinneadh Eurojust, a raibh trasuíomh le déanamh air i ndlí na mBallstát faoi mhí Meitheamh 2011, beidh cuireadh ag ionchúisitheoirí, breithiúna agus oifigigh póilíneachta Eurojust páirt a ghlacadh in aon mheitheal JIT a n-iarrtar ciste de chuid an AE ina leith.

Faoi fhoráil eile i gCinneadh Eurojust, tá dlite ar na Ballstáit a chur in iúl do Eurojust má chuirtear meitheal JIT de chineál ar bith ar bun, gan bheann ar chúnamh airgid ón AE a bheith i gceist. Tugadh ocht gcinn d'fhógraí do Eurojust faoi réir na forála sin i rith na bliana 2011.

Thug údaráis na Spáinne faoi bheart imscrúdúcháin maidir le grúpaí coireachta as an Úcráin a raibh roinnt craobhchóras curtha ar bun acu chun daoine de mhuintir na hÚcráine a thabhairt ar imirce go mídhleathach isteach sa Phortaingéil agus sa Spáinn, agus an Iodáil in úsáid mar bhunáit lóistíochta. Tar éis bearta a dhéanamh a chuir isteach ar na craobhchórais sna Ballstáit sin, socraíodh iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an mbeartaíocht choiriúil seo mar a raibh an bonn faoi. Dá réir sin, d'eagraigh Eurojust cruinniú comhordúcháin a raibh údaráis na hÚcráine páirteach ann chomh maith leis na Ballstáit. Rinne na húdaráis póilíneachta agus na húdaráis ionchúisimh malartú ar fhaisnéis a bhain le hábhar, sonraíodh na príomhdhaoine a rabhthas in amhras orthu, agus thángthas ar chomhthuiscint le húdaráis na hÚcráine faoin dóigh ab fhearr chun dul i ngleic leis an lucht coireachta seo ina mbunáit.

1.5 Obair cásanna Eurojust a raibh baint ag an tríú Stát léi

Rinneadh iarratas leis an tríú Stát 211 uair i rith na bliana. Ba í an Eilvéis an tríú Stát ba mhinice a ndearnadh iarratas ina leith agus ba iad na tíortha ba mhinice ina dhiaidh sin an Iorua, an Chróit, SAM, an Tuirc, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeirbia, Maracó, and Lichtinstéin. Ba iad na príomhchineálacha coireachta sna cásanna seo gáinneáil drugaí, caimiléireacht agus calaois, sciúradh airgid agus coireanna in aghaidh bheatha, cholainn nó shaoirse pearsanta an duine. Iarradh cúnamh Eurojust freisin i gcásanna maidir le héillitheoireacht agus cibearchoireacht lenar bhain an tríú Stát.

Bhí ionadaíocht thar ceann an tríú Stát ar 45 ócáid ag cruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust i rith na bliana 2011, isteach is amach leis an gceathrú cuid de na cruinnithe uile den sórt sin. Ba í an Eilvéis (12) an tríú Stát ba mhinice a bhí páirteach sna cruinnithe seo agus ba iad na tíortha ba mhinice ina dhiaidh sin SAM (7), an Chróit (5), an Iorua (4), an Úcráin (4), an Tuirc (2) agus an tSeapáin (2). Cé go raibh rannpháirtíocht shuntasach i gcruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust ag an tríú Stát, ní foláir rannpháirtíocht den chineál sin a chothú tuilleadh agus a thabhairt níos faide chun cinn.

Bhí cineálacha éagsúla den chomhar breithiúnach a d'iarr údaráis de chuid na mBallstát ar an tríú Stát le cabhair Eurojust. Tháinig i gceist éascaíocht a dhéanamh d'iarratais maidir le MLA (i ndáil le finnéithe a éisteacht trí fhíschomhdháil, imeachtaí coiriúla a aistriú, forfheidhmiú a dhéanamh ar orduithe calcúcháin agus coigistiúcháin, fianaise baincéireachta agus taifid choiriúla a fháil), pointí caidrimh a shonrú agus modhanna caidrimh a chur ar bun, soiléiriú a thabhairt faoi choinníollacha faoi chúrsaí dlí agus faoin reachtaíocht a bhain le hábhar. Sa chás go bhfuil oifigigh curtha ar post ag Ballstáit sa tríú Stát, tá tugtha

Cuairt ó thoscaireacht as an Eilvéis

Imríodh dúnmharú ar othair in ospidéal meabhairghalair sa Chróit i rith an chogaidh a lean titim na hIúgslaive. Tuigeadh le linn an imscrúdúcháin faoin dúnmharú gur ghá agallamh a chur ar dhaoine d'fhórsaí síochána na Náisiún Aontaithe arbh as an Danmhairg iad agus bhí deacrachtaí faoin dlí leis sin mar gheall ar an stádas a bhí acu.

D'iarr údaráis na Cróite ina dhiaidh sin ar Ionchúisitheoir Caidrimh na tíre le Eurojust beart a dhéanamh a chuideodh leo. Thionscnaigh seisean cás leis an Danmhairg, ceann den bheagán bídeach cásanna maidir le coireacht cogaidh a cuireadh ar taifead le Eurojust. Ó thaobh an cás a rangú go foirmeálta, tá sin déanta agus é ar taifead le coireanna dúnmharaithe.

Mar gheall ar chaidreamh dlúth críochnúil idir Ionchúisitheoir Caidrimh na Cróite le Eurojust agus Deasc Náisiúnta na Danmhairge, brostaíodh leis an iarratas fianaise a fháil ó na finnéithe. Tá ráiteas curtha ar fáil faoi seo ag gach duine de na finnéithe a luadh faoin litir rogáide agus is féidir leanacht ar aghaidh leis an imscrúdú maidir leis na coireanna cogaidh.

Ionchúisitheoirí Caidrimh i Eurojust: An tUasal Josip Čule (An Chróit), Anne Grøstad Uasal (An Iorua) agus an tUasal Stewart Robinson (SAM)

chun aire ag Eurojust gur tairbheach an ní sin maidir le cásanna a thabhairt chun cinn, chomh maith leis na pointí caidrimh atá ag Eurojust féin.

Ionchúisitheoirí Caidrimh as an tríú Stát ar iasacht ag Eurojust

Bhí triúr Ionchúisitheoirí Caidrimh ar iasacht ón tríú Stát (an Chróit, an Iorua, agus SAM) ag Eurojust i rith na bliana 2011. Is féidir leis na hionchúisitheoirí sin cásanna dá gcuid féin a chlárú faoi réir fhorálacha na gcomhaontuithe comhair atá ceangailte idir a dtír féin agus Eurojust.

Chláraigh an tIonchúisitheoir Caidrimh ón gCróit 14 cás le Eurojust i rith na bliana 2011. Bhain na cásanna den chuid is mó le coireanna maidir le héillitheoireacht, sciúradh airgid agus gáinneáil drugaí. Chláraigh an tIonchúisitheoir Caidrimh ón Iorua 47 cás le Eurojust i rith na bliana 2011. Bhain na cásanna den chuid is mó le gáinneáil drugaí, calaois, sciúradh airgid, éillitheoireacht, THB agus sceimhlitheoireacht. Ceapadh comhghleacaí nua i mí Deireadh Fómhair 2011 chun fónamh mar Ionchúisitheoir Caidrimh thar ceann SAM le Eurojust, faoi théarmaí Chomhaontú na bliana 2006 idir Eurojust agus SAM.

Foireann Uachtaránachta Eurojust: An tUasal Raivo Sepp, Leas-Uachtarán, an tUasal Aled Williams, Uachtarán, Michèle Coninsx Uasal, Leas-Uachtarán

Tá na ceisteanna agus na deacrachtaí is mó a shonraíonn na hIonchúisitheoirí Caidrimh maidir leis an gcomhar breithiúnach cosúil leis na cineálacha a luann na Deascanna Náisiúnta. Is minic go dtarlaíonn moill nó neamhfhorghníomhú maidir le hiarratais mar gheall ar dhifríocht idir an reachtaíocht intíre a bhaineann le faisnéis baincéireachta a nochtadh, finnéithe a éisteacht trí fhíschomhdháil, inghlacthacht fianaise, nó duine de mhuintir na tíre a eiseachadadh. Ghlac na hIonchúisitheoirí Caidrimh le Eurojust páirt i gcruinnithe comhordúcháin agus in obair JIT.

Go ginearálta, tá tairbhe as na hIonchúisitheoirí Caidrimh a bheith i láthair in Eurojust ag lucht feidhme an AE atá ag plé leis na forálacha casta a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach idir na Ballstáit agus an tríú Stát, agus rinneadh éascaíocht d'fhorghníomhú níos tapaidh agus níos furasta maidir le hiarratais.

2 Caidreamh le forais agus páirtnéirí de chuid an AE

2.1 Caidreamh idir forais

2.1.1 Parlaimint na hEorpa

Thug an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Chearta agus um Ghnóthaí Baile (an Coiste LIBE) i bParlaimint na hEorpa cuireadh do Eurojust freastal ar chruinnithe éagsúla i rith na bliana 2011. De réir an ghnáis atá seanbhunaithe faoi seo, chuid Uachtarán Eurojust an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain roimhe sin i láthair an Choiste LIBE. Rinne Eurojust cion tairbhe freisin maidir leis an gcruinniú Coiste Idirpharlaiminteach maidir le Freagracht Daonlathais i ndáil leis an Straitéis don tSlándáil Inmheánach agus an ról atá le Europol, Eurojust agus Frontex ina leith sin. Cuireadh ábhar i scríbhinn ar fáil do thuairiscí de chuid Pharlaimint na hEorpa dar teideal "How does organised crime misuse EU funds?" agus "Estimated costs of EU counterterrorism measures". Chuir Eurojust lón torthaí i láthair freisin le linn éisteachtaí de chuid na parlaiminte faoi straitéis de chuid an AE chun cur in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta agus faoi ionsaithe cibearchoireachta in aghaidh chórais faisnéise.

2.1.2 Comhairle an Aontais Eorpaigh

Lean Eurojust den chion tairbhe a dhéanamh maidir le hobair eagraíochtaí éagsúla de chuid na Comhairle a bhíonn ag plé leis an gcomhar breithiúnach maidir le cúrsaí coireachta. Ba iad na príomheagraíochtaí ullmhúcháin maidir leis an gComhairle an Mheitheal um Chomhar in Ábhair Choiriúla (COPEN), an Mheitheal um Chúrsaí Ginearálta, lena n-áirítear Meastóireacht (GENVAL) agus an Coiste (CATS) ar a dtugtaí Coiste Airteagal 36 tráth.

D'iarr Uachtaránacht na hOngáire ar an Aontas Eorpach ar Eurojust tuairim a thabhairt faoin dréacht de Threoir maidir leis an Ordú Imscrúdúcháin Eorpach (EIO) i gcúrsaí coireachta. Is é cuspóir atá leis an EIO eagar nua a thabhairt i gcrích maidir leis an gcomhar breithiúnach trasteorann i ndáil le cúrsaí coireachta: táthar leis an gcóras reatha MLA a athrú agus ionstraim a chur ina áit atá bunaithe ar phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtí. Foilsíodh tuairim Eurojust mar dhoiciméad de chuid na Comhairle (6814/11). Baineadh leas as an doiciméad sin sna cainteanna a d'eagraigh Fóram Comhairleach na nIonchúisitheoirí Ginearálta agus na Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí i mBallstáit an AE nuair a pléadh an EIO ag cruinniú den Fhóram in Eurojust i mí Meitheamh 2011. Ó mhí Iúil 2010 i leith, tá Eurojust ag glacadh páirte mar bhreathnóir i gcruinnithe na Comhairle chun plé a dhéanamh ar an EIO.

Cuireadh an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) ar bun faoi Airteagal 71 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) d'fhonn treisiú leis an gcomhar oibríochtúil idir údaráis na mBallstát i réimse na slándála inmheánaí. D'fhreastail Eurojust ar chruinnithe COSI d'fhonn cion tairbhe a dhéanamh maidir

Cuairt ón gCoimisinéir AE Cecilia Malmström

le páirt chuí ag údaráis bhreithiúnacha a thabhairt chun cinn i straitéis an AE maidir leis an tslándáil inmheánach. I ndáil leis an réimse sin, bhí Eurojust gníomhach ag tabhairt cúnamh taca maidir leis an tsraith polasaí sin ina hiomláine a chur i bhfeidhm trí na gnéithe a bhain le cúrsaí breithiúnacha a shonrú sna cuspóirí straitéise agus sna pleananna feidhmiúcháin a théann leo maidir leis na hocht réimse tús áite sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe idir na blianta 2011 agus 2013. Rinne Eurojust cion tairbhe freisin i ndáil elis an gcéad Tuarascáil Bhliantúil faoin Straitéis maidir le Slándáil Inmheánach a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i rith na bliana 2011. I mí Meithimh, rinne Eurojust agus Europol i gcomhar páipéar a chur faoi bhráid maidir leis an gcomhar i gcúrsaí breithiúncha agus i gcúrsaí póilíneachta, agus samplaí praiticiúla in úsáid a bhain le trí cinn de chásanna oibre d'fhonn cur leis an tuiscint i measc an lucht feidhme ar an bhfiúntas breise a bhíonn as páirt a bheith ag Eurojust agus Europol san obair go luath sa bheartaíocht. Rinneadh an páipéar sin a dháileadh mar dhoiciméad de chuid na Comhairle (9387/1/11).

2.1.3 An Coimisiún Eorpach

Bíonn caidreamh dlúth éifeachtúil ag Eurojust leis an gCoimisiún, a chuireann an ciste ar fáil do chúrsaí riaracháin agus infrastruchúir Eurojust. Coinníodh i gcomhairle leis an gCoimisiún an t-am ar fad maidir leis an togra i ndáil le háitreabh nua do Eurojust (atá le cur ar fáil ag an Ísiltír mar Bhallstát Aíochta, ach a mbeadh impleachtaí suntasacha ag baint leis maidir le buiséad Eurojust agus a mheastar a bheidh ar fáil sa bhliain 2015). De réir moladh de chuid Eurojust agus den chéad uair riamh, d'fhreastail Ardstiúrthóireacht an Cheartais ón gCoimisiún cruinniú Cheannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB a eagraíodh in áitreabh Eurojust sa bhliain 2011. Cuireadh tús in athuair le cainteanna maidir le Meamram Tuisceana idir Eurojust agus an Coimisiún d'fhonn an malartú ar fhaisnéis faoi chúrsaí buiséid agus riaracháin eatarthu a chur ar bhonn foirmeálta.

2.2 Líonraí lucht feidhme

Faoi dheireadh na bliana 2011, ba istigh le Eurojust a bhí an rúnaíocht a bhaineann le trí cinn de líonraí a dhéanann freastal ar an lucht feidhme maidir le cúrsaí coireachta san Aontas Eorpach. Ba iad sin an Líonra Breithiúnach Eorpach (EJN), na Meithleacha Imscrúdúcháin Comhpháirteacha agus an Líonra Eorpach pointí caidreamh i ndáil le daoine atá freagrach as cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh (An Líonra maidir le Cinedhíothú). Is cuid d'fhoireann Eurojust na Rúnaíochtaí leis na Líonraí sin ach is mar aonaid faoi leith a oibríonn siad.

Chuir Eurojust cúnamh ar fáil freisin do Líonra Oiliúint Bhreithiúnach na hEorpa (EJTN0, agus do líonra neamhfhoirmeál-

ta, eadhon, Fóram Comhairleacha na nIonchúisitheoirí Ginearálta agus na Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí i mBallstáit an AE.

2.2.1 An Gréasán Breithiúnach Eorpach

Cuireadh an EJN ar bun sa bhliain 1998 agus tá Rúnaíocht EJN ina chuid d'fhoireann Eurojust ón mbliain 2003 i leith. D'eagraigh Eurojust an 32ú cruinniú rialta den EJN in áitreabh Eurojust i rith na bliana 2011. D'fhreastail pointí caidrimh EJN ó na Ballstáit agus ó na tíortha is iarrthóirí ar an gcruinniú chomh maith le hiondaithe de chuid an Choimisiúin agus na Comhairle. Pléadh an dréacht de Threoir maidir leis an EIO, an fhorbairt ar láithreán gréasáin an EJN agus beartaíocht oibre agus cúrsaí bainistíochta an EJN. Ghlac Eurojust páirt freisin sa 36ú Cruinniú Iomlánach den EJN i mBúdaipeist ag ar pléadh le ceisteanna maidir le *ne bis in idem*, aitheantas frithpháirteach do bhreitheanna i stáit iasachta, agus an malartú ar fhaisnéis as taifid choiriúla.

Is iondúil, sa chaidreamh a bhíonn ag Eurojust leis an EJN, go n-oibrítear trí mheitheal Coláiste (Meitheal an EJN agus na nGiúistísí Caidrimh). Anuas air sin, bhí an dara cruinniú ag Tascfhórsa Comhair EJN-Eurojust, a cuireadh ar bun sa bhliain 2010, go bpléifí, i measc ceisteanna eile, na treoirlínte náisiúnta faoi láthair faoin léirmhíniú ar Airteagal 13 i gCinneadh Eurojust mar a bhaineann sin le hobair ar chásanna Eurojust agus an EJN, agus an ról a bheadh ag Pointí Caidrimh an EJN sa Chóras Comhordúcháin Náisiúnta Eurojust (ENCS) (atá le cur ar bun i ngach ceann de na Ballstáit de réir Airteagal 12 i gCinneadh Eurojust). Cuireadh an toradh a bhí ar phlé Thascfhórsa Comhair Eurojust-EJN i láthair ag an géad chruinniú iomlánach de chuid an EJN ina dhiaidh sin in Gdansk i mí na Samhna 2011.

2.2.2 Rúnaíocht an Líonra JIT

Cuireadh Líonra na Meithleacha JIT ar bun sa bhliain 2005. Cuireadh Rúnaíocht faoi leith ar fáil don Líonra sa bhliain 2011. Ós in Eurojust atá an Rúnaíocht lonnaithe, cuireann Eurojust cúnamh taca ar fáil chun an úsáid as na meithleacha JIT a chothú sna Ballstáit. Rinne an Rúnaíocht comhordú ar obair a raibh de thoradh air gur foilsíodh an leagan leasaithe de Lámhleabhar JIT Eurojust-Europol don lucht feidhme i ngach teanga de chuid an AE i mí Deireadh Fómhair 2011. D'eagraigh Eurojust agus Europol an 7ú

Cruinniú an Líonra maidir le Cinedhíothú

cruinniú bliantúil de Líonra na Meithleacha JIT maidir le *Léargas ar Mheithleacha JIT i mbun feidhme*. Thug daoine den lucht feidhme tuairisc ar a dtaithí maidir le meithleacha JIT a chur ar bun agus a oibriú agus iad i mbun oibre ar chásanna. Tugtar breis eolais faoi obair Eurojust le meithleacha JIT in alt 1.4.

2.2.3 Líonra maidir le Cinedhíothú

Cuireadh an Líonra Eorpach pointí caidrimh i ndáil le daoine atá freagrach as cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh

(Líonra maidir le Cinedhíothú) ar bun sa bhliain 2002. Sa bhliain 2011 a ceapadh Rúnaíocht an Líonra a chuireann cúnamh taca ar fáil i ndáil leis an obair leanúnach. Eagraíodh dhá chruinniú iomlánach de chuid an Líonra maidir le Cinedhíothú in Eurojust i rith na bliana 2011 ag ar phléigh an lucht feidhme ceisteanna éagsúla maidir le cúrsaí oibriúcháin. Orthu sin bhí cosaint d'fhinnéithe, an comhar idirnáisiúnta i gcúrsaí dlí, an straitéis críochnúlachta maidir le binsí idirnáisiúnta (agus "bearnaí" a d'fhéadfadh teacht i gceist nuair nach gceaptar go bhfuil baol píonóis ann ar dheireadh a theacht le dlínse bhinsí), coigistiú ar shócmhainní coireachta, agus comhordúchán maidir le hiarrachtaí reatha imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh maidir le lucht déanta coireanna cinedhíothaithe, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh.

2.2.4 Líonra Oiliúint Bhreithiúnach na hEorpa

Tá Eurojust agus Líonra Oiliúint Bhreithiúnach na hEorpa (EJTN) ag obair i gcomhar ón mbliain 2008 i leith chun cur leis an tuiscint ar ghné na hEorpa den obair a dhéanann breithiúna san Aontas Eorpach.

Lean Eurojust i rith na bliana 2011 den pháirt ghníomhach atá aige agus den chúnamh taca le Clár Malartúcháin an EJTN d'fhonn cuidiú le breithiúna agus le hionchúisitheoirí de chuid na mBallstát tuiscint a fháil ar thascanna Eurojust, ar an gcaoi a bhfeidhmítear agus ar na bearta oibre. Tharla trí cinn de shocrúcháin EJTN (gach ceann acu ar feadh tréimhse trí mhí) ag Deasc na hIodáile, Deasc na Gearmáine agus Deasc na hOstáire in Eurojust. D'aontaigh Eurojust agus an EJTN freisin daoine ar oiliúint EJTN a thógáil isteach ar feadh tréimhsí gearrthéarmacha (aon tseachtain amháin nó dhá sheachtain). Thug sé cinn de Dheascanna Náisiúnta (an Ostáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Iodáil, an Phortaingéil agus an Spáinn) cúnamh taca i ndáil leis an tionscnamh mar chuid de thogra píolótach ar éirigh go maith leis agus a dtabharfar faoi arís i rith na bliana 2012.

Bíonn páirt ag Eurojust go rialta le seimineáir agus bearta oiliúna de chuid an EJTN. Thug Eurojust cúnamh taca i rith na bliana 2011 i ndáil le togra de chuid an EJTN dar teideal *An comhar breithiúnach idirnáisiúnta, maidir le cúrsaí coireachta, i mbun feidhme*. Ghlac cainteoirí de chuid Eurojust páirt i gceithre cinn de sheimineáir ag ar pléadh ceisteanna dlí, gnáis agus nósanna imeachta maidir le barántais EAW a eisiúint agus a fhorfheidhmiú agus cineálacha faoi leith de na hiarratais MLA. Rinne Eurojust cion tairbhe freisin maidir le himeachtaí oiliúna maidir le meithleacha JIT mar gheall ar an méid taithí atá á fháil ar obair fheidhmiúcháin sa réimse sin.

2.2.5 Fóram Comhairleach

I rith na bliana 2011, lean Eurojust den chúnamh taca d'Fhóram Comhairleach na nIonchúisitheoirí Ginearálta agus na Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí i mBallstáit an AE (Fóram Comhairleach) i ndáil leis an bpríomhchuspóir atá leis treisiú le gnéithe breithiúnacha agus gnéithe an ionchúisimh de bheartas an AE maidir leis an tslándáil inmheánach. Eágraíodh dhá chruinniú in Eurojust i rith na bliana 2011.

Díríodh ar chúrsaí éillitheoireachta ag an gcéad chruinniú i mí Meitheamh 2011, faoi Uachtaráncht na hOngáire ar an AE. Phléigh an Fóram Comhairleach an cion tairbhe a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le "Pacáiste Frithéillitheoireachta" an AE i bhfianaise mholtaí de chuid an Choimisiúin. Pléadh chomh maith an dréacht de Threoir maidir leis an EIO agus ba chúis áthais an ionstraim shuntasach

sin d'fhonn an bealach a réiteach don chomhar breithiúnach agus é a shimpliú.

Eagraíodh an dara cruinniú i mí na Nollag 2011, faoi Uachtaráncht na Polainne ar an AE agus pléadh ag an gcruinniú sin modhanna ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhrac in aghaidh choireanna a chuireann isteach ar leas airgeadais an AE ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE le comhoibriú níos fearr idir OLAF agus Eurojust. Phléigh an Fóram Comhairleach chomh maith an chosaint d'fhinnéithe sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, an ceagal idir sin agus deimhniú maidir le triail chóir, agus an dóigh go bhféadfaí caighdeáin i gcoitinn a aontú ar fud an AE. Díríodh ag an gcruinniú freisin ar an dréacht de Threoir beartaithe maidir leis an gceart ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla, agus an gá le triail chóir a chinntiú chomh maith le riarachán éifeachtúil ar imeachtaí coiriúla.

Cuireann Eurojust cúnamh taca den suntas ar fáil i ndáil le cúrsaí dlí agus cúrsaí lóistíochta maidir leis an bhFóram Comhairleach, agus is modh tuairisce atá ann freisin chun tuairimí na nIonchúisitheoirí Ginearálta a chur in iúl i bhfóram níos leithne fhorais an AE.

2.3 Gníomhaireachtaí agus Eagraíochtaí de chuid an AE

2.3.1 Europol

Is páirtnéir den tábhacht Europol san obair a dhéanann Eurojust, tábhacht is léir ón dá eagraíocht a bheith lonnaithe sa Háig agus ón tagairt i gConradh Liospóin don ról comhordúcháin atá ag Eurojust a bheith bunaithe ar fhaisnéis a chuireann údaráis de chuid na mBallstát agus Europol ar fáil.

Tharla ardú suntasach i rith na bliana 2011 ar an gcomhoibriú le Europol maidir le hobair ar chásanna. Bhí ionadaíocht thar ceann Europol ag 89 de chruinnithe comhordúcháin Eurojust i gcomparáid le 41 cruinniú i rith na bliana 2010. Tá méadú 35% tagtha ar an méid faisnéise feidhmiúcháin atá á mhalartú tríd an gceangal slán cumarsáide idir Eurojust agus Europol 35%. Rinneadh líon ba mhó ná 900 teachtaireacht a mhalartú ar an gcaoi sin i rith na bliana 2011.

I rith na bliana 2011, bhí baint ag Eurojust freisin le dhá Chomhad Oibre Anailíse nua. Ba iad na cineálacha iad sin, THB agus táirgíocht agus smugláil canabais, agus tá baint ag Eurojust faoin tráth seo

Cruinniú den Fhóram Comhairleach le linn Uachtaránacht na hUngáire

le 17 AWF. Ina ainneoin sin, níor thug na Ballstáit stádas comhpháirtí do Eurojust i ndáil le comhaid AWF thábhachtacha eile, mar shampla sceimhlitheoireacht Ioslamachais agus antoisceachas intíre.

D'fhonn brostú tuilleadh leis an gcomhobair feidhmiúcháin, a bhfuil borradh faoi cheana féin, rinne Eurojust agus Europol

Bhí le tuiscint ó fhaisnéis i rith na bliana 2009 go raibh camastaíl tugtha i gcrích ag drong coireachta as an Ongáir, an Chróit, an tSlóivéin agus an tSeirbia, a raibh ceangal agus leis an Áise, maidir le torthaí isteach is amach le 170 cluiche sacair trí bhreabanna a thabhairt d'imreoirí, do réiteoirí agus do dhaoine eile sa Ghearmáin, san Ongáir, san Fhionlainn, sa Chróit, sa tSlóivéin agus i dtíortha eile de chuid na hEorpa. Chuir an grúpa coireachta eagraithe geallta ar thorthaí na gcluichí sacair sin san Áise agus san Eoraip agus bhí brabús roinnt milliún euro gnóthaithe acu.

Chuir údaráis na Gearmáine tús le beart imscrúdúcháin i mí na Samhna 2009 agus cuireadh tús le himscrúdú san Ongáir tuairim is mí dar gcionn. Bhí comhoibriú dlúth idir póilíní sa Ghearmáin agus san Ongáir ó thús na beartaíochta d'fhonn fianaise agus doiciméidí a fháil a bhain leis an mbeart imscrúdúcháin sa Ghearmáin. De réir mar a tugadh an obair ar chás na hOngáire chun cinn, tugadh faoi deara go raibh ceangal ann leis an gCróit agus leis an tSlóivéin. Cuireadh bearta imscrúdúcháin comhthreomhara ar bun a raibh de thoradh orthu gur gabhadh tuairim is 30 amhrastach. Eagraíodh cruinniú san Ongáir le húdaráis na Slóivéine.

Mar gheall ar an gcastacht breise a bhí ag baint leis an gcás, iarradh ar Eurojust cúnamh a thabhairt ina leith. Eagraíodh cruinniú comhordúcháin ag a ndearnadh údaráis bhreithiúnacha agus údaráis fhorfheidhmiú an dlí ó na Ballstáit lenar bhain an cás faisnéis a mhalartú. Chuidigh Eurojust freisin le hiarratais maidir leis an gcomhar breithiúnach a dhréachtadh agus a sheoladh d'fhonn cinntiú go bhféadfaí cúrsaí a thabhairt chun cinn go héifeachtúil. Trí pháirt Eurojust san obair imscrúdúcháin, tarraingíodh na gnéithe éagsúla den chás le chéile, agus trí mhalartú faisnéise a chothú, fágadh gurbh fhéidir tús a chur le réimsí eile fiosrúcháin. D'oibrigh Eurojust go dlúth le Europol a chuir cúnamh taca ar fáil maidir le cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí anailíse. Cuireadh meitheal JIT ar bun sa bhliain 2011 agus fuarthas ciste Eurojust don mheitheal JIT a chuir bonn taca faoin obair fheidhmiúcháin.

na forálacha nua atá sa Chomhaontú Comhair leasaithe dar dáta an 1 Eanáir 2010 a iniúchadh. Cuireadh scéim mhalartúcháin ar bun do dhaoine a bhfuil post acu sna heagraíochtaí. Eagraíodh cúig cinn de chuairteanna frithpháirteacha idir an dá eagraíocht. D'fhreastail rannpháirtithe de chuid Europol a bhí ar cuairt in Eurojust na cruinnithe inmheánacha (seisiúin iomlánacha de chuid an Choláiste san áireamh) chomh maith le seisiúin sainteagaisc a bhí dírithe ar a réimse oibre go sonrach. Ghlac Europol páirt freisin i gcruinnithe faoi Chinneadh Eurojust a chur in bhfeidhm mar gheall ar an gceangal níos dlúth atá idir Córas Comhordúcháin Náisiúnta Eurojust (ENCS) agus Aonaid Náisiúnta Europol de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 12(5)(d) i gCinneadh Eurojust. D'fhreastail Eurojust ar chruinnithe Cheannairí Aonad Náisiúnta Europol (HENUs) i Europol agus d'eagraidh Eurojust cuairt thoscaireacht de chuid na HENU ar Eurojust ar an 27 Deireadh Fómhair 2011.

Rinne Eurojust agus Europol in éineacht cruinnithe a eagrú don lucht feidhme i réimsí maidir le Sceimhlitheoireacht/Antoisceachas le Foréigean faoin Aon faoin Aon Cheist Amháin, antoisceachas maidir le cearta ainmhithe, calaois maidir le CBL agus cruinniú Saineolaithe na Meithleacha

JIT. Rinne Europol cion tairbhe i ndáil leis an gcruinniú straitéise i mí Deireadh Fómhair 2011 ar an ábhar *Feabhsú le obair Eurojust ar chásanna i ndáil le gáinneáil drugaí*. *Féach* fo-alt 1.3.2.

2.3.2 OLAF

Is é Comhaontú Praiticiúil na bliana 2008 maidir le socruithe comhoibre idir Eurojust agus an Oifig Frith-Chalaoise (OLAF) an bonn dlí atá leis an gcomhar idir an dá eagraíocht.

Tá méadú tagtha ar an méid faisnéise maidir le cásanna ata á aistriú ó OLAF go dtí Eurojust. Chuir OLAF ocht gcinn de chásanna faoi bhráid Eurojust i rith na bliana 2011 i gcomparáid le ceithre cinn de chásanna sa bhliain 2010. Cé nach líon mór sin, ba cheart go bhfeicfí na figiúirí i bhfianaise trí chinn de thosca. Ar an gcéad dul síos, is le himscrúdú agus ionchúiseamh maidir le cásanna coiriúla a oibríonn Eurojust agus is ar imscrúdúchán agus beartaíocht i gcúrsaí riaracháin atá beartaíocht OLAF dírithe (mhol OLAF, ón mbeartaíocht feidhmiúcháin i rith na bliana 2010, go ndéanfadh údaráis bhreithiúnacha a mheas ar chóir imscrúdú agus ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh i ndáil le 28 cás). Ar an dara toisc, is iondúil gur le cásanna a bhaineann le dhá Bhallstát nó líon is mó ná dhá Bhallstát a oibríonn Eurojust, agus ní amhlaidh an scéal maidir le OLAF. Ar an tríú toisc, tugadh cuireadh do OLAF freastal ar ocht gcinn de chruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust i rith na bliana 2011, figiúr ar ábhar dóchais é i bhfianaise líon iomlán na gcásanna a cuireadh faoi bhráid.

Sna cásanna sin inar oibrigh Eurojust agus OLAF in éineacht, b'fhollasach go raibh buntáiste as, mar is léir ón imscrúdú maidir le líomhaintí éillitheoireachta in aghaidh Fheisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa. *Féach* fo-alt 1.3.5 maidir le sonraí an cháis.

Rinneadh modhanna ina gcuirfí feabhas ar an gcomhoibriú idir Eurojust agus OLAF a thabhairt chun cinn i rith na bliana 2011. Aontaíodh ar chritéir trína roghnófaí cásanna lena mbaineann coiriúlacht agus gnéithe trasteorann; cuireadh córas slán cumarsáide idir an dá eagraíocht chun feidhme agus socraíodh teacht a bheith ag Eurojust ar an gCóras Eolais Custaim; agus thángthas ar aontú i bprionsabal maidir le hoifigigh caidrimh a mhalartú. Tháinig imscrúdaitheoirí agus ionchúisitheoirí de chuid OLAF ar chuairt staidéir go dtí Eurojust. Ghlac OLAF

Cuairt an Uasail Rob Wainwright, Stiúrthóir Europol

páirt i gcruinnithe de chuid Eurojust, mar shampla Cruinniú Saineolaithe na Meithleacha JIT. Tá fiúntas breise ag baint le OLAF a bheith páirteach i meithleacha JIT ó thaobh an deis sonraí na meithle JIT a chros-sheiceáil in aghaidh shonraí de cuid OLAF agus torthaí bhearta imscrúdúcháin riaracháin a bheadh tugtha i gcrích.

Cuairt an Uasail Giovanni Kessler, Ard-Stiúrthóir OLAF

2.3.3 Frontex

I rith na bliana 2011, lean Eurojust agus an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex) den chaibidlíocht d'fhonn ionstraim comhair a cheangal eatarthu ag teacht le hAirteagal 26(1) i gCinneadh Eurojust.

Bhí páirt ag Eurojust i rith na bliana 2011, i dtogra de chuid Frontex dar teideal *Oiliúint ar Ghardaí Teorann maidir le Gáinneáil ar Dhaoine* d'fhonn cúrsaí oiliúna sainiúla do ghardaí teorann san Aontas Eorpach agus i dTíortha a bhaineann le Schengen a thabhairt chun cinn. Tugadh gnéithe breithiúnacha agus gnéithe ionchúisitheoireachta san áireamh leis an oiliúint maidir le curaclam i gcomhar á thabhairt chun cinn.

2.3.4 CEPOL

Rinne Eurojust cion tairbhe i rith na bliana 2011 maidir le 21 beart oiliúna agus foghlama de chuid CEPOL. Áirítear leo sin seisiúin oiliúna d'oifigigh sinsearacha póilíneachta agus d'ionchúisitheoirí sinsearacha ar mheithleacha JIT (i gcomhar leis an EJTN), agus seisiúin maidir

Bhí lucht coireachta i mbun smuglála ar tobac agus earraí eile ó Chónaidhm na Rúise agus as ón mBealarúis isteach san Aontas Eorpach agus trasna an Aontais Eorpaigh ón mbliain 2007 i leith. Bhí ceannairí feadhain an lucht coireachta san AE lonnaithe sa Liotuáin; tháinig údaráis na Liotuáine i gcaidreamh le Eurojust maidir le cúnamh ó tharla gur éirigh leis an lucht ceannais éalú ó ionchúiseamh ainneoin urghabháil ag amanna éagsúla ar luchtanna toitíní i leoraithe de bharr bhearta feidhmiúcháin lenar bhain an Pholainn, an Laitvia, an Eastóin agus an Ghearmáin.

Chuidigh Eurojust leis an anailís ar an gcás agus eagraíodh cúig cinn de chruinnithe comhordúcháin leis na Ballstáit lenar bhain an cás, le Europol agus le OLAF d'fhonn cinntiú go bhféadfaí léargas comhshuite de bheartaíocht an lucht ceannais a chur i dtoll a chéile ó thoradh na mbeart ar fad a rinneadh i ndlínsí éagsúla. Aontaíodh ar lá gnímh i ndeireadh mí Samhna 2011 a raibh de thoradh air gur gabhadh 25 duine. Ba den tábhacht go raibh ceannairí feadhain an lucht coireachta ina measc; rinneadh cuardach ar 50 teach agus urghabháil ar airm, ábhar pléascaigh, ábhar támhshuanaigh, suimeanna móra in airgead tirim agus earraí goidte. Rinneadh freisin mar gheall ar an obair imscrúdúcháin srianadh ar shócmhainní, mar shampla eastát réadach agus feithiclí sócúlachta, a d'eascair ó fhiontraíocht choiriúil.

leis an ról atá le Eurojust ag déanamh éascaíochta ó thaobh cúrsaí oibriúcháin maidir le barántais EAW. I mí Bealtaine 2011, tháinig Stiúrthóir CEPOL i gcaidreamh le Eurojust maidir le hoibriú i gcomhar ar Mhodúl R-Fhoghlama maidir le Cúrsaí Cibearchoireachta.

Mar gheall ar an ngá atá le cinntiú go n-oibríonn an oiliúint ar oifigigh fhorfheidhmiú an dlí agus ar ionchúisitheoirí go maith le chéile , tugadh cuireadh do Eurojust freastal ar Chruinniú Bliantúil Choiste na gClár ag CEPOL agus bhíothas i láthair freisin ag an Comhdháil Chomórtha 10 mBliana CEPOL ag ceanncheathrú na heagraíochta sin.

2.3.5 Ceannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB

I rith na bliana 2011 ba le Eurojust an Chathaoirleacht a dhénamh ar Cheannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB agus rinneadh comhordúchán, i gcomhar go dlúth le CEPOL, Europol, Frontex agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA), ar an obair maidir leis an Tuarascáil Chríochnúil faoi chomhar breise idir na gníomhaireachtaí. Ar an 24 Samhain a tharla cruinniú bliantúil Cheannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB i gceanncheathrú Eurojust. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an gcomhar déthaobhach agus leis an gcomhar iltaobhach. Mar shampla de na tionscnaimh iltaobhacha, rinneadh catalóga táirgí agus seirbhísí a mhalartú agus rinneadh comhairliúchán idir na gníomhaireachtaí maidir le cláir oibre na bliana.

Mar gheall ar an gCathaoirleacht ar Cheannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB, thug Eurojust tuairisc do COSI maidir leis an dul chun cinn agus na bearta a baineadh amach tríd an gcomhar idir gníomhaireachtaí CGB, agus cuireadh togra i gcomhar faoi bhráid in éineacht le Frontex maidir le beartaíocht i rith na mblianta 2012-2013 (18079/11).

2.4 Caidreamh le forais taobh amuigh den AE

Leanadh i rith na bliana 2011 den obair d'fhonn leathnú ar a bhféadfaí a thabhairt i gcrích as an gcomhar oibriúcháin leis an tríú Stát agus le forais taobh amuigh den Aontas Eorpach. Tháinig an comhaontú comhoibre idir Eurojust agus Cónaidhm na hEilvéise i bhfeidhm ar an 22 Iúil 2011. Deimhníodh in athuair an chaibidlíocht maidir le comhaontuithe comhoibre le Cónaidhm na Rúise, leis an Úcráin agus le Lichtinstéin a bheith ina mbearta tús áite. Tugadh chomh maith faoi bhearta caidrimh d'fhonn a dhéanamh amach an bhféadfaí tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontuithe comhoibre le Stát Iosrael, leis an Albáin, leis an mBoisnia agus leis an Heirseagaivéin, le Montainéagró, leis an tSeirbia, leis an Moldóiv, le Rinn Verde agus leis an Tuirc. Rinneadh measúnacht i ndáil le cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe comhair leis an gCróit agus leis an Iorua.

Tugadh faoi mhisin chun fíricí a aimsiú, d'fhonn an cur i bhfeidhm i ndáil le reachtaíocht chosaint sonraí a mheas, san Albáin, sa tSeirbia, i Montainéagró agus san Úcráin. Leanadh den chaidreamh d'fhonn a dhéanamh amach an bhféadfaí tús a chur le caibidlíocht maidir le Meamram Comhthuisceana le Interpol agus le an nGrúpa Stát in aghaidh na hÉillitheoireachta (GRECO).

Chuir Eurojust cúnamh taca ar fáil freisin maidir le cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre AE-SAM. Rinneadh cion tairbhe go háirithe i ndáil le cruinniú shaineolaithe an AE maidir leis na comhaontuithe faoi eiseachadadh agus cúnamh dlíthiúil fhrithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus SAM a chur i bhfeidhm, arna eagrú ag an

gCoimisiún i mí Meán Fómhair 2011. Chuir Eurojust comhairle ar fáil maidir le cúrsaí dlí agus gnéithe den mhalartú faisnéise le SAM ag na cruinnithe comhordúcháin. Leanadh den obair chomh maith ag ullmhú do chruinnithe breise d'fhonn teacht ar réiteach maidir le nithe praiticiúla i ndáil leis an gcomhar breithiúnach idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na Rúise.

I bhfianaise an réimse domhanda atá faoin gcoireacht eagraiteh (mar is léir go háirithe ón ngáinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine isteach san Aontas Eorpach ón taobh amuigh de na teorainneacha), d'fhéadfadh go mbeadh gá le tionscnaimh nua. Déantar foráil le Cinneadh Eurojust, mar shampla, do dheis nua a bhfuil tábhacht léi maidir leis an réimse seo: go bhféadfaí Giúistísí Caidrimh de chuid Eurojust a lonnú sa tríú Stát chun feidhmiú thar ceann gach ceann de na Ballstáit. I rith na bliana 2011, cuireadh tuarascáil maidir le tascanna, feidhmeanna agus stádas gairmiúil Ghiúistísí Caidrimh den sórt sin faoi bhráid an Choláiste. Is céim thábhachtach an tuarascáil sin maidir le páirt Ghiúistísí Caidrimh den sórt sin in obair feidhmiúcháin Eurojust a mheas agus lón comhairle a chur ar fáil maidir leis na critéir na critéir is gá a shásamh faoi Airteagal 27a i gCinneadh Eurojust.

Mar gheall arís ar an réimse domhanda atá ag teacht i dtreis i gcónaí maidir le tréithe na coireachta eagraithe, neartaigh Eurojust leis an gcaidreamh a bhíonn leis an Líonra Íbéireach Meiriceánach maidir leis an gComhar Breithiúnach Idirnáisiúnta (IberRed). Cuireadh tús le togra d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhobair phraiticiúil idir Eurojust agus ionchúisitheoirí de chuid IberRed a dhíríonn go sainiúil ar obair ar chásanna maidir le gáinneáil drugaí. Tá éascaíocht déanta ag Eurojust, mar gheall ar an gcaidreamh le IberRed, don fhorfheidhmiú i Meiriceá Laidneach ar iarratais MLA agus ar iarratais eiseachadta ó Bhallstáit agus vice versa.

3 Cinneadh Eurojust, an todhchaí agus cora nua maidir le cúrsaí riaracháin

3.1 Cinneadh ón gComhairle a chur i bhfeidhm

Is é cuspóir atá le Cinneadh na Comhairle maidir le treisiú le Eurojust, a foilsíodh sa bhliain 2009, cur le hacmhainn feidhme Eurojust. Ní mór Cinneadh Eurojust a chur i bhfeidhm go tráthúil éifeachtúil, in Eurojust agus sna Ballstáit araon, chun an leas iomlán a bhaint as an acmhainn a bhaineann le Eurojust sa chomhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí trasteorann. Bhí gá an dlí náisiúnta a thabhairt leis an gCinneadh Eurojust trí reachtaíocht a rith in 18 de na Ballstáit agus bhí sin le déanamh faoi mhí Meitheamh 2011. Bhí na bearta ba ghá tugtha chun criche ag 10 gcinn de Bhallstáit faoi dheireadh na bliana 2011.

Thug Eurojust an obair ar roinnt tograí maidir leis an gCinneadh Eurojust a chur i bhfeidhm chun críche i rith na bliana 2011. Cuireadh an córas don Chomhordúchán Glaodhualgais (OCC) i mbun feidhme; cuireadh teimpléid le chéile d'fhonn aistriú níos furasta chuig Eurojust ar fhaisnéis faoi chásanna tromchúiseacha trasteorann agus rinneadh athruithe dá réir sin ar an gCóras Bainistíochta Cásanna (CMS); cuireadh Rúnaíocht ar bun maidir leis na meithleacha JIT agus Rúnaíocht i ndáil an Líonra maidir le Cinedhíothú chomh maith. Eagraíodh cruinnithe den Mheitheal Oibre Neamhfhoirmeálta maidir leis an gCinneadh Eurojust a chur i bhfeidhm le hionadaithe de chuid na mBallstát agus fhorais an AE. Ba iad na hábhair ba mhó a bhí á bplé borradh breise a chur faoi mhalartú breise agus an ENCS a chur ar bun d'fhonn treisiú leis an gceangal idir Eurojust agus an lucht feidhme náisiúnta. Tugtar eolas thíos maidir le cora áirithe a bhain leis an gcur i bhfeidhm.

Comhordúchán Glaodhualgais

D'fhonn cur leis an áis a bhaineann lei Deascanna Náisiúnta Eurojust, agus d'fhonn soláthar do bheart éifeachtach a dhéanamh tráth ar bith go háirithe i gcásanna práinne, cuireadh córas lárnach ar bun maidir le cúrsaí OCC. Is féidir le údaráis bhreithiúnacha agus oifigigh fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit caidreamh a dhéanamh le Eurojust ar bhonn 24 uair a chloig 7 lá na seachtaine trí uimhir teileafóin idirnáisiúnta saor ó tháille (nó uimhir faoi leith san Ísiltír).

Tá córas bainistíochta ar ghlaonna trína bhfreagraítear an ghlaoch agus trína gcuirtear ar aghaidh í go dtí ionadaí OCC na Deisce Náisiúnta. Is féidir an chúis atá leis an nglao a mhíniú ansin i dteanga an té atá ag glaoch ionas go ndéanann an t-ionadaí OCC sin beart cuí dá réir; tháinig 94 glao ó cuireadh an córas OCC i mbun feidhme i mí Lúnasa 2011.

Malartú faisnéise faoi Airteagal 13

Éilítear ar údaráis na mBallstát faoi Airteagal 13 i gCinneadh Eurojust fógra a thabhairt don ionadaí náisiúnta

Oíche amháin i mí na Nollag 2011, rinne ionchúisitheoir náisiúnta caidreamh leis an ionadaí OCC ón bhFrainc a bhí ar dualgas in Eurojust. Bhí triúr amhrastach á gcoinneáil ag na póilíní agus bhí le tuiscint ó ábhar a ndearnadh a urghabháil go raibh ceangal, a raibh gnéithe coireachta ag baint leis, le cuntas bainc i Lucsamburg ina raibh isteach is amach le €4 mhilliún. B'áil leis an ionchúisitheoir náisiúnta srianadh a dhéanamh ar an gcuntas mar bheart práinne, agus bhí cúnamh de dhíth maidir leis na nósanna imeachta cuí le leanacht i ndlínse eile. Rinne ionadaí na Fraince in Eurojust caidreamh le hionadaí Lucsamburg in Eurojust, a chuir comhairle ar an toirt faoi na coinníollacha maidir le cúrsaí dlí agus fianaise a bhainfeadh le hordú srianta, agus a chuir tús le caidreamh le hAonad Faisnéise Airgeadais Lucsamburg in Oifig an Ionchúisitheora. Nuair a tosaíodh ar ghnó baincéireacha an mhaidin dar gcionn, rinne Aonad Faisnéise Airgeadais Lucsamburg an cuntas a chalcadh agus rinne giúistís imscrúdúcháin i Lucsamburg an cuntas a urghabháil roimh dheireadh an lae.

in Eurojust maidir le himscrúdú nó hionchúiseamh trasteorann i ndáil le hábhar tromchúiseach.

D'fhonn an bealach a réiteach do chóras struchtúrtha chun faisnéis a sheoladh ó lucht feidhme, tá foirm "chliste" PDF i ngach ceann de theangacha oifigiúla an AE. Sonraítear ar an bhfoirm sin na cineálacha faisnéise le seoladh agus tá de rún leis go gcuideodh sé le tuairiscí a thabhairt ar bhealach atá cóiriúil don lucht úsáide. Tá an fhoirm ar fáil ag na húdaráis inniúla náisiúnta ó na Deascanna Náisiúnta. Seoltar na foirmeacha atá líonta isteach go dtí Eurojust trí mhodhanna sábháilte ceangail ríomhphoist a chuirtear ar fáil don aistriú. Tá nóta gairid foilsithe ag Eurojust ar an láithreán gréasáin maidir léirmhíniú Airteagal 13 (5-7).

Molann Eurojust do na Ballstáit leas a bhaint as an ionstraim nua seo agus as an teimpléad arb é atá de rún leo go mbeadh an cúnamh taca a thugann Eurojust do na Ballstáit i mbun comhraic in aghaidh na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta níos éifeachtúla.

Ligeann an fhaisnéis a fhaightear faoi scáth Airteagal 13 do Eurojust ceangal le cásanna eile a thabhairt faoi deara, cásanna san áireamh a bhfuil tuairisc orthu cheana sa CMS, cúnamh a thairiscint do Bhallstáit go luath san obair ar chásanna, agus agus aiseolas faoi chúrsaí feidhmiúcháin a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta. Ba cheart go gcuirfeadh malartú ar níos mó faisnéise feabhas ar chumas Eurojust cuidiú leis an lucht feidhme agus leis an lucht ceaptha beartais trí eolas a chur ar fáil faoi chonstaicí agus faoi na bearta sárchleachtais maidir leis an gcomhar breithiúnach trasteorann.

Feabhas ar an gCóras Bainistíochta Cásanna

Tugadh isteach an bogearra CMS den chéad uair sa bhliain 2004 agus déanann sé éascaíocht do shonraí faoin obair ar chásanna a stóráil go sábháilte, do mhalartú faisnéise idir na Comhaltaí Náisiúnta agus don anailís ar na sonraí. Ó tharla go mbeidh faisnéis bhreise maidir le daoine á láimhseáil tríd an CMS agus nach mór sin a bheith ag teacht le rialacha Eurojust faoi chosaint sonraí agus cóiriúil le haghaidh monatóireachta ina leith ag an Oifigeach Chosaint Sonraí, tá tús curtha le sraith tograí trína dtabharfar i bhfeidhm na hathruithe a éilítear faoi Chinneadh Eurojust.

D'fhonn an malartú cuí ar shonraí breithiúnacha idir córais na mBallstát agus Eurojust a chinntiú, bhí baint mhór ag Eurojust le togra taighde EPOC IV

(an Comhthiomsú Eorpach in aghaidh na Coireachta Eagraithe). Is é cuspóir atá leis sin forbairt bhreise a chinntiú ar bhogearra EPOC ionas go gcuirtear Córas Údaráis Náisiúnta (NAS) ar fáil trínar féidir faisnéis a mhalartú idir Eurojust agus na córais bainistíochta cásanna náisiúnta.

Is iad na páirtnéirí sa togra EPOC IV an Bhulgáir, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír agus an tSlóivéin. D'fhreastail ionadaithe teicniúla de chuid na seirbhísí ionchúisimh i 19 de na Ballstáit seimineár a eagraíodh chun an NAS a chur chun cinn. Tá tréimhse trí bliana i gceist leis an togra ar idir Aibreán 2009 agus Márta 2012 a ré. T

D'fhonn soláthar d'aistriú slán ar shonraí maidir leis an ENCS sna Ballstáit, d'oibrigh Eurojust ar réimse bearta ceangail. Aontaítear ar an seift réitigh faoi leith le gach ceann de na Ballstáit, ar bhacana teicniúla a thabhairt san áireamh, agus baintear leas in athuair as modhanna ceangail atá ann cheana féin nuair is féidir sin. Tá modhanna ceangail píolótacha trí s-TESTA agus VPN ó shuíomh go suíomh tríd an Idirlíon á dtástáil faoi láthair leis an mBulgáir, leis an Ongáir, le hÉirinn, leis an Laitvia, leis an bPortaingéil agus leis an Rómáin. Déanfar Meamram Tuisceana a shíniú idir Eurojust agus gach ceann de na Ballstáit sula dtosaítear ar úsáid a bhaint as an gceangal go hoifigiúil.

Córas Comhordúcháin Náisiúnta Eurojust

Is é atá de rún le Córas Comhordúcháin Náisiúnta Eurojust (ENCS) faoin gCinneadh Eurojust go dtreiseofaí leis an gcaidreamh idir Eurojust agus na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis maidir le forfheidhmiú an dlí sna Ballstáit. Rinne Eurojust bearta éagsúla maidir le bunú an ENCS a thabhairt chun cinn, idir chur leis an gcaidreamh leis na pointí caidrimh EJN i dTascfhórsa Eurojust-EJN agus chothú an chaidrimh le ceannasaithe na nAonad Náisiúnta in Europol.

Rinne Eurojust freisin teimpléad na "fiches suédoises" a thabhairt chun cinn d'fhonn eolas a chur ar fáil faoina mbaineann leis an ENCS i ngach ceann de na Ballstáit. Tá an ENCS curtha ar bun i seacht gcinn de na Ballstáit faoin tráth seo agus sin le reachtaíocht bhunaidh nó le horduithe, ciorcláin, treoirlínte nó ionstraim thánaisteach de chineál eile. Déanfaidh Eurojust an cheist maidir le comhchóras oibre a chur ar bun a iniúchadh d'fhonn an caidreamh idir comhaltaí de chuid an ENCS a chinntiú, agus go háirithe idir na comhfhreagróirí náisiúnta ar a leagtar an fhreagracht maidir le feidhmiú an ENCS agus Eurojust.

I rith na bliana 2011, cuireadh páipéar maidir le struchtúir agus tascanna a d'fhéadfaí a chur chun cinn maidir le ENCS, chomh maith le próifíl barrshamhalta de chomhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust, ar fáil ar an láithreán gréasáin ag Eurojust.

3.2 Tascfhórsa maidir le Eurojust sa Todhchaí

Agus Tascfhórsa ag déanamh éascaíochta ina leith, lean Eurojust den mhachnamh maidir le hAirteagal 85 agus Airteagal 86 CFAE. I mí Bealtaine, eagraíodh an seimineár straitéise, *Eurojust: gnéithe nua den chomhar breithiúnach*, faoi scáth Uachtaránacht na hOngáire ar an Aontas Eorpach, agus díríodh ar Airteagal 85 CFAE le cur chuige bunaithe ar fhianaise. Rinne siad siúd a bhí páirteach ann an cheist a mheas, bunaithe ar staidéar ar chásanna, an mbeadh Eurojust níos éifeachtúla dá leagfaí cumhachtaí breise air agus thángthas ar an gcomhairle gur cheart na deacrachtaí a thagann chun tosaigh a choinneáil san áireamh agus deiseanna nua á gcur i bhfeidhm

a bhaineann le Conradh Liospóin. I roinnt mhaith ceardlann, tugadh na ceisteanna seo a leanas faoi mheas: a thabhairt de chumhacht do Eurojust bearta imscrúdúcháin i gcúrsaí coireachta a thionscnamh agus a thabhairt de chumhacht don eagraíocht coinbhleacht maidir le dlínse a sheachaint agus a leigheas ar bhonn éigeantachta; deacrachtaí a dtagtar trasna orthu maidir le comhordú a dhéanamh ar bhearta imscrúdúcháin agus ionchúisimh agus nithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chúrsaí comhordúcháin; treisiú leis an gcomhoibriú feidhmiúcháin le Europol agus le OLAF san am atá le theacht; agus modhanna ina bhféadfaí na deismireachtaí éagsúla meastóireachta a bhaineann le Eurojust a chur chun feidhme dáiríre. Foilsíodh tuarascáil ar an seimineár mar dhoiciméad de chuid an Comhairle (14428/11) agus tá sin ar fáil ar an láithreán gréasáin ag Eurojust.

Faoi láthair tá Eurojust i mbun lón comhairle a ullmhú maidir leis an struchtúr agus measúnacht phairliminte d'fhonn a chur faoi bhráid pháirtithe leasmhara i bhfianaise rialacháin atá beartaithe maidir le Eurojust agus Oifig Eorpach an Ionchúisitheora Poiblí (EPPO) sa bhliain 2013.

3.3 Cora nua maidir le cúrsaí riaracháin

B'ionann buiséad iomlán Eurojust i rith na bliana 2011 agus €31.7 milliún; baineadh feidhm as 95.6% den bhuiséad, agus rinneadh próiseáil ar 7300 idirbheart ar fad (dliteanais agus íocaíochtaí), ardú 12% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

B'ionann líon na foirne ag Eurojust i rith na bliana 2011 agus 269 (i gcomparáid le 267 i rith na bliana 2010). Bhí 42 ionchúisitheoir, breitheamh agus oifigeach póilíneachta den inniúlacht chéanna, as an líon sin, ar iasacht ó na Ballstáit. Bhí cúnamh taca á thabhairt dóibhsean ag 210 ball foirne arna bhfostú faoi Rialacháin Foirne de chuid an AE agus 17 saineolaí náisiúnta ar iasacht.

Deiseanna pleanála a thabhairt chun cinn

Cuireadh feabhas ar na deiseanna pleanála ag Eurojust i rith na bliana 2011. Cuireadh samhailchóras nua costála in úsáid trína bhfuil ceangal díreach idir bearta gníomhaíochta agus caiteachas buiséid. Trí na costais a chur i leith na nAonad agus na Seirbhísí, agus trí dháileadh den chineál céanna a dhéanamh maidir le barrchostais, tá buntáistí den tábhacht leis an samhailchóras nua costais maidir leis an mbainistíocht ar ghnóthaí Eurojust a thabhairt i bhfeidhm. Fágtar go mbíonn tuiscint ag Eurojust ar iomlán na gcostas a ghabhann le hAonad nó Seirbhís faoi leith, gur féidir na costais a bhainfeadh le seirbhísí slandála, mar shampla, a chur amach ar conradh a chur i gcomórtas le dul sa chostas go hinmheánach, gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar phátrúin a bhainfeadh le cúrsaí buiséid agus pátrúin costais nach mbeifí ag súil leo a thabhairt faoi deara i dtús a dteacht chun cinn. Is den tábhacht freisin go ligeann an samhailchóras costais don cheangal atá idir bearta oibre lárnacha agus na barrchostais a shonrú go cruinn.

D'fhonn freastal don bhainistíocht éifeachtach ar na hacmhainní, tá gné mhórthábhachta de shraith pleanála straitéise agus pleanála Eurojust déanta de Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Riaracháin ar an Obair (AAR) agus sin leagtha amach d'fhonn cinntiú go gcuirtear na hacmhainní mar is cóir i leith bhaint amach na gcuspóirí. Déantar faisnéis faoi chúrsaí buiséid agus riaracháin a mhalartú go rialta leis an gCoimisiún agus leanadh den phlé maidir le Meamram Tuisceana a chuirfeadh malartú pras éifeachtach ar fhaisnéis faoi

chúrsaí buiséid agus riaracháin ar bhonn foirmeálta.

An tAthbhreithniú ar an Struchtúr Eagrúcháin

Baineadh leas as creatchóras an Athbhreithnithe ar an Struchtúr Eagrúcháin (OSR) mar shlat tomhais i ndáil leis an mbonn taca riaracháin faoin obair lárnach. Cuireadh aonad (an tAonad Anailíse Cásanna, a tháinig in ionad an Aonaid Bainistíochta CásannaUnit) ar bun chun tacaíocht a thabhairt do na Deascanna Náisiúnta. Tugadh faoi athhbhreithniú ar na postanna riaracháin ar fad d'fhonn cinntiú go raibh siad ag teacht chomh maith agus is féidir le riachtanais na hoibre. Maidir le cora eile i ndáil le hAcmhainní Daonna atá ceangailte leis sin, tá córais faisnéise curtha i bhfeidhm ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht acmhainní foirne maidir le costas agus d'fhonn cinntiú go dtarlaíonn an ceangal is fearr a d'fhéadfaí idir cúrsaí oiliúna agus riachtanas an ghnó; tugadh cuireadh do Choiste na Foirne páirt a ghlacadh i ngnáis imeachta maidir le hearcaíocht a thabhairt chun cinn.

Taobh istigh den chreatchóras ginearálta maidir le leanúnachas gnó a dheimhniú, rinneadh bearta maidir le Plean Gníomhaíochta a chur le chéile trína sonrófaí nithe a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol do Eurojust. Ar an dóigh chéanna, luadh sa dréacht de Chlár Oibre Bliantúil na bliana 2013, táscairí feidhmíochta príomhthábhachta (KPI) straitéiseacha d'fhonn caighdeán na seirbhísí, an tsaineolais agus na feidhmíochta eagrúcháin ag Eurojust a mheas agus tá catalóga de na seirbhísí atá ar fáil ó na haonaid riaracháin éagsúla curtha i dtoll a chéile chomh maith.

Áitreabh nua

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le háitreabh nua a fháil do Eurojust faoin mbliain 2015. Ar an 30 Meitheamh 2011,síníodh comhaontú comhoibre le Ríocht na hÍsiltíre chun foirgneamh nua a chur ar fáil do Eurojust a bheidh leagtha amach go sonrach chun obair fheidhmiúcháin lárnach na heagraíocht a thabhairt i gcrích. Roghnaigh giúiré, ar a raibh an líon céanna comhaltaí de chuid an Stáit Aíochta agus comhaltí de chuid Eurojust, cúig cinn de mheithleacha dearúcháin d'aonghuth a ghlacfadh páirt i gcéim bronnta. Iarradh ar na hiarrthóirí togra dearúcháin a chur faoi bhráid lena dtabharfaí an méid éifeachtúlachta is mó is féidir i gcrích as na bearta feidhme ar

An tUasal Klaus Rackwitz, Stiúrthóir Riaracháin nua

An Fhoireann Riaracháin

fad leis an ídiú is lú is féidir ar acmhainní, an tráth céanna a leantar de bhuantréithe Eurojust a chur in iúl.

3.4 Teacht an phobail ar dhoiciméid de chuid Eurojust

Tá ardú tagtha ar líon na nIarratas le Eurojust maidir le teacht ar dhoiciméid faoi rialacha na heagraíochta i ndáil le teacht ag an bpobal ar a leithéid. I rith na bliana 2011, tháinig aon iarratas déag maidir le teacht ar dhoiciméid de chuid Eurojust. Chuig Eurojust go díreach a tháinig ceithre cinn de na hiarratais agus sna seacht chás eile, thángthas i gcomhairle le Eurojust mar thríú páirtí tar éis d'iarratais teacht chuig eagraíochtaí eile.

As na ceithre iarratas a tháinig chuig Eurojust go díreach, bhí dhá chás acu sin a bhain le cúrsaí foirne agus dhá iarratas a bhain le cásanna imscrúdúcháin nó ionchúisimh a raibh páirt ag Eurojust leo. Socraíodh an dá iarratas a bhain le cúrsaí foirne a cheadú go hiomlán. Diúltaíodh teacht ar na doiciméid a cheadú maidir leis na hiarratais a bhain le cásanna agus sin ar na cúiseanna a luaitear thíos.

Maidir leis na seacht n-iarratas a dtángthas i gcomhairle le Eurojust mar thríú páirtí ina leith, bhí iarratas amháin acu sin a bhain le cás agus sé cinn d'iarratais nár bhain. Diúltaíodh teacht ar na doiciméid a cheadú maidir leis an iarratas a bhain le cásanna one (ar chúiseanna atá san áireamh leis an liosta thíos) agus socraíodh na sé iarratas eile, a bhain le teacht ar dhoiciméid de chuid an AE, a cheadú go hiomlán.

Rinneadh na hiarratais a bhain le cásanna (iad sin a tháinig go díreach agus go hindíreach araon) a mheas i ndáil leis an iarratas amháin agus i ndáil le doiciméid faoi leith, agus bhí cúiseanna éagsúla le iarratais a dhiúltú. Ba iad na cúiseanna sin: mar go mbainfeadh a nochtadh ón gcosaint do phríobháideachas agus d'ionracas dhaoine aonair; d'fhonn leas an phobail a chosaint i ndáil le tascanna a chomhlíonadh a leagtar ar Eurojust maidir le treisiú leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí, agus i ndáil le bearta

Cinn na nAonad agus Seirbhísí
Ó chlé go deas: Jacques Vos, Seirbhísí Corparáideacha; Joannes Thuy, Urlabhraí, Preas & Caidrimh Phoiblí; Diana Alonso Blas, Oifigeach Cosanta Sonraí; Carla Garcia Bello, Rúnaí Dlí don Choláiste; Alinde Verhaag, Ceann Gníomhach Anailís Cásanna; Anna Baldan, Comhordaitheoir Rúnaíochta Líonra JITanna; Klaus Rackwitz, Stiúrthóir Riaracháin; Catherine Deboyser, An tSeirbhís Dlí; Jon Broughton, Bainistiú Faisnéise; Mike Moulder, Buiséad, Airgeadas agus Soláthar; Linda Scotts, Acmhainní Daonna; Matevž Pezdirc, Comhordaitheoir an Líonra maidir le Cinedhíothú; Fatima Martins, Rúnaí don EJN

imscrúdúcháin náisiúnta agus bearta ionchúisimh náisiúnta lena gcuidíonn Eurojust; agus mar gheall ar chloí le rialacha infheidhme maidir le rúndacht gairmiúil. Ar na cúiseanna eile a bhí le cead a dhiúltú teacht ar dhoiciméid, bhí gur as Ballstát a d'eascair an doiciméad agus gur diúltaíodh sa Bhallstát sin iad a nochtach, gur le húsáid go hinmheánach maidir le hábhar nach é Eurojust a rinne cinneadh ina leith a dréachtaíoch na doiciméid, go ndéanfadh nochtadh dochar do phróiseas cinntí Eurojust, agus nach mbeadh aon leas sáraitheach á dhéanamh don phobal leis an nochtadh.

Seimineár Eurojust, Sóifia, An Bhulgáir

Seimineár Eurojust, Búdaipeist, An Ungáir

Seimineár Eurojust, An Róimh, An Iodáil

4 Bearta mar gheall ar Chonclúidí na Comhairle

D'aontaigh an Chomhairle CGB, ar an 9 agus an 10 Meitheamh 2011, Conclúidí mar gheall ar an naoú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Eurojust (10645/1/11 REV 1). Mar a rinneadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, cuireann Eurojust eolas ar fáil sa chaibidil seo faoi na réimsí a ndearna an Chomhairle moladh ina leith.

Eurojust - EJN	
Modhanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag féachaint le cur leis an gcomhobair idir Eurojust agus an EJN, go mór mór taobh istigh de chreatchóras an ENCS, agus i ndáil le cásanna simplí a chur faoi bhráid an EJN.	Tá Tascfhórsa i gComhar Eurojust-EJN curtha ar bun d'fhonn réimsí éagsúla a thabhairt faoi mheas, ina measc an ról atá ag pointí caidrimh de chuid an EJN san ENCS. *Féach* alt 2.2 maidir le breis mionsonraí.
Cruinnithe comhordúcháin agus páirt Europol agus OLAF	
Cruinnithe comhordúcháin a chur chun cinn idir údaráis inniúla na mBallstát, chomh maith le páirt a bheith ag comhlachtaí eile de chuid an AE, mar shampla Europol nó OLAF, iontu nuair a bhaineann sin le hábhar agus nuair a thagann sé faoi scáth na n-ionstraimí dlí reatha.	Tháinig méadú suntasach ar líon na gcruinnithe comhordúcháin i rith na bliana 2011. D'eagraigh Eurojust cruinnithe comhordúcháin maidir le 204 cás. Bhí páirt ag Europol in 89 cruinniú comhordúcháin agus ag OLAF in 8 gcás. *Féach* freisin fo-alt 1.2.2.

Lárionad Saineolais	
Leanacht de na hiarrachtaí ag féachaint le bheith ina 'lárionad saineolais' maidir leis an gcomhar breithiúnach san Eoraip d'fhonn cionn tairbhe a dhéanamh i ndáil le díospóireachtaí i measc geallsealbhóirí eile ar cás leo an t-ábhar.	Tá coincheap maidir le lárionad saineolais á thabhairt chun cinn ag Eurojust d'fhonn soirbhiú do bheartaíocht den éifeacht maidir leis an gcomhar breithiúnach sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe san Aontas Eorpach trí fheidhmiú mar stór eolais agus taithí ar fud na heagraíochta maidir leis an gcomhar breithiúnach i gcúrsaí coireachta a thabhairt le chéile.
An Úsáid as Airteagal 7(2) agus (3) i gCinneadh Eurojust	
Tuairisc a thabhairt faoin úsáid as Airteagal 7 (2) agus (3)	Níor eisigh an Coláiste aon tuairim neamhcheangailteach i scríbhinn de réir Airteagal 7 (2) agus (3) ach rinneadh cásanna a réiteach ar leibhéal na nDeascanna Náisiúnta. *Féach* fo-alt 1.2.8 maidir le sonraí faoi choinbhleachtaí i ndáil le dlínsí agus fo-alt 1.2.10 maidir le sonraí faoi choinbhleachtaí i ndáil le barántais EAW.
Airteagal 85 agus Airteagal 86 CFAE	
D'fhéadfadh go gcuirfí saineolas Eurojust san áireamh sa díospóireacht ar chúrsaí polasaí maidir le hAirteagal 85 agus Airteagal 86 CFAE a chur i bhfeidhm san am atá le theacht.	Lean Eurojust i rith na bliana 2011 den mhachnamh faoin bhforbairt a thiocfaidh san am atá le theacht faoin CFAE agus bhíothas páirteach go gníomhach sa díospóireacht atá ar siúl san Eoraip faoi láthair agus sin bunaithe ar an lón taithí ó chúrsaí oibriúcháin. Tá Eurojust tugtha do chur chuige bunaithe ar fhianaise i ndáil le hAirteagal 85 agus le hAirteagal 86 sula dtagtar ar chomhairle críochnúil i ndáil leis an díospóireacht faoi chúrsaí polasaí. *Féach* alt 3.2.
Deiseanna Staitistice	
Smaoineamh ar fhorbairt bhreise ar ábhar staitisticí trí idirdhealú a dhéanamh ar bhonn na dtíortha.	*Féach* Aguisín, Figiúr 2.

Meithleacha Imscrúdúcháin Comhpháirteacha	
Leanacht den obair maidir le seisiúin oiliúna dírithe ar mheithleacha JIT.	Tugann Eurojust cúnamh taca maidir le oiliúint do mheithleacha JIT, a eagraítear trí CEPOL. Trí chruinnithe bliantúla Líonra na Meithleacha JIT, cuireann lucht feidhme saineolais a gcuid taithí agus eolais i láthair, chomh maith leis na bearta sárchleachtais, agus bíonn tairbhe as sin maidir le húsáid meithleacha JIT a chur chun cinn.
An Comhar leis an tríú Stát	
Leanacht de chúnamh a chur ar fáil maidir le hobair ar chásanna a bhfuil an tríú Stát ag baint leo.	Bhí an tríú Stát páirteach i gcruinnithe comhordúcháin. *Féach* alt 1.5 maidir le sonraí breise.
Córas Bainistíochta Cásanna	
An t-athrú a eascraíonn ó Chinneadh Eurojust i ndáil le malartú faisnéise agus faisnéis a chur ar fáil do Eurojust a chur i bhfeidhm; treisiú in athuair leis an acmhainn déileáil le faisnéis a fhaightear agus anailís a dhéanamh uirthi, anailís trí chrostagairt san áireamh; an leas iomlán a d'fhéadfaí a bhaint as bunachar sonraí Eurojust a thabhairt i gcrích i ndáil le hiarratais a d'fhéadfadh teacht ó na Ballstáit, maidir le hanailís trí chrostagairt, go dtabharfaí faoi imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh mar gheall ar bhearta faoi leith.	Cuireadh teimpléad le chéile maidir le faisnéis a aistriú go dtí Eurojust faoi Airteagal 13. Tugadh ceistiúchán d'fhonn forbairt a dhéanamh ar an CMS chun críche i rith mí Márta agus mí Aibreán 2011. Bhí réimsí éagsúla a sonraíodh maidir le breis machnaimh ina leith: cásanna a chlárú; monatóireacht ar chásanna; staitisticí; faisnéis agus aiseolas faoi Airteagal 13; meastóireacht ar an obair ar chásanna; córas fillteán leictreonaice (bainistíocht ar dhoiciméid); agus modhanna cumarsáide. Déanfar na hábhair sin a phlé ar leithligh le linn chruinnithe iomlánacha an Choláiste i rith na bliana 2012 d'fhonn treoir a thabhairt maidir le measúnú ar fheidhmiú an CMS reatha le dearcadh lucht a úsáide. Anuas air sin, d'aontaigh an Coláiste liosta leasaithe de chineálacha coireanna.

Comhoibriú le Europol	
Leanacht den obair in éineacht taobh istigh de chreatchóras na n-ionstraimí dlí agus cinntiú go mbíonn cosaint ar ardleibhéal á dhéanamh maidir le sonraí.	Tharla méadú i rith na bliana 2011 ar an gcomhobair ar chásanna le Europol agus bhí ardú 35% maidir le malartú sonraí feidhmiúcháin (911 beart malartúcháin) tríd an nasc slán cumarsáide. Cuireadh prionsabail i gcoitinne maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm sa dá eagraíocht. *Féach* fo-alt 2.3.1.
Comhoibriú le OLAF	
An pháirtnéireacht phribhléideach sa chomhrac in aghaidh na caolaoise, na héillitheoireachta agus choireanna eile a bhaineann le leas airgeadais an AE a chothú.	I rith na bliana 2011, tháinig borradh faoin méid faisnéise maidir le cásanna a bhí á aistriú. Mhol OLAF go ndéanfadh údaráis náisiúnta ar fud an Aontais Eorpaigh imscrúdú agus ionchúiseamh maidir le cúrsaí coiriúlachta i ndáil le tuairim is 30 cás i rith na bliana 2011. Cuireadh ocht gcinn de chásanna faoi bhráid Eurojust maidir le cúnamh ina leith. *Féach* fo-alt 2.4.
Comhoibriú le Frontex	
Leanacht den obair maidir le socruithe foirmeálta oibre a chur ar bun le Frontex go háirithe trí fheabhas a chur ar mhalartú faisnéise	Tar éis Rialachán nua maidir le Frontex a aontú, meastar go gceanclófar comhaontú comhair nua a fhágann gur féidir sonraí pearsanta agus sonraí oibriúcháin a mhalartú. *Féach* alt 2.5

Togra an Athbhreithnithe ar an Struchtúr Eagrúcháin	
Torthaí na dtograí maidir le hathbhreithniú ar Fheidhmíocht an Choláiste agus ar an Struchtúr Eagrúcháin a chur i láthair.	Lean Eurojust den obair ar an athbhreithniú faoin struchtúr eagrúcháin a chur i bhfeidhm i ndáil le seacht gcinn de réimsí. Tá an togra maidir le *Structure of the Administration* tugtha i gcrích a bheag nó a mhór. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar na tograí maidir le *Feidhmíocht agus Bainistíocht i ndáil le Baol*, *Comhoibriú idir an lucht Riaracháin, an Coláiste agus na Deascanna Náisiúnta*, agus *Oiliúint*. Tá plean gníomhaíochta á ullmhú maidir le maolú ar bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann do Eurojust. Bunaithe ar na táscairí feidhmíochta mórthábhachta (KPI) straitéiseacha a thug Eurojust chun cinn, tá dréacht de tháscairí cineálacha KPI, lena ndéantar seirbhísí, saineolas, feasacht agus feidhmíocht eagrúcháin Eurojust a mheas, luaite sa dréacht de Chlár Oibre Bliantúil don bhliain 2013. Táthar ag leanacht ar aghaidh leis an obair ar na tograí eile *Tarmligean cinntí, Bainistíocht punann* agus *Cúrsaí Cultúir*.
Cinneadh Eurojust a chur i bhfeidhm agus Comhordúchán Ar Glaodhualgas	
Leanacht den obair ar Chinneadh nua Eurojust a chur i bhfeidhm; Leasú a dhéanamh ar na Rialacha Nós Imeachta agus teimpléad caighdeánach a chruthú trína bhféadfaí faisnéis a aistriú agus a phróiseáil in Eurojust; Tuairisc a thabhairt ar chur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann le hábhar sa chéad tuarascáil bhliantúil eile; Brostú leis an gcóras Comhordúcháin ar Ghlao-dhualgas a chur ar bun agus dul chun cinn leis na hiarrachtaí maidir leis an deismireacht chun freastal d'fhaisnéis faoi obair cásanna a sheoladh ar aghaidh a chur i bhfeidhm.	Pléitear i gCaibidil 3 le Cinneadh na Comhairle maidir le treisiú le Eurojust a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le OCC, ENCS agus Airteagal 13.

Seimineár Eurojust, Kraków, An Pholainn

Lá ar Frith-Gháinneáil, Vársá, An Pholainn: Síníonn an tUasal Williams Comhráiteas ó Ghíomhaireachtaí JHA

Cruinniú Comhchomhairleoireachta idir Eurojust agus Poblacht na Cróite, Brijuni, An Chróit

AGUISÍN

Figiúr 1

Cláraíodh 1,441 cás le Eurojust i rith na bliana 2011 agus leanadh dá réir sin leis an bpátrún ardú ar líon na gcásanna a chuir Ballstáit faoi bhráid ón mbliain 2002 i leith. Bhí tuairim is 20% de na cásanna seo a raibh trí cinn nó níos mó ná trí cinn de Bhallstáit i gceist leo.



Figiúr 2

Léiritear san fhigiúr seo líon na gcásanna déthaobhacha agus líon na gcásanna iltaobhacha a chláraigh gach ceann de na Deascanna Náisiúnta faoi seach i rith na bliana 2011.

Ní chiallaíonn cás déthaobhach gur cion coiriúil nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna atá i gceist ná gur páirt theoranta a bheadh oiriúnach ag Eurojust san obair. D'fhéadfadh an cás a rangaítear mar chás déthaobhach in Eurojust a bheith á rangú mar chás iltaobhach i mBallstát.



Figiúr 3

Ní hé líon na gcásanna a chláraítear in aon bhliain faoi leith amháin a ghoilleann ar an ualach cásanna ag na Deascanna Náisiúnta, ach na cásanna atá ar lean ó bhlianta roimhe sin. Tá 500 cás ar fad ag Eurojust ó bhlianta roimhe seo (2003-2010) a bhfuiltear ag feitheamh ar a dtabhairt chun críche agus nach mór airdeall agus cúnamh ina leith go fóill.

Cásanna a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche 2003-2011



Figiúr 4

De bhun Airteagal 4(1) i gCinneadh Eurojust, tagann faoi scáth inniúlacht ghinearálta Eurojust na cineálacha coireanna agus na cionta a bhfuil Europol inniúil i gcónaí gníomhú i ndáil leo agus cionta eile a dhéantar in éineacht leis na cineálacha coireanna agus cionta seo

Maidir le cineálacha eile cionta, is féidir le Eurojust, ag teacht leis na cuspóirí, cuidiú le himscrúdú agus ionchúiseamh air sin a iarraidh ag údarás inniúil Ballstáit de réir mar a luaitear in Airteagal 4(2).

Is féidir le Ballstát freisin iarratas a chur chuig Eurojust ag iarraidh go gcuirfí cúnamh ar fáil faoi cheisteanna nó ábhair de chineál níos ginearálta nach móide iad ceangailte go díreach le cás feidhmiúcháin reatha, *inter alia*, maidir le reachtaíocht náisiúnta nó nósanna imeachta náisiúnta (cásanna faoi ábhar dlí).



Figiúr 5

Baineann na réimsí feidhme tús áite ar ghlac Eurojust leo sa bhliain 2010-2011 le gáinneáil drugaí, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht, calaois, éillitheoireacht, sciúradh airgid, cibearchoireacht agus bearta eile a bhaineann le grúpaí coireachta eagraithe a bheith ar fáil san eacnamaíocht

Léirítear sa bhfigiúr an líon uaireanta a raibh baint ag cineálacha coireachta den sórt sin le cásanna a cláraíodh in Eurojust i rith na bliana 2010 agus i rith na bliana 2011. D'fhéadfadh níos mó ná cineál amháin coireachta a bheith i gceist le haon chás ar bith. Tá breis eolais ar fáil sna na ranna ábhartha i gCaibidil 1.

Cineálacha coireachta tús áite i gcásanna Eurojust



Figiúr 6

Baineann na réimsí oibriúcháin tús áite ar ghlac Eurojust leo sa bhliain 2010-11 le gáinneáil drugaí, gáinneáil ar dhaoine, calaois, éillitheoireacht, sciúradh airgid, cibearchoireacht, agus bearta eile maidir le lucht coireachta eagraithe a bheith ar fáil i gcúrsaí eacnamaíochta

Léirítear sa bhfigiúr an líon uaireanta a raibh baint ag cineálacha coireachta as na réimsí coireachta tús áite, chomh maith le cineálacha eile coireachta, leis na cásanna a cláraíodh le Eurojust i rith na bliana 2010 agus na bliana 2011. D'fhéadfadh níos mó ná cineál amháin coireachta a bheith i gceist le haon chás amháin.

Cineálacha coireachta tús áite agus cineálacha eile coireachta i gcásanna Eurojust



Figiúr 7

Léirítear sa bhfigiúr an líon uaireanta, de réir an Bhallstáit, a iarradh cúnamh Eurojust i rith na bliana 2010 agus na bliana 2011.

Cásanna Eurojust, na tíortha ónar tháinig na hiarratais



Figiúr 8

Léiritear sa bhfigiúr an líon uaireanta ar tháinig iarratas trí Eurojust ar chúnamh na n-údarás i ngach Ballstát i rith na bliana 2010 agus na bliana 2011.

Cásanna Eurojust, na tíortha lena ndearnadh na hiarratais



Figiúr 9

Léirítear sa bhfigiúr líon na gcásanna ar theastaigh cruinniú comhordúcháin ina leith. Is iondúil gur in áitreabh Eurojust sa Háig a eagraítear na cruinnithe comhordúcháin. I gcásanna áirithe, eagraítear cruinnithe comhordúcháin taobh amuigh de Eurojust, i mBallstát nó sa tríú Stát.

Cásanna ar pléadh leo ag cruinnithe comhordúcháin



Figiúr 10

Léirítear sa bhfigiúr líon na gcásanna ar theastaigh cruinniú comhordúcháin ina leith tar éis iarratas ar chúnamh a theacht ó gach Ballstát nó tríú Stát.

Cruinnithe comhordúcháin, na tíortha ónar tháinig na hiarratais



Figiúr 11

Léirítear sa bhfigiúr an líon uaireanta a raibh údaráis de chuid na mBallstát páirteach i gcruinnithe comhordúcháin de chuid Eurojust maidir le cásanna ar theastaigh comhordúchán ina leith tar éis iarratas a theacht ar chúnamh.

Cruinnithe comhordúcháin, na tíortha lena ndearnadh na hiarratais



Foirgneamh Eurojust Haagse Veste 1

Gach ceart ar cosaint. Ní cheadaítear aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a úsáid in aon bhealach ná ar aon bhealach, go grafaic, go leictreonach ná go meicniúil lena n-áirítear fó-tachóipeáil, taifeadfadh, téipeáil, ná córais stórála agus aisghab-hála faisnéise, gan cead ó Eurojust.

Creidiúintí Grianghraf:
Joannes Thuy, Leen De Zutter & Jacalyn Birk, Eurojust
Michel Mees, An Hág
Zollkriminalamt, Köln, An Ghearmáin

© 2012 Eurojust